



MICHAEL MORPURGO

Capall Cogaidh

Capall Cogaidh

MICHAEL MORPURGO

Leagan Béarla arna chéadfhoilsiú sa bhliain 1982
faoin teideal *War Horse* ag

Egmont UK Limited,
The Yellow Building,
1 Nicholas Road,
Londain, W11 4AN

Cóipcheart téacs © 1982 Michael Morpurgo

Cóipcheart clúdaigh © 2006 ón phóstaer a bhí ann do
léiriú *War Horse* ag an National Theatre
Gach ceart ar cosaint

Dearbhaíonn Michael Morpurgo a cheart morálta a
bheith aitheanta mar údar na hoibre seo

Arna aistriú ag CCEA © 2015 Egmont UK Ltd

Pádraig de Bléine, ar Léachtóir Sinsearach é
le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire
i mBéal Feirste, a d'aistrigh an t-úrscéal seo

Do Lettice

Is iomaí duine a chuidigh liom agus an leabhar seo á scríobh agam. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le Clare agus Rosalind, le Sebastian agus Horatio, le Jim Hindson (tréidlia), le hAlbert Weeks, le Wilfred Ellis, nach maireann, agus leis an Chaptaen Budgett, nach maireann – daoine sna hochtóidí an triúr acu siúd i bparóiste Iddesleigh.

NÓTA ÓN ÚDAR

SA TSEANSCOIL, A MBAINNEANN SIAD ÚSÁID aisti anois mar Halla an tSráidbhaile, tá pictiúr beag lán dusta de chapall ar crochadh faoin chlog a mbíonn bomaite i ndiaidh a deich i gcónaí air. Tá an capall ina sheasamh ansin go maorga, dath donnrua air agus cros bhán shuntasach - ar chlár a éadain agus ceithre rúitín a bhfuil an dath céanna orthu uilig. Tá sé ag amharc amach ón phictiúr go brónach, a chluasa ina seasamh chun tosaigh, a cheann claonta amhail is go raibh sé go díreach i ndiaidh tabhairt faoi deara go raibh muidne inár seasamh ansin.

Do chuid mhaith daoine, áfach, a chaitheann súil air gan mórán suime acu ann nuair a bhíonn an halla

oscailte do chruinnithe an Pharóiste, do shuipéir an fhómhair nó d'óicheanta sóisialta, níl ann ach seanphictiúr ola atá caite go mór de chapall anaithnid le healaíontóir cumasach gan aithne. Tá siad chomh cleachta sin leis an phictiúr nach dtugann siad aird ar bith air. Ach dóibh siúd a chaitheann súil níos géire air, feicfidh siad scríofa air i scríbhinn de phláta copair dubh caite ag bun an fhráma cré umha:

Joey.

*Arna Phéinteáil ag an Chaptaen James Nicholls,
fómhar 1914.*

Níl cuimhne anois ach ag beagán daoine ar an tsráidbhaile ar Joey mar a bhí agus tá líon na ndaoine a bhfuil cuimhne acu air ag dul i laghad ó bhliain go bliain. Tá a scéal scríofa ionas nach ndéanfar dearmad airsean ná orthu siúd a raibh aithne acu air ná ar an chogadh ar tháinig cuid acu tríd agus a bhfuair cuid acu bás ann.

CAIBIDIL 1

IS IAD NA CUIMHNÍ IS LUAITHE ATÁ AGAM ná meascán mearaí de chuibhrinn chnocacha, stáblaí taise dorcha, agus luchóga móra a bhíodh ag rith ar chreataí an tí os mo chionn. Ach is maith is cuimhin liom lá aonaigh na gcapall. Ní dhearna mé dearmad riamh den uafás a bhí ann.

Ní raibh mé ach sé mhí d'aois agus mé i mo shearrach ard tanaí fadchosach nach raibh riamh rófhada ar shiúl óna mháthair. Scaradh óna chéile muid an lá sin i gclampar fháinne an aonaigh agus níor leag mé súil uirthi riamh arís ina dhiaidh sin. Capall breá feirme ar obair a bhí inti, agus í anonn in aois, ach ba léir óna ceathrúna tosaigh agus deiridh

go raibh láidreacht agus urra inti go díreach mar a bheadh capall tarraingthe Éireannach ann. Díoladh taobh istigh de chúpla bomaite í, agus sula dtiocfadh liom í a leanúint isteach trí na geataí, sciobadh ón fháinne í agus as go brách léi. Ach ar dhóigh éigin, ba dheacra fáil réidh liom. B'fhéidir gurbh í an chuma fhiáin i mo shúil ba chúis leis agus mé ag dul thart ar an fháinne ar deargbhuile ar lorg mo mháthar nó b'fhéidir ar an ábhar nach raibh duine ar bith de na feirmeoirí ná den lucht siúil ar lorg searrach fadchosach leathfholúil. Ach cibé cúis a bhí leis ghlac sé tamall fada orthu ag margáil faoi cé chomh beag ab fhiú mé sular chuala mé casúr an cheantálaí á bhualadh agus seoladh mé amach trí na geataí agus isteach i gcró taobh amuigh.

‘Níl caill air ar thrí ghine, an bhfuil? An bhfuil, a dhiabhailín? Níl caill ort ar chor ar bith.’ Bhí an guth garbh agus boladh láidir an óil air, agus ba léir gur le m'úinéir an guth céanna. Ní thabharfaidh mé mo mháistir air, mar ní raibh ach an t-aon fhear amháin riamh ina mháistir orm. Bhí rópa i lámha m'úinéara agus é ag dreapadh isteach sa chró agus triúr nó ceathrar dá chuid cairde dearg-ghnúiseacha á leanúint. Bhí rópa i lámha gach duine acu. Bhain

siad díobh a gcuid hataí agus casóg agus bhí na muinchillí craptha suas acu; agus bhí siad uilig ag gáire agus iad ag teacht faoi mo choinne. Níor leag fear ar bith lámh orm go dtí seo agus chúlaigh mé siar uathu go dtí gur mhothaigh mé barraí an chró taobh thiar díom agus go dtí nach raibh mé ábalta dul siar a thuilleadh. Bhí an chuma ar an scéal gur thug siad fúm go léir ag an am chéanna, ach bhí siad mall agus d'éirigh liom sleamhnú thart orthu agus isteach go lár an chró áit ar thug mé aghaidh orthu arís. Stad siad den gháire anois. Scread mé ar lorg mo mháthar agus chuala mé í ag tabhairt freagra i bhfad ar shiúl uaim. Thug mé rúid i dtreo na freagartha sin, leath ag tabhairt ruathair, leath ag léim thar na ráillí sa dóigh gur bhuaill mé mo chos tosaigh agus mé ag déanamh iarrachta dul tharstu agus gur fágadh ar an trá fholamh mé. Rugadh greim garbh ar mo mhoing agus ar m'eireaball agus mhothaigh mé rópa á theannadh thart ar mo mhuineál sular caitheadh go talamh mé, áit ar coinníodh greim orm agus fear ina shuí ar gach ball de mo chorp, nó mhothaigh sé mar sin. Bhí mé ag streachailt go dtí gur éirigh mé lag, ag ciceáil amach go fíochmhar gach uair a mhothaigh mé iad ag scaoileadh a ngreama, ach bhí barraíocht

acu ann agus bhí siad ró-láidir dom. Mhothaigh mé an t-adhastar ag dul thart ar mo cheann agus á theannadh thart ar m’aghaidh agus ar mo mhúineál. ‘Is mór an trodaí thú, nach mór?’ arsa m’úinéir, ag teannadh an rópa agus draothadh gáire air agus na fiacla teannta ar a chéile. ‘Tá dúil agam sna trodairí. Ach brisfidh mise thú bealach amháin nó bealach eile. Is mór an coileach troda thú, ach beidh tú faoi smacht mo lámhe gan mórán moille.’

Tarraingíodh mé in éadan mo chos ar lánaí agus mé ceangailte le rópa gairid de chúl cairt feirme agus baineadh stangadh as mo mhúineál le gach cor agus casadh sa bhóthar dá dheasca. Faoin am ar bhain muid lána na feirme amach agus ar streachail muid thar an droichead agus isteach i gclós an stábla a bheadh mar áit chónaithe agam, bhí mé spíonta, tuirseach traochta agus bhí m’aghaidh scólta beodhearg le cuimilt an adhastair. Ba é an t-aon chúis sólais a bhí agam an chéad tráthnóna sin, fad is a bhí siad do mo shracadh isteach sna stáblaí, go raibh a fhios agam nach raibh mé liom féin. Seoladh an seanchapall a bhí ag tarraingt na cairte an bealach ar fad ar ais ón mhargadh isteach sa stábla taobh le mo cheann féin. Stop sí le hamharc isteach thar chomhla mo dhonais

agus í ag dul isteach agus rinne seitreach go séimh. Bhí mé ar tí dul ar shiúl ó chúl mo stábla nuair a tharraing m'úinéir nua a shlat anuas ar a taobh le buille chomh fíochmhar sin gur chúlaigh mé siar arís agus go ndearna mé ceirtlín díom féin sa choirnéal i gcoinne an bhalla. ‘Gabh isteach ansin a sheanchapaill bhraidaigh,’ a scairt sé. ‘Crá croí ceart atá ionat a Zoey agus níl mé ag iarraidh ort do sheanchleasa gllice a theagasc don tsearrach seo. Ach sa bhomaite ghairid sin mhothaigh mé splanc de chineáltas agus de chomhbhrón ón tseanláir sin a mhaolaigh an eagla a bhí orm agus a chuir suaimhneas orm.

Fágadh ansin mé gan uisce gan bhia agus é ag spágáil leis thar na clocha duirlinge suas isteach sa teach feirme thall. Chualathas doirse á ndruidim de phlab agus guthanna arda sular chuala mé coiscéimeanna ag rith ar ais trasna an chlóis agus guthanna tógtha ag teacht níos cóngaraí dom. Nochtadh dhá chloigeann ag mo dhoras. Gasúr beag a bhí i nduine acu agus d’amharc sé orm ar feadh tamall fada, agus é do mo mheas go cúramach sular tháinig aoibh mhór an gháire ar a aghaidh. ‘A mháthair,’ ar seisean go stuama. ‘Capall iontach cróga a bheas sa cheann seo. Amharc an dóigh a dtógann sé a cheann.’

Agus ansin, ‘Amharc air, a mháthair, tá sé fliuch go craiceann. Beidh orm é a chuimilt le mo bhosa.’

‘Ach dúirt d’athair gan baint dó, a Albert,’ arsa máthair an ghasúir. ‘Dúirt sé go ndéanfadh sé maitheas dó bheith fágtha leis féin. Dúirt sé leat gan baint dó.’

‘A mháthair,’ arsa Albert, agus an glas a bhí ar leathdhoras an stábla á scaoileadh saor aige. ‘Nuair a bhíonn athair ar meisce ní bhíonn a fhios aige cad é atá sé a rá ná cad é atá sé a dhéanamh. Bíonn sé i gcónaí ar meisce lá aonaigh. Is minic a dúirt tú liom gan aird ar bith a thabhairt air nuair a bhíonn sé mar sin. Tabhair thusa a cuid do Zoey bhocht, a mháthair, agus amharcaidh mé ina dhiaidh. Ó, a mháthair, nach breá an capall é? Tá sé beagnach rua, donnrua a déarfainn, nach ndéarfá féin? Agus tá an chros ar a shrón foirfe. An bhfaca tú riamh capall a raibh cros bhán mar sin air? An bhfaca tú a leithéid riamh? Beidh mé ag marcaíocht ar an chapall sin nuair a bheas sé réidh. Beidh mé ag marcaíocht air gach áit agus ní bheidh capall ar bith eile inchurtha leis, ar fud an pharóiste ná ar fud na tíre, ní bheidh a leithéid ann.’

‘Níl tú ach beagán le cois trí bliana déag, a Albert,’

arsa a mháthair ón stábla taobh leis. ‘Tá seisean ró-óg agus tá tusa ró-óg , agus cibé ar bith, deir athair nach bhfuil cead agat baint dó, mar sin de ná tar chugamsa ag caoineadh má thagann sé ort istigh ansin.’

‘Ach cad chuige faoin spéir ar cheannaigh sé é, a Mháthair?’ a d’fhiafraigh Albert di. ‘Gamhain a bhí de dhíth orainne, nárbh ea? Sin an fáth a ndeachaigh sé chun aonaigh, nárbh é? Gamhain a dtiocfadh leis a bheith ag diúl ar Celandine bhocht?’

‘Tá a fhios agam, a thaisce, ní bhíonn d’athair aige féin nuair a bhíonn sé mar sin,’ arsa a mháthair go séimh. ‘Deir sé go raibh tairiscint á déanamh ag Feirmeoir Easton ar an chapall, agus tá a fhios agat an bharúil atá aige ar an fhear sin i ndiaidh an achrainn a bhí eatarthu maidir leis an sconsa. Tá mé ag déanamh gur cheannaigh sé é sa dóigh nach bhfaigheadh seisean é. Bhuel, sin an chuma atá air i mo bharúilse cibé ar bith.’

‘Bhuel, tá áthas orm gur cheannaigh, a Mháthair,’ arsa Albert, agus é ag siúl i mo threo go mall agus ag baint a chasóg de. ‘Ar meisce nó stuama is é an rud is fearr dá ndearna sé riamh.’

‘Ná labhair mar sin faoi d’athair, a Albert. Tharla cuid mhór dó. Níl sé ceart ná cóir,’ arsa a mháthair.

Ach ní raibh craiceann na fírinne ar a cuid focal.

Bhí Albert chóir a bheith chomh hard céanna liomsa agus labhair sé chomh séimh sin agus é ag teacht i mo threo gur cuireadh ar mo shuaimhneas láithreach mé agus gur músclaíodh mo shuim ann, ach d’fhan mé san áit a raibh mé i gcoinne an bhalla. Baineadh geit asam ar dtús nuair a leag sé a lámh orm ach d’aithin mé láithreach nach raibh dochar ar bith ann. Rinne sé mo dhroim a shlíocadh ar dtús agus ansin mo mhúineál agus é ag caint an t-am ar fad faoin am ar dóigh a bheadh againn le chéile, agus go bhfásfainn aníos i mo chapall is cliste ar chlár na cruinne, agus faoin dóigh a rachadh muid amach a sheilg le chéile. I ndiaidh tamaill, thosaigh sé do mo chuimilt go séimh lena chóta. Chuimil sé mé go dtí go raibh mé tirim agus ansin chuir boiseog bheag d’uisce goirt ar m’aghaidh áit a raibh an craiceann scólta beodhearg. Thug sé isteach cuid féar breá tirim agus buicéad domhain d’uisce fuar. Níl mé ag déanamh gur stad sé de bheith ag caint an t-am ar fad. Agus é ag tiontú thart le dul amach as an stábla ghlaigh mé air gur ghabh mé mo bhuíochas leis agus bhí an chuma ar an scéal gur thuig sé cionn is gur tháinig aoibh mhór an ghéire ar a aghaidh agus

go raibh sé ag slíocadh mo shróine. ‘Réiteoidh muid go maith le chéile, mise agus tusa,’ ar seisean go cineálta. ‘Tabharfaidh mé Joey ort, gan cúis ar bith eile ach amháin go bhfuil rím aige le Zoey agus ansin b’fhéidir, cionn is go bhfóireann sé duit. Beidh mé istigh leat arís ar maidin – agus ná bíodh buaireamh ar bith ort, tabharfaidh mise aire duit. Geallaim duit. Codladh sámh, a Joey.’

‘Níor chóir duit in am ar bith labhairt le capaill, a Albert,’ arsa a mháthair leis ón taobh amuigh. ‘Ní thuigeann siad thú. Is ainmhithe bómánta iad. Ceandána bómánta, sin an rud a deir d’athair, agus tá taithí aige ar chapaill ar feadh a shaoil.’

‘Is é rud go díreach nach dtuigeann athair dóibh,’ arsa Albert. ‘Tá mé ag déanamh go bhfuil eagla air rompu.’

Chuaigh mé anonn chuig comhla an dorais agus d’amharc mé ar Albert agus a mháthair ag siúl leo suas an cnoc agus isteach sa dorchadas. Bhí a fhios agam láithreach ansin gur aimsigh mé cara a bheadh agam go deo, agus d’aithin mé go raibh ceangal cairdis agus ceana ó nádúr eadrainn agus go raibh muinín againn as a chéile. Taobh liom chuir Zoey bhocht a ceann thar chomhla a dorais agus í ag

déanamh iarrachta teagmháil a dhéanamh liom lena srón, ach ní raibh ár sróna gar go leor dá chéile.

CAIBIDIL 2

D’FHÁS MÉ FÉIN AGUS ALBERT ANÍOS LE chéile i rith na ngeimhrí fada agus na samhraí brothallacha a bhí ann. Tá níos mó cosúlachtaí idir searrach bliana agus gasúr óg ná cuma chiotach amscaí.

Nuair nach mbíodh sé ar scoil sa tsráidbhaile, ná amuigh ag obair lena athair ar an fheirm, shiúladh sé romham amach thar na páirceanna agus síos chuig riasc réidh na bhfeochadán cois abhann Torridge. Chuir sé tús le m’oiliúint ar pháosa de thalamh réidh, an t-aon pháosa dá leithéid a bhí ar an fheirm. Bhí sé ag iarraidh orm siúl agus sodar a dhéanamh siar agus aniar ar dtús, agus ina dhiaidh sin tharraing sé

mé bealach amháin agus ansin bealach eile. Ar an bhealach ar ais chun na feirme ba ghnách leis ligean dom é a leanúint ar mo luas féin, agus d'fhoghlaim mé gur chóir dom teacht nuair a dhéanadh sé feadaíl, ní ar mhaithe le bheith géilliúil ach cionn is go raibh mé i gcónaí ag iarraidh a bheith leis. Bhí an fheadaíl a dhéanadh sé cosúil le glaoch stadach an ulchabháin – glaoch a bhí ann a d'fhreagair mé i gcónaí agus nach ndéanfainn dearmad de choíche.

Is minic a bhíodh an t-aon chomrádaí eile agam, Zoey bhocht, ar shiúl an lá ar fad agus í ag treabhadh agus ag fuirseadh, ag baint agus ag tiontú ar an fheirm agus fágadh liom féin mé an chuid is mó den am. Thiocfadh liom cur suas leis seo i rith an tsamhraidh amuigh ar na cuibhrinn ar an ábhar go dtiocfadh liom í a chluinstin i gcónaí ag obair agus go dtiocfadh liom glaoch uirthi ó am go ham, ach faoi ghlas in uaigneas an stábla sa gheimhreadh, thiocfadh leis an lá ar fad dul thart gan duine ná deoraí le feiceáil, ach ab é gur tháinig Albert do mo lorg.

Ba é Albert a thug aire dom mar a gheall sé, agus a chosain mé chomh maith agus a thiocfadh leis ar a athair; agus níorbh é a athair an diabhal ceart a raibh mé ag dúil leis a bheadh ann. Thug sé neamhaird orm

an chuid is mó den am, agus más rud é gur amharc sé orm, ó mhullach go sáil, is de chian a rinne sé é. Ó am go chéile thiocfadh leis bheith measartha cairdiúil fiú, ach ní raibh mé riamh ábalta iomlán mo mhuinín a chur ann, ní i ndiaidh an chéad aithne a chuir mé air. Ní liginn dó riamh teacht róchóngarach dom, agus bhínn ag cúlú uaidh go faiteach i gcónaí go taobh eile an chuibhrinn agus chuirinn Zoey bhocht eadrainn. Thiocfadh leat a bheith ag brath ar athair Albert a bheith stiúgtha ólta gach Máirt, áfach, agus ar theacht ar ais dó chumadh Albert scéal éigin le bheith liom lena chinntiú nach dtiocfadh an t-athair cóngarach dom.

Tharla sé tráthnóna fómhair amháin thart faoi dhá bhliain i ndiaidh domsa teacht chuig an fheirm go raibh Albert thuas sa tsráidbhaile ag bualadh chloigíní na heaglaise. Chuir sé sa stábla mé ar eagla na heagla le Zoey bhocht mar a dhéanadh sé i gcónaí tráthnóna Mháirt. ‘Beidh sibhse níos sábháilte le chéile. Ní thiocfaidh athair isteach le cur isteach oraibh, ní thiocfaidh má bhíonn sibh le chéile,’ a deireadh sé, agus ansin chromadh sé thar chomhla an stábla agus d’amharcadh sé isteach agus mhíníodh sé dúinn cé chomh casta agus a bhí an chloigíneacht

agus faoin dóigh ar tugadh an cloigín mór teanóir dósan de bharr gur shíl siad go raibh sé ina fhear mór go leor cheana féin lena láimhseáil agus go mbeadh sé ar an diúlach ba mhó sa tsráidbhaile roimh i bhfad. Bhí mo chara Albert an-bhródúil as an bhua a bhí aige ar an chloigíneacht agus nuair a bhí mé féin agus Zoey inár seasamh eireaball agus cloigeann le chéile sa stábla a bhí ag éirí dorcha, agus le clapsholas, chuireadh cling na sé chloigín ón eaglais ag teacht trasna na gcuibhreann suaimhneas orainn agus bhí a fhios againn go raibh an ceart ar fad aige a bheith bródúil as féin. Tá sé ar an cheol is uaisle amuigh ar an ábhar go dtig le gach duine a bheith páirteach ann – ní gá dóibh rud ar bith a dhéanamh ach éisteacht leis.

Caithfidh sé go raibh mé i mo chodladh agus mé i mo sheasamh cionn is nár chuala mé é ag teacht, ach go measartha tobann chonacthas scáthanna an laindéir lasta ag damhsa ar chomhla dhoras an stábla agus osclaíodh na glais. Shíl mé ar dtús go mb'fhéidir gurbh é Albert é, ach bhí na cloigíní go fóill á mbualadh, agus ansin chuala mé an guth ar le hathair Albert go cinnte é oíche Mháirt i ndiaidh an aonaigh. Chuir sé an laindéar ar crochadh os cionn an

dorais agus tháinig i mo threo. Bhí slat saileoige aige ina láimh agus bhí dhá thaobh an stábla leis agus é ag teacht i mo threo.

‘Anois, mo dhiabhail bhig bhródúil,’ ar seisean, agus an bhagairt le cluinstitín go soiléir ina ghuth. ‘Tá geall curtha agam nach dtig liom tú a chur ag treabhadh goirt taobh istigh de sheachtain. Síleann Feirmeoir Easton agus an chuid eile ag *The George* nach bhfuil sé ar mo chumas tú a láimhseáil. Ach tabharfaidh mise le fios dóibh. Caitheadh leat mar a bheadh peata beag ann go dtí seo agus tá an t-am anois ann go gcaithfidh tú do chuid a shaothrú. Tá mé ag dul a bhaint triail as roinnt coiléar ort tráthnóna, le teacht ar cheann a fhóireann duit, agus amárach tosóidh muid a threabhadh. Anois thig linn é a dhéanamh ar dhóigh atá múinte nó ar dhóigh atá drochmhúinte. Má thugann tú trioblóid dom bainfidh mé úsáid as an fhuip ortsa go dtí go mbeidh tú ag cur fola.’

Bhí Zoey bhocht eolach go maith ar an chineál duine a bhí ann agus rinne seitreach mar rabhadh, agus í ag cúlú isteach i gcoirnéal dorcha an stábla, ach níor ghá di rabhadh a thabhairt dom mar mhothaigh mé an rún a bhí aige. Bhí mo chroí i mo bhéal le heagla

nuair a chonaic mé é ag tógáil na slaite os mo chionn. Agus eagla mo chraicinn orm, bhí a fhios agam nach dtiocfadh liom rith ar shiúl, cionn is nach raibh áit ar bith ann a dtiocfadh liom dul, mar sin de thiontaigh mé mo dhroim leis agus chiceáil mé amach ar mo chúl. Mhóthaigh mé mo chrúba á bhualadh. Chuala mé scread phianmhar agus thiontaigh mé thart go bhfaca mé é ag lámhacán amach doras an stábla agus é ag tarraingt cos amháin a bhí righin ina dhiaidh agus focail chruálacha díoltais á rá aige faoina fhiacra.

An mhaidin dár gcionn tháinig Albert agus a athair araon amach le chéile chuig na stáblaí. Bhí a athair ag siúl ach é bacach go mór. Bhí gach duine acu ag iompar coiléir agus ba léir go raibh Albert ag caoineadh de bharr go raibh lorg na ndeor le feiceáil ar a leicne bána. Sheas siad beirt le chéile ag doras an stábla. Mhóthaigh mé go raibh Albert níos airde ná a athair cheana féin rud a chuir idir bhród agus áthas an domhain orm agus rud eile de, go raibh aghaidh a athar bán agus rocach le pian. ‘Mura mbeadh do mháthair ag impí orm aréir, a Albert, scaoilfinn an capall sin ar an toirt. Thiocfadh leis mé a mharú. Anois, éist liom go cúramach, mura bhfuil an beithíoch sin ag treabhadh go caol díreach taobh istigh de sheachtain,

díolfar é, agus geallaim duit an méid sin. Braitheann sé ortsa. Deir tú go dtig leatsa smacht a chur air, ach ní thabharfaidh mé ach seans amháin duit. Ní ligfidh sé domsa dul in aice leis. Tá sé fiáin fíochmhar, agus mura nglacann tú an dualgas sin ort féin é a smachtú agus múineadh a chur air taobh istigh de sheachtain, beidh sé ar shiúl. An dtuigeann tú? Caithfidh an capall sin a chuid a shaothrú, ár ndála féin uilig thart anseo – is cuma liom cé chomh suntasach agus atá sé – caithfidh an capall sin an dóigh le hobair a dhéanamh a fhoghlaim. Agus déarfaidh mé rud éigin eile leat, a Albert, más rud é go gcaithfidh mé an geall sin a chailleadh, caithfidh sé imeacht.’ Lig sé don choiléar titim amach as a lámh go talamh agus thiontaigh ar a sháil le himeacht.

‘A athair,’ arsa Albert agus cinnteacht ina ghuth. Cuirfidh mise oiliúint ar Joey – teagascfaidh mise an dóigh le treabhadh a dhéanamh dó go cinnte – ach caithfidh tusa do ghealltanais a thabhairt nach mbuailfidh tú choíche arís le slat é. Ní thig é a smachtú ar an dóigh sin, tá aithne agam air, a Athair. Tá aithne agam air amhail is gurbh é mo dheartháir féin é.

‘Cuir tusa oiliúint air, a Albert, cuir tusa smacht air. Is cuma liom cén dóigh a ndéanann tú é. Níl mé

ag iarraidh fáil amach,’ arsa a athair ar nós cuma liom. Ní rachaidh mé gar don bheithíoch fhiáin sin choíche arís. Is é rud scaoilfinn ar dtús é.’

Ach nuair a tháinig Albert isteach sa stábla níorbh é go raibh sé ag dul mo chuimilt mar a dhéanadh sé de ghnáth, ná labhairt liom go séimh. Ina ionad sin shiúil sé a fhad liom agus d’amharc go géar idir an dá shúil orm. ‘Bhí an rud a rinne tú damanta bómánta,’ ar seisean go dian. ‘Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh teacht slán as seo, a Joey, beidh ort rudaí a fhoghlaim. Níor chóir duit ciceáil a thabhairt do dhuine ar bith choíche arís. Tá sé iomlán dáiríre, a Joey. Scaoilfeadh sé thú i bhfaiteadh na súl ach ab é Máthair. Ba í Máthair a shábháil tú. Ní éistfeadh sé liomsa agus ní éistfidh choíche. Mar sin de, ná déan é choíche arís, a Joey. Choíche.’ Tháinig athrú ar a ghuth anois agus labhair sé ar a ghnáthdhóigh. ‘Tá seachtain amháin againn a Joey, níl againn ach seachtain le tú a chur a threabhadh. Tá a fhios agam go sílfidh tú go bhfuil a leithéid d’obair drochmheasúil do chapall folúil, ach is é sin go díreach an rud a chaithfidh tú a dhéanamh. Tá Zoey bhocht agus mise ag dul a chur oiliúint ort; agus obair thar a bheith deacair a bheas ann – níos deacra arís duitse cionn is nach bhfuil do chorp

fóirsteanach di. Níl tú mór go leor go fóill. Níl bheidh mórán dúile agat ionam faoin am a mbeidh sé thart, a Joey. Ach déanann athair beart de réir a bhriathair. A luaithe atá rud éigin socraithe ina cheann aige, níl dul siar air. Dhíolfadh sé thú, scaoilfeadh sé thú fiú sula gcaillfeadh sé an geall, agus sin chomh cinnte agus atá ceann ar do mhúineál.

An mhaidin chéanna, agus an ceo go fóill ina luí ar na cuibhrinn, agus mé ceangailte taobh le Zoey bhocht le coiléar a bhí curtha go scaoilte thar mo ghuaillí, seoladh amach mé chuig an Ascaill Fhada agus cuireadh tús le hoiliúint a chur orm le bheith i mo chapall feirme. Agus muid ag tarraingt le chéile den chéad uair chuimil an coiléar mo chraiceann agus chuaigh mo chosa go domhain isteach sa talamh bhog leis an iarracht a bhí mé a dhéanamh. Taobh thiar díom, bhí Albert ag scairteadh gan stad gan staonadh beagnach, agus ag díriú fuipe orm nuair a bhí mé stadach nó nuair a d'imigh mé ar fiar den iomaire, nó nuair a mhothaigh sé nach raibh mé ag déanamh mo dhíchill – agus bhí a fhios aige. Albert eile a bhí ann. Bhí na focail shéimhe agus cineáltas an ama a chuaigh thart, bhí deireadh leo. Bhí a ghuth garbh borb, guth nach ligfeadh dom diúltú a

thabhairt do rud ar bith. Bhrúigh Zoey bhocht í féin isteach ina coiléar agus tharraing sí go tostach, a cloigeann fúithi, ag brú a gcrúb isteach sa talamh. Ar mhaithe léi agus ar mhaithe liom féin, agus ar mhaithe le Albert fosta, bhrúigh mé féin an méid a bhí i mo chraiceann isteach sa choiléar agus thosaigh a tharraingt. D’fhoghlaim mé i rith na seachtaine sin bunrialacha an treafa mar a threabhann capall feirme. Bhí mé nimhneach ó mhullach go sáil leis an iarracht uilig; ach i ndiaidh oíche mhaith de scíth agus mé sínte siar sa stábla bhí mé lán fuinnimh agus réidh le dul ar obair arís an mhaidin dár gcionn.

Gach lá agus mé ag déanamh dul chun cinn agus muid ag tosú a threabhadh mar a bheadh foireann ann, bhíodh Albert ag baint níos lú úsáid as an fhuip agus bhíodh sé ag labhairt níos séimhe liom arís, go dtí go raibh mé cinnte de go raibh sé beagnach chomh ceanúil chéanna orm faoi dheireadh na seachtaine. Tráthnóna amháin nuair a chríochnaigh muid ag treabhadh an chinnfhearainn thart ar an Ascaill Fhada, bhain sé an céachta dinn agus chuir lámh thart ar gach capall againn. ‘Tá gach rud go breá anois, tá sé déanta agaibh, a thaiscí. Tá sé déanta agaibh,’ ar seisean. ‘Níor inis mé daoibh, mar ní raibh mé ag

iarraidh a chur isteach oraibh, ach bhí Athair agus Feirmeoir Easton ag amharc orainn ón teach tráthnóna inniu.’ Bhí sé dár slíocadh ar chúl na gcluas agus ag cuimilt ár srón. ‘Bhain Athair an geall agus d’inis sé dom ag am bricfeasta go ndéanfadh sé dearmad iomlán den eachtra dá gcríochnódh muid treabhadh an ghoirt inniu, agus go dtiocfadh leatsa fanacht anseo a Joey. Mar sin de, d’éirigh leat a thaisce agus tá mé chomh bródúil sin asat go dtiocfadh liom póg a thabhairt duit a amadáin, ach ní thabharfaidh mé agus iadsan ag amharc orainn. Ligfidh sé duit fanacht anois, tá mé cinnte de go ligfidh. Cuireann m’athair lena fhocal, thig leat a bheith cinnte de sin – a fhad agus a bhíonn sé stuama.’

Níor thosaigh Albert a labhairt linn faoin chogadh go dtí roinnt míonna ina dhiaidh sin. Bhí muid ar an lána íochtarach faoi dhuilliúr a théann isteach i gclós na feirme agus muid ar ár mbealach ar ais ó bhaint an fhéir sa Chluain Mhór. Stad sé de bheith ag feadaíl i lár poirt. ‘Deir Máthair go bhfuil an chuma ar an scéal go mbeidh cogadh ann,’ ar seisean go brónach. ‘Níl a fhios agam cad é faoi a bhfuil sé, Seandiúc éigin ar scaoileadh urchar leis in áit éigin. Ní thuigim cén fáth a mbaineann sé sin linne, ach mar sin féin,

deir sise go mbeidh muidne páirteach ann. Ach ní bhainfidh sí linn, ní thíos anseo. Rachaidh muidne ar aghaidh mar a bhí. Tá mise ró-óg le bheith páirteach ann ar scor ar bith agus mé cúig bliana déag d’aois – bhuel, is é sin an rud a dúirt sí cibé ar bith. Ach inseoidh mé é seo duitse, a Joey, dá mbeadh cogadh ann ba mhaith liom a bheith páirteach ann. Sílim go mbeinn i mo shaighdiúir maith, nach síleann tú féin? Bheadh cuma bhreá orm agus mé gléasta in éide chatha, nach mbeadh? Agus bhí sé de mhian agam i gcónaí máirseáil le buille banna ceoil. An dtig leat é sin a shamhlú, a Joey? An méid sin ráite, bheifeá féin i do chapall cogaidh an-mhaith, nach mbeifeá, dá mba rud é go ligfeá do dhuine a bheith ag marcaíocht ort chomh maith agus a tharraingíonn tú, agus tá a fhios agamsa go ligfeá. Péire an-mhaith a bheas ionainn. Go bhfóire Dia ar na Gearmánaigh más rud é go gcaithfidh siad dul a throid inár n-éadan.’

Tráthnóna te samhraidh, i ndiaidh lá fada lán dusta sna goirt, bhí mé ag alpadh mo chuid maistreáin agus coirce, agus Albert do mo chuimilt go fóill le tuí agus é ag caint leis faoin fharasbarr tuí mhaith a bhí acu faoi choinne mhíonna an gheimhridh, agus faoi cé chomh maith agus a bheadh tuí na cruithneachta

faoi choinne tuíodóireachta a bheadh le déanamh acu, nuair a mhothaigh mé coiscéimeanna troma a athar ag teacht trasna an chlóis inár dtreo. Bhí sé ag scairteadh amach agus é ag déanamh orainn. ‘A Mháthair,’ ar seisean in ard a chinn.’ ‘A Mháthair, tar amach anseo a Mháthair.’ A ghuth céillí a bhí ann, a ghuth stuama, guth nach raibh eagla orm roimhe. ‘Cogadh atá ann, a Mháthair. Tá mé go díreach i ndiaidh é sin a chluinstin sa tsráidbhaile. Tháinig fear an phoist isteach tráthnóna agus an scéal sin leis. Tá na diabhair i ndiaidh máirseáil isteach sa Bheilg. Níl dul siar air anois. D’fhógair muid inné ar a haon déag a chlog go mbeadh cogadh ann. Tá muid ag cur cogaidh ar na Gearmánaigh. Tabharfaidh muid a sáith dóibh agus ní thógfaidh siad dorn in éadan dream ar bith eile choíche arís. Beidh sé uilig thart taobh istigh de roinnt míonna. Bhí sé i gcónaí amhlaidh. Síleann siad go bhfuil an leon Sasanach marbh cionn is go bhfuil sé go díreach ina shuan. Gheobhaidh siadsan a gcíoradh, a Mháthair – gheobhaidh cinnte agus ní dhéanfaidh siad dearmad de.’

Stad Albert de bheith do mo scuabadh agus thit an tuí as a láimh go talamh. Bhog muid anonn chuig doras an stábla. Bhí a mháthair ina seasamh ar na

céimeanna in aice le doras theach na feirme. Bhí a lámh ag a béal aici. ‘Ó a Dhia dhílis,’ ar sise go séimh. ‘Ó a Dhia dhílis.’

CAIBIDIL 3

DIAIDH AR NDIAIDH I RITH AN TSAMHRAIDH dheireanaigh sin ar an fheirm, chomh malltriallach sin is ar éigean a thug mé faoi deara é, thosaigh Albert a dhul a mharcaíocht orm amuigh ar an fheirm le súil a choinneáil ar na caoirigh. Leanadh Zoey bhocht inár ndiaidh agus ba ghnách liom stopadh anois agus arís le bheith cinnte de go raibh sí linn i gcónaí. Ní cuimhin liom fiú an chéad uair a chuir sé diallait orm, ach caithfidh go ndearna sé am éigin é mar nuair a fógraíodh an cogadh an samhradh sin, bhí Albert ag marcaíocht orm amach chuig na caoirigh gach maidin agus beagnach gach tráthnóna i ndiaidh a chuid oibre. D'éirigh mé eolach ar gach lána sa pharóiste,

siosarnach gach crann darach agus gach geata á dhruim de phlab. Thógadh muid steallóga uisce as an tsruthán i gCoill Chaoin agus bhíodh muid ag rith go callánach suas Ard Raithin thall. Nuair a bhíodh Albert ag marcaíocht orm ní choinníodh sé srian orm ach mo cheann a ligean liom, ní bhíodh tarraingt thobann ann ar an bhéalbhach, ach i gcónaí bhíodh sé ag brú a ghlúine le chéile go deas réidh agus ba leor na sála a thabhairt dom le hinsint dom cad é ba mhaith leis mé a dhéanamh. Sílim go dtiocfadh leis bheith ag marcaíocht orm gan an méid sin a dhéanamh cionn is go raibh tuiscint mhór againn ar chéile. Nuair nach mbíodh sé ag caint liom, bhíodh sé ag feadaíl nó ag rá amhráin i rith an ama, agus ba chosúil go gcuireadh sé sin ar mo shuaimhneas mé.

Is ar éigean a chuir an cogadh isteach ná amach orainne ar an fheirm ag an tús. Seoladh mé féin agus Zoey bhocht isteach sna goirt go luath gach maidin le hobair a dhéanamh cionn is go raibh an oiread sin féar le tiontú agus le cruachadh don gheimhreadh. Buíochas do Dhia, ba é Albert a bhí i gceannas ar bhunús obair na gcapall ar an fheirm, agus a athair ag tabhairt aire do na muca, do na bulláin, ag coinneáil súil ar na caoirigh, ag deisiú na gclaíocha agus ag

tochailt na ndíog thart ar an fheirm, sa dóigh nach bhfaca muid é ach ar feadh cúpla bomaite gach lá. Ach cé go raibh gnáthchúrsaí an lae ag dul ar aghaidh mar a bhíodh, bhí teannas sa bhreis le mothú ar an fheirm, agus thosaigh mé a mhothú go raibh tubaiste i ndán dúinn. Bhíodh argóintí móra fada sa chlós, uaireanta idir athair Albert agus a mháthair, ach aisteach go leor, níos minice ná a chéile idir Albert agus a mháthair.

‘Níor chóir duit an locht a chur airsean, a Albert,’ ar sise leis maidin amháin, agus í ag tabhairt léasadh teanga dó taobh amuigh de dhoras an stábla. ‘Rinne sé é ar do shonsa, bíodh a fhios agat. Nuair a thairg an Tiarna Denton an fheirm a dhíol leis, tá deich mbliana ó shin, fuair sé morgáiste sa dóigh go mbeadh feirm agatsa nuair a thiocfadh ann duit. Agus is é an morgáiste is cúis leis an imní mhór atá air agus lena chuid ólacháin. Mar sin de, mura mbíonn sé aige féin ó am go ham, níl call ar bith duitse bheith ag dul dó. Níl sé chomh sláintiúil agus a bhíodh agus ní thig leis an oiread céanna oibre a dhéanamh ar an fheirm agus a dhéanadh sé. Tá breis agus caoga bliain d’aois slánaithe aige, bíodh a fhios agat – síleann páistí nach mbíonn a n-aithreacha óg ná aosta. Agus ar a

bharr sin, tá cogadh ann. Cuireann an cogadh inní air, a Albert. Tá inní air go dtiocfaidh laghdú ar na praghsanna, agus sílim ina chroí istigh go síleann sé féin gur chóir dó bheith ina shaighdiúir sa Fhrainc – ach tá sé ró-aosta dá leithéid. Caithfidh tú iarracht a dhéanamh bheith tuisceanach dó, a Albert. Tá an méid sin tuillte aige.’

‘Ní ólann tusa, a Mháthair,’ a d’fhreagair Albert go fíochmhar. ‘Agus tá rudaí ag cur buartha ortsa chomh mór céanna agus atá siad ag cur buartha airsean, agus cibé ar bith, dá n-ólfá ní chuirfeá isteach orm ar an dóigh a gcuireann seisean isteach orm. Déanaimse an méid oibre agus a thig liom, agus tuilleadh, agus go fóill féin, ní stadann sé de bheith ag gearán nach bhfuil an rud seo ná an rud siúd déanta. Bíonn sé ag gearán gach uair a thugaim Joey amach tráthnóna, ní bhíonn sé fiú sásta agus mé ag dul amach ag cloigíneacht uair sa tseachtain. Níl ciall ar bith leis, a Mháthair.’

‘Tá a fhios agamsa, a Albert,’ arsa a mháthair ar dhóigh níos séimhe, ag tógáil a láimhe ina lámha féin. ‘Ach caithfidh tú an mhaitheas a fheiceáil ann. Is fear maith é – gan dabht ar bith. Tá cuimhne agat air a bheith mar sin, nach bhfuil?’

‘Tá a Mháthair, tá cuimhne agam air mar sin,’ a d’admhaigh Albert, ‘ach nár dheas mura mbeadh sé i gcónaí ag tabhairt amach faoi Joey mar a bhíonn sé. I ndeireadh na dála, saothraíonn Joey a chuid anois agus tá am saor de dhíth air lena scíth a ligean, go díreach mar a ligim féin.’

‘Ar ndóigh a thaisce,’ ar sise, agus é á thabhairt léi ar ghreim uillinne suas i dtreo theach na feirme, ‘ach tá a fhios agat an dóigh a mothaíonn sé faoi Joey, nach bhfuil a fhios agat? Cheannaigh sé é agus goimh mhór air agus tá aiféala air ó shin. Mar a deir sé féin, níl de dhíth orainn i ndáiríre ach capall amháin don obair fheirme, agus itheann an capall sin agat luach mór airgid. Is é sin an rud a chuireann inní air. Na feirmeoirí agus na capaill, is é an scéal céanna i gcónaí é. Bhí m’athair féin mar an gcéanna. Ach tiocfaidh sé chuige féin má bhíonn tú cineálta leis – tá a fhios agam go dtiocfaidh.’

Ach is beag comhrá a bhí idir Albert agus a athair a thuilleadh na laethanta seo, agus bhain an bheirt acu úsáid as máthair Albert mar eadránaí, mar a bheadh idirghabhálaí ann, i bhfad níos minice. Maidin Chéadaoin a bhí ann gan an cogadh ach roinnt seachtainí ar an tsaol, agus máthair Albert ag

iarraidh a bheith ina headránaí acu arís sa chlós taobh amuigh. Tháinig athair Albert abhaile ón aonach an oíche roimhe agus é ar meisce mar ba ghnách. Dúirt sé go ndearna sé dearmad an torc a fuair sé ar iasacht le freastal ar na cránacha agus ar na céasóga a thabhairt ar ais. D'iarr sé ar Albert é a dhéanamh, ach dhiúltaigh sé scun scan agus tharla argóint. Dúirt athair Albert ‘go raibh gnóthaí le déanamh aige’ agus mhaígh Albert go raibh air na stáblaí a ghlanadh amach.

‘Ní ghlacfaidh sé sin ach leathuair an chloig ort, a thaisce, an torc a thiomáint síos an gleann go Fursden,’ arsa máthair Albert go gasta, ag iarraidh craiceann níos fearr a chur ar an scéal.

‘Maith go leor,’ a ghéill Albert, rud a dhéanadh sé i gcónaí nuair a dhéanadh a mháthair rudaí a shocrú eatarthu mar níor mhaith leis cur isteach uirthi. ‘Déanfaidh mé duitse é, a Mháthair. Ach ar an choinníoll go dtig liom Joey a thabhairt amach tráthnóna. Ba mhaith liom bheith ag seilg leis an geimhreadh seo romhainn agus caithfidh mé é a dhéanamh aclaí.’ D’fhan athair Albert ina thost agus níor tháinig focal as a bhéal, agus ansin mhothaigh mé go raibh sé ag amharc orm idir an dá shúil.

Thiontaigh Albert, rinne mé a shlíocadh go séimh ar an tsrón, thóg maide ón charnán broсна a bhí taobh leis an bhothán adhmaid agus rinne a bhealach síos chuig cró na muc. Cúpla bomaite ina dhiaidh sin chonaic mé é ag tiomáint an toirc mhóir bháin dhuibh amach agus síos an cosán feirme i dtreo an lána. Ghlaoiigh mé air ach níor thiontaigh sé thart.

Anois dá mbíodh athair Albert le teacht isteach sa stábla ar chor ar bith, bhíodh sé i gcónaí le Zoey bhocht a sheoladh amach. Níor bhain sé dom na laethanta seo. Chuireadh sé diallait ar Zoey amuigh sa chlós agus théadh sé a mharcaíocht amach sna cnoic os cionn theach na feirme le súil a choinneáil ar na caoirigh. Mar sin de, ní raibh rud ar bith as an ghnáth nuair a tháinig sé isteach sa stábla an mhaidin sin gur sheol sé Zoey amach as. Ach nuair a tháinig sé ar ais isteach sa stábla ina dhiaidh sin agus an béal bán aige agus nuair a shín sé buicéad coirce a raibh boladh breá blasta air chugam, d'éirigh mé amhrasach ar an toirt. Ach fuair an coirce agus mo chuid fiosracha an lámh in uachtar ar mo chiall agus bhí sé in ann adhastar a shleamhnú thar mo cheann sula dtiocfadh liom mé féin a tharraingt siar uaidh. Bhí a ghuth séimh cineálta, rud nach raibh de ghnáth

agus é ag teannadh an adhastair agus ag síneadh a láimhe amach le mo mhuineál a shlíocadh. ‘Beidh tú go breá, a mhic,’ ar seisean go séimh. ‘Beidh tú go breá. Tabharfaidh siad aire duit, gheall siad go dtabharfadh. Agus tá an t-airgead de dhíth orm, a Joey, tá an t-airgead de dhíth orm go géar.’

CAIBIDIL 4

AGUS É AG CEANGAL RÓPA MÓR FADA DEN adhastar thug sé mé amach as an stábla. Chuaigh mé leis cionn is go raibh Zoey amuigh ansin ag amharc siar thar a gualainn orm agus bhí mé i gcónaí sásta dul áit ar bith agus le duine ar bith a fhad agus a bhíodh sí liom. Thug mé faoi deara go raibh athair Albert ag labhairt de ghlór íseal an t-am ar fad agus ag amharc thart air féin mar a bheadh gadaí ann.

Is cinnte go raibh a fhios aige go leanfainn Zoey bhocht, cionn is gur cheangail sé dá diallait mé agus shiúil leis an bheirt againn go ciúin amach as an chlós síos an cosán agus anonn an droichead. Chuaigh sé in airde go gasta ar dhroim Zoey nuair a

bhí muid ar an lána agus chuaigh muid ag sodar suas an cnoc agus isteach go dtí an sráidbhaile. Focal níor labhair sé le ceachtar againn. Bhí seanaithe agam ar an bhóthar ar ndóigh mar bhí mé air minic go leor le Albert agus leoga bhí dúil agam dul air cionn is go mbíodh deis ann i gcónaí bualadh le capaill eile agus daoine eile a fheiceáil. Is go gairid roimhe sin sa tsráidbhaile a chonaic mé gluasteán den chéad uair taobh amuigh d'Oifig an Phoist agus bhí mo chroí i mo bhéal le heagla nuair a chuaigh sé thart go callánach, ach d'fhan mé socair agus is cuimhin liom go ndearna Albert mé a chur ar mo shuaimhneas ina dhiaidh sin. Anois, áfach, agus muid ag tarraingt ar an tsráidbhaile thiocthadh liom roinnt gluasteán a fheiceáil ina seasamh cóngarach don fhaiche agus bhí scaifte fear agus capall ann chomh mór agus a chonaic mé riamh. Cé go raibh sceitimíní áthais orm, is cuimhin liom gur tháinig inní mhór orm agus muid ag sodar isteach sa tsráidbhaile.

Bhí fir gléasta in éide chaicí i ngach aon áit; agus de réir mar a tháinig athair Albert anuas agus gur sheol sé muid thart leis an eaglais i dtreo na faiche thosaigh buíon cheoil a sheinm máirseáil spleodrach spreagúil. Bhí bualadh an dord-druma mhóir le cluinstitín ar fud

an tsráidbhaile agus bhí páistí le feiceáil gach áit, cuid acu ag máirseáil suas agus síos, scuab urláir thar a nguailí acu agus cuid acu ag gobadh amach trí fhuinneoga agus bratacha á gcroitheadh acu.

Agus muid ag tarraingt ar chrann na brataí i lár na faiche áit a raibh bratach na Breataine crochta gan corraí aisti faoi sholas in éadan chrann bán na brataí, bhrúigh oifigeach a bhealach tríd an slua inár dtreo. Fear ard uasal a bhí ann. Bhí triús marcaíochta agus crios Sam Browne air, agus bhí claíomh airgid ag a thaobh. Chroith sé lámh le hathair Albert. ‘Dúirt mé leat go dtiocfainn, a Chaptaein Nicholls, a dhuine uasail,’ arsa athair Albert. ‘Tá mé anseo cionn is go bhfuil an t-airgead de dhíth orm, an dtuigeann tú. Ní scarfainn le capall mar seo ach ab é nach raibh rogha ar bith agam.’

‘Bhuel, a fheirmeoir,’ arsa an t-oifigeach, agus é ag claonadh a chinn le buíochas agus é ag amharc orm. ‘Shíl mise nach raibh ann ach áibhéil nuair a labhair muid le chéile trathnóna aréir in *The George*. “An capall is breátha sa pharóiste”, a dúirt tú, ach is é sin an rud a deir gach duine. Ach tá an ceann seo difriúil le ceann ar bith eile – thig liom an méid sin a fheiceáil.’ Agus chuimil sé mo mhuineál go séimh

agus scríob sé mé ar chúl mo chluas. Bhí a lámh agus a ghuth araon cineálta agus níor chúlaigh mé uaidh. ‘Is fíor duit, a fheirmeoir, bheadh sé ina chapall breá marcaíochta do reisimint ar bith agus bheadh an-áthas orainn é a bheith againn – níor mhiste liom féin a bheith ag marcaíocht air. Níor mhiste, níor mhiste liom ar chor ar bith. Má bhíonn sé chomh maith agus an chuma atá air, bheadh sé fóirsteanach go maith domsa. Ainmhí a bhfuil cuma bhreá air, gan aon dabht.’

‘Íocfaidh tú daichead punt liom, a Chaptaein Nicholls, mar a gheall tú dom inné?’ arsa athair Albert de ghlór a bhí thar a bheith íseal, amhail is nach raibh sé ag iarraidh go gcluinfadh aon duine eile é. ‘Ní thig liom scaradh leis ar phingin níos lú ná sin. Caithfidh mise maireachtáil fosta.’

‘Sin an méid a gheall mé duit tráthnóna aréir, a fheirmeoir,’ arsa Captaen Nicholls, agus é ag oscailt mo bhéil gur scrúdaigh sé mo chuid fiacla. ‘Capall breá óg atá ann, muineál láidir air, fiarghualainn, rúitíní díreacha. An bhfuil mórán oibre déanta aige? Ar thug tú amach ag seilg go fóill é, ar thug?’

‘Bíonn mo mhac ag marcaíocht air gach lá,’ arsa athair Albert. ‘Téann sé mar a bheadh capall rása

ann, léimeann mar a bheadh capall seilge ann a deir sé liom.’

‘Bhuel,’ arsa an t-oifigeach, ‘a fhad agus a deir ár dtréidlia go bhfuil sé breá aclaí ina scamhóga agus ina chosa, beidh an daichead punt agat, mar a shocraigh muid.’

‘Ní thig liom moill a chur orm féin, a dhuine uasail,’ arsa athair Albert, agus é ag tabhairt spléachadh siar thar a ghualainn.’ Caithfidh mé dul abhaile. Caithfidh mé mo chuid oibre a dhéanamh.’

‘Bhuel, tá muid gnóthach sa tsráidbhaile leis an earcaíocht agus le rudaí a cheannach chomh maith. ‘Ach beidh muid chomh gasta agus a thig linn duit. Is fíor go bhfuil níos mó óglach maith ná mar atá capaill mhaithe sa taobh seo tíre, agus ní gá don tréidlia na fir a scrúdú, an gá? Fan thusa anseo, ní bheidh mé ach cúpla bomaite.’

Thug an Captaen Nicholls mé ar shiúl faoi áirse os comhair an tí tábhairne agus isteach i ngarraí mór thall, áit a raibh fir gléasta i gcótaí bána agus cléireach faoi éide ina shuí ag tábla ag breacadh síos nótaí. Shíl mé gur chuala mé Zoey bhocht ag glaoch orm, mar sin de ghlaigh mé ar ais uirthi lena cur ar a suaimhneas í cionn is nár mhothaigh mé go

raibh contúirt ar bith ann ag an bhomaite sin. Bhí mé róthógtha leis na rudaí a bhí ag dul ar aghaidh thart orm. Labhair an t-oifigeach go séimh liom agus muid ag siúl ar aghaidh, mar sin de shiúil mé liom go fonnmhar. Fear beag fuadrach a bhí sa tréidlia, a raibh croiméal mór dubh air. Sháigh sé a mhéara ionam gach áit, thóg mo chosa le scrúdú a dhéanamh orthu – rud a chuir míshuaimhneas orm – agus ansin d’amharc go géar orm sna súile agus sa bhéal agus bholaigh sé m’anáil. Ansin cuireadh mé ag sodar thart agus thart an garraí go dtí gur fhógair sé gur sampla de chapall foirfe a bhí ionam. ‘Tá sláinte an bhradáin aige. Réidh do rud ar bith, marcshlua nó gunnaí móra,’ ba iad sin na focail a dúirt sé. ‘Níl tinneas lorga ná speire air, agus tá cosa agus fiacla maithe aige. Ceannaigh é, a Chaptaein,’ ar seisean. ‘Is ceann maith é.’

Seoladh ar ais chuig athair Albert mé. Ghlac seisean leis na nótaí a thairg an Captaen Nicholls dó, agus sháigh sé go gasta isteach i bpóca a bhríste iad. ‘Tabharfaidh tú aire dó, a dhuine uasail?’ ar seisean. ‘Ní ligfidh tú dó a bheith i mbaol? Tá mo mhac an-cheanúil air, an dtuigeann tú?’ Shín sé a lámh amach gur shlíoc sé mo shrón léi. Bhí deora ag borradh aníos

ina shúile. Ag an bhomaite sin is beag a shíl mé féin gur fear deas a bhí ann. ‘Beidh tú go breá, a mhic,’ ar seisean liom de chogar. ‘Ní thuigfidh tusa ná Albert ach oiread, ach mura ndíolaim thú ní bheidh mé in ann an morgáiste a íoc agus caillfidh muid an fheirm dá bharr. Chaith mé go dona leat – chaith mé go dona le gach duine. Tá a fhios agam é agus tá mé iontach buartha faoi sin.’ Agus shiúil sé uaim agus Zoey á leanúint. Bhí a chloigeann faoi agus bhí an chuma air anois gur fear briste a bhí ann.

Ba é sin an uair a thuig mé go rabhthas do mo thréigean agus thosaigh mé a sheitreach, seitreach ghéar phianmhar agus scread léanmhar a chualathas ar fud an tsráidbhaile. Cé go mbíodh Zoey bhocht umhal agus séimh, stad sí an iarraidh seo agus ní bhogfaí ar aghaidh í is cuma cé chomh láidir agus a bhí athair Albert ag tarraingt uirthi. Thiontaigh sí, bhain corraí as a ceann agus d’fhág slán agam de ghlór ard. Ach d’éirigh glór a caointe níos laige agus tarraingíodh ar shiúl faoi dheireadh í agus as mo radharc. Rinne lámha cineálta iarracht mé a cheansú ach bhí mé docheansaithe.

Is beag go raibh mo mhisneach go léir cailte agam, nuair a chonaic mé chugam Albert ag rith suas

tríd an tslua i mo threo, dath dearg ar a aghaidh mar gheall ar oibriú a cholainne. Stad an bhuíon cheoil ag seinm agus bhí gach duine sa tsráidbhaile ag amharc agus é ag teacht i mo threo gur chuir sé a lámha thar mo mhuineál.

‘Dhíol sé é, nár dhíol?’ ar seisean go ciúin, ag amharc suas ar an Chaptaen Nicholls a raibh greim láimhe aige orm. ‘Is liomsa é Joey. Is é mo chapall é agus is liomsa i gcónaí é, is cuma cé a cheannaíonn é. Ní thig liom cosc a chur ar m’athair é a dhíol, ach má théann Joey leatsa, tá mise ag dul fosta. Ba mhaith liom dul isteach san arm agus fanacht leis.

‘Tá spiorad maith an tsaighdiúra ionatsa, a stócaigh,’ arsa an t-oifigeach, ag baint de a chaipín speiceach agus ag cuimilt chlár a éadain le cúl a láimhe. Bhí gruaig dhubh chatach air agus cuma chineálta fháilteach ar a aghaidh. ‘Tá an spiorad ionat ach níl tú aosta go leor. Tá tú ró-óg agus tá a fhios agat sin. Is é seacht mbliana déag an aois is óige atá ceadaithe againn. Tar ar ais i gceann bliain nó dhó agus feicfidh muid ansin.’

‘Tá an chuma orm go bhfuil mé seacht mbliana déag d’aois,’ arsa Albert, agus é a bheag nó a mhór ag impí air. ‘Is airde mé ná cuid mhór de na daoine atá

seacht mbliana déag.’ Ach bhí a fhios aige fiú agus é ag caint go raibh a shaothar in aisce. ‘Ní ligfidh tú dom dul isteach mar sin, a dhuine uasail? Fiú le bheith ag obair mar ghasúr stábla? Déanfaidh mé rud ar bith, rud ar bith faoin spéir.’

‘Cad is ainm duit, a stócaigh?’ a d’fhiafraigh an Captaen Nicholls de.

‘Narracott, a dhuine uasail. Albert Narracott is ainm dom.’

‘Bhuel, a Uasail Narracott. Tá mé buartha nach dtig liom cuidiú leat.’ Chroith an t-oifigeach a cheann agus chuir a chaipín air féin arís. ‘Tá mé buartha a stócaigh, rialacha. Ach ná bí thusa buartha faoi Joey s’agatsa. Tabharfaidh mise aire mhaith dó go dtí go mbeidh tusa réidh le dul isteach san arm linn. Tá scoth na hoibre déanta agat leis. Ba chóir duit a bheith bródúil as – is capall den scoth é, ach bhí an t-airgead de dhíth ar d’athair don fheirm, agus ní féidir feirm a choinneáil ag dul gan airgead. Tá mé cinnte go dtuigeann tú an méid sin. Taitníonn do spiorad liom, mar sin nuair a bheidh tú aosta go leor beidh ort teacht agus dul isteach sa Mharcshlua. Beidh fir cosúil leatsa de dhíth orainn, agus tá eagla orm gur cogadh fada a bheas ann, níos faide ná mar

a shíleann daoine a bheas sé. Luaigh m’ainm. Is mise an Captaen Nicholls, agus bheadh an-áthas orm tú a bheith linn.’

‘Níl bealach ar bith ann mar sin?’ a d’fhiafraigh Albert. ‘Ní thig liom a dhath a dhéanamh?’

‘A dhath,’ arsa an Captaen Nicholls. ‘Is leis an arm do chapall anois agus tá tusa ró-óg le dul isteach san arm. Ná bí buartha – tabharfaidh muid aire mhaith dó. Tabharfaidh mise aire phearsanta dó, agus geallaimse sin duit.’

Chuimil Albert mo shrón mar a rinne sé go minic dom agus shlíoc sé mo chluas. Bhí iarracht á déanamh aige aoihb an gháire a chur air féin ach níor éirigh leis. ‘Tiocfaidh mé ort arís, a amadáin,’ ar seisean go ciúin. ‘Cibé áit a mbeidh tú, tiocfaidh mise ort, a Joey. Tabhair aire mhaith dó le do thoil a dhuine uasail, go dtiocfaidh mé air arís. Níl a mhacasamhail de chapall ann, níl ar chlár na cruinne – gheobhaidh tú an méid sin amach. Abair go ngeallann tú dom?’

‘Geallaimse duit,’ arsa an Captaen Nicholls. ‘Deanfaidh mé mo sheacht ndícheall.’ Agus thiontaigh Albert gur imigh sé uaim tríd an tslua go dtí nach dtiocfadh liom é a fheiceáil níos mó.

CAIBIDIL 5

SNA SEACHTAINÍ BEAGA SULA NDEACHAIGH mé ar shiúl isteach sa chogadh thiocfadh athrú orm ó chapall oibre ar an fheirm go capall de chuid an mharcshlua. Ní athrú furasta a bhí ann ar chor ar bith, mar bhí dearg-ghráin agam ar rialacha dochta díana na scoile marcaíochta agus ar na huaireanta teo crua amuigh i mbun inlíochtaí ar an Mhachaire. B’aoibhinn liom agus mé sa bhaile le Albert a bheith amuigh ag marcaíocht ar feadh tréimhsí fada ar na lánaí agus trasna na bpáirceanna, agus ní bhíodh an teas ná na cuileoga mar ábhar buartha orm; ba ghnách liom an-sult go deo a bhaint as na laethanta crua ag treabhadh agus ag fuirseadh taobh le Zoey,

ach bhí sé sin amhlaidh cionn is go raibh gaol maith muiníne agus dílseachta eadrainn. Anois ní raibh ann ach uaireanta fada tuirsiúla de bheith ag dul mórthimpeall na scoile i gciorcal. Bhí an bhéalbhach shimplí a raibh mé cleachta léi imithe, agus ina háit sin bhí béalbhach mhór mhíchompordach de dhéantús Weymouth orm a bhain liomóg as cúinne mo bhéil agus a chuir ar an daoraí mé.

Ach ba é an marcach a bhí agam an rud ba mhó a chuir isteach orm i mo shaol úr. Fear beag garbh crua a bhí sa Cheannaire Samuel Perkins, iarmharcach arbh é an t-aon phléisiúr amháin a bhí aige, de réir cosúlachta, an smacht a bhí aige ar chapail. Bhí eagla ar gach uile dhuine de na fir agus ar gach capall sa mharcshlua roimhe. Fiú na hoifigigh, mhothaigh mé go raibh eagla a gcaicinn orthu roimhe; mar bhí an chuma ar an scéal go raibh gach rud ar eolas aige faoi na capail agus taithí mhaith fhadsaoil aige orthu. Bhí sé ag marcaíocht go crua agus de lámh láidir. Ní ar mhaithe le maise a bhí an fhuip agus na spoir ann.

Ní bhuaileadh sé mise agus ní chailleadh sé a stuaim liom riamh, go deimhin in amanna nuair a bhíodh sé ag cur cóir orm tá mé ag déanamh go mb'fhéidir go raibh dúil aige ionam agus is cinnte

go raibh meas de chineál éigin agam airsean, ach bhí sé seo bunaithe ar eagla agus ní ar ghrá. Rinne mé iarracht roinnt uaireanta é a chaitheamh uaim nuair a bhíodh fearg agus brón orm ach níor éirigh liom. Bhí greim daingean ag a ghlúine orm mar a bheadh iarann ann agus bhí an chuma ar an scéal go raibh a fhios aige ó nádúr cad é a bhí mé ar tí a dhéanamh.

Ba é an chuairt a thugadh an Captaen Nicholls orm gach tráthnóna an t-aon ábhar faoisimh a bhí agam le linn na traenála. Bhí an chuma ar an scéal gurbh é féin an t-aon duine amháin a raibh an t-am aige teacht a labhairt liom mar a dhéanadh Albert roimhe. Bhíodh sé ina shuí ar bhuicéad béal faoi i gcúinne mo stábla, leabhar sceitseála ar a ghlúine agus é ag tarraingt pictiúir díom fad is a bhíodh sé ag labhairt. ‘Tá roinnt sceitsí díot déanta agam anois,’ ar seisean tráthnóna amháin, ‘agus nuair a bheas mé réidh leis an cheann seo beidh mé réidh le pictiúir a phéinteáil díot. Ní ceann de chuid Stubbs a bheas ann – beidh sé níos fearr ná Stubbs mar ní raibh riamh capall chomh hálainn leatsa ag Stubbs le péinteáil. Ní thig liom é a thabhairt liom chun na Fraince – ní fiú, an fiú? Mar sin de, tá mé ag dul a sheoladh chuig Albert, cara leat, go díreach le go dtuigfidh

sé cad é a bhí mé a mhaíomh nuair a dúirt mé go dtabharfainn aire duit.’ Choinnigh sé ag amharc orm ó mhullach go sáil agus é ag obair agus ba mhian liom a insint dó gur bhreá liom go rachadh seisean i mbun mo chuid oiliúna agus cé chomh crua agus a bhí an Ceannaire agus cé chomh pianmhar agus a bhí mo chliabh agus mo chosa. ‘Le fírinne, a Joey, tá súil agam go mbeidh deireadh leis an chogadh seo sula mbeidh sé aosta go leor le dul isteach san arm – geallaim duit – beidh sé go holc, an-olc ar fad. Thiar i gcuibhreann na saighdiúirí tá siad uilig ag caint ar an dóigh a ndéanfaidh an marshlua scrios orthu agus ar an dóigh a gcuirfidh siad ruaig orthu an bealach ar fad ar ais go Beirlín roimh an Nollaig. Níl ann ach mise agus Jamie, an t-aon bheirt nach n-aontaíonn leis, a Joey. Tá muid in amhras, tá mé a rá leat. Tá muid in amhras. Is cosúil nár chuala duine ar bith acu istigh ansin iomrá ar mheaisínghunnaí ná ar ghunnaí móra. Tá mé ag insint duit, a Joey, go dtiocfadh le meaisínghunnadóir amháin atá maith scrios iomlán a dhéanamh de scuadrún ar fad den mharcshlua is fearr ar domhan – bíodh sé ina cheann Gearmánach nó Sasanach. Cuir i gcás, an rud a tharla don Bhriogáid Éadrom ag Balaclava nuair a chuaigh siad i ngleic le

gunnaí na Rúise – is cosúil nach bhfuil cuimhne ar bith acu air sin. Agus d’fhoghlaim muintir na Fraince an ceacht céanna sa Chogadh Franc-Phrúiseach. Ach ní thig leat rud ar bith a rá leo, a Joey. Má deir, deir siad go bhfuil tú diúltach, nó amaidí eile den chineál sin. Creidim le fírinne go bhfuil cuid acu istigh ann nach mbeadh sásta an cogadh a bhaint mura dtiocfadh leis an mharcshlua an bua a fháil.’

Sheas sé, chuir a leabhar sceitseála faoina ascaill agus tháinig i mo threo agus chuir cigilt ionam ar chúl mo chluas. ‘Taitníonn sé sin leat a mhic, nach dtaitníonn? Is capall maioithneach thú i do chroí istigh faoin chraiceann chrua sin ar an taobh amuigh. Nuair a smaoiním air tá cuid mhaith cosúlachtaí eadrainn. Sa chéad dul síos níl mórán dúil againn san áit seo agus b’fhearr linn beirt a bheith in áit éigin eile. Sa dara dul síos, ní raibh ceachtar againn riamh páirteach i gcogadh – níor chuala muid fiú urchar á scaoileadh le fearg, ar chuala? Tá súil agam go mbeidh mé in ann chuige nuair a thioctas sé – is é sin an t-ábhar is mó inní orm ná rud ar bith eile, a Joey. Mar deirim leat agus níor inis mé fiú do Jamie é – tá eagla mo chraicinn orm, beidh ortsa go leor misnigh a bheith agat don bheirt againn.’

Chualathas doras á dhruidim de phlab trasna an chlóis agus chuala mé ghnáth-thrup na mbuataisí, go géar soiléir ar na clocha duirlinge. Ceannaire Samuel Perkins a bhí ann agus é ag siúl síos sraitheanna na stáblaí ar a dhualgas tráthnóna, ag stopadh ag gach ceann acu le seiceáil a dhéanamh ar rudaí go dtí sa deireadh gur stop sé ag mo cheannsa. ‘Tráthnóna maith duit, a dhuine uasail,’ ar seisean, agus é ag déanamh cúirtéise go beacht cruinn. ‘Ag déanamh sceitseála arís?’

‘Ag déanamh mo dhíchill, a Cheannaire,’ arsa an Captaen Nicholls. ‘Ag déanamh mo dhíchill a cheart a thabhairt dó. Nach é an capall marcaíochta is fearr sa scuadrún ar fad é? An bhfaca tú riamh capall a bhí chomh dea-chumtha leis?’

‘Is capall speisialta é gan amhras agus tú ag amharc air, a dhuine uasail,’ arsa Ceannaire an Chapail. Chuir a ghlór fiú iontas ar mo chluasa, bhí tuin chaol ghéar leis a chuir eagla mo chroí orm. ‘Tabharfaidh mé an méid sin duit, ach ní hé an chuma i gcónaí is tábhachtaí, an é a dhuine uasail? Ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí le capall, nach fíor sin a dhuine uasail? Cad é mar a chuirfidh mé síos air a dhuine uasail?’

‘Cibé dóigh is maith leat, a Cheannaire,’ arsa an Captaen Nicholls go measartha fuarchúiseach, ‘ach bí cúramach faoin méid a deir tú de thairbhe gurb é sin mo chapall a bhfuil tú ag caint air, mar sin de, bí cúramach.’

‘Cuirfidh mé mar seo é, sílim go bhfuil intinn dá chuid féin aige. Sea, sin mar atá sé. Tá sé maith go leor agus é amuigh ar inlíochtaí – capall a bhfuil teacht aniar ann, capall den chéad scoth – ach istigh ar scoil, a dhuine uasail, diabhal atá ann, agus diabhal láidir atá ann chomh maith. Níor oileadh mar ba chóir riamh é, a dhuine uasail, is léir sin. Capall feirme atá ann agus oileadh don fheirm é. Má tá sé ag dul a bheith ina chapall marcshlua, a dhuine uasail, beidh air glacadh leis an smacht. Caithfidh sé géilleadh ar an toirt gan smaoineamh. Níor mhaith leat go mbeadh *prima donna* fút agus na hurchair á scaoileadh.’

‘Níor mhaith liom go n-éireodh sé searbh. Tá an capall seo ag dul m’iompar tríd an chogadh agus má bhíonn an t-ádh liom chomh maith tiocfaidh mé slán sábháilte as ar an taobh eile de. Tá dúil mhillteanach agam ann a Cheannaire, tá a fhios agat sin. Mar sin de, bí cinnte de go dtabharfaidh tú aire mhaith dó amhail is gur leat féin é, an dtabharfaidh? Beidh muid

ag imeacht chun na Fraince faoi cheann seachtaine anois. Dá mbeadh an t-am agam bheinn féin ag cur oiliúna air, ach tá mé i bhfad róghnóthach ag iarraidh saighdiúirí marcshlua a dhéanamh de thrúipéirí. Is féidir go dtig le capall tú a iompar tríd an chogadh, a Cheannaire, ach ní féidir leis an troid a dhéanamh duit. Agus tá cuid acu ann a shíleann nach mbeidh de dhíth orthu ach a marc-chlaíomh nuair a bheas siad amuigh ansin. Tá cuid acu a chreideann i ndáiríre go gcuirfear eagla ar na Gearmánaigh agus go dteithfidh siad abhaile más rud é go mbíonn siad ag luascadh a marc-chlaimhte san aer. Tá mé á rá leat go mbeidh orthu an dóigh le hurchar díreach a scaoileadh a fhoghlaim – beidh orainn uilig an dóigh cheart le hurchar díreach a scaoileadh a fhoghlaim má tá muid ag iarraidh an cogadh seo a bhaint.’

‘Cinnté, a dhuine uasail,’ arsa an ceannaire agus meas úr le cluinstitín ina ghlór. Ní fhaca mé riamh chomh ceansa séimh é.

‘Agus rud eile de a Cheannaire,’ arsa an Captaen Nicholls agus é ag siúl i dtreo dhoras an stábla, ‘bheinn faoi chomaoín agat dá dtabharfá bia sa bhreis do Joey, níl bail chomh maith chéanna air agus a bhíodh, déarfainn go bhfuil meath air. Beidh mé

féin á thabhairt amach ar an inlíocht dheireanach i gceann dhá nó trí lá agus tá mé ag iarraidh go mbeidh sé aclaí lonrach. Ba mhaith liom go mbeadh sé ar an chapall is fearr dreach sa scuadrún.’

Ní raibh ann ach go dtí an tseachtain dheireanach den oiliúint mhíleata gur thosaigh mé a shocrú isteach san obair faoi dheireadh agus faoi dheoidh. Bhí an chuma air nár chaith an Ceannaire Samuel Perkins chomh crua céanna liom i ndiaidh an tráthnóna sin. Is lú an úsáid a bhain sé as na spoir agus thug níos mó den tsrian dom. Is lú an obair a rinne muid ar scoil agus is mó an t-eagar catha a rinne muid ar na machairí leathana taobh amuigh den champa. Is réidhe a ghlac mé leis an bhéalbhach Weymouth anois agus thosaigh mé a shúgradh léi idir mo chuid fiacla go díreach mar a dhéanainn i gcónaí leis an tseancheann a bhíodh agam. Thosaigh mé a bhaint níos mó pléisiúir as an bhia agus as an chóir agus an snas uilig a cuireadh orm, as an aire agus an chúram uilig nach raibh deireadh leo a tugadh go dílis dom. De réir mar a chuaigh na laethanta thart thosaigh mé a smaoineamh níos lú agus níos lú ar an fheirm agus ar Zoey bhocht agus ar an tseansaol a bhíodh agam. Ach maidir le Albert, d’fhan a aghaidh agus a ghuth

go soiléir i m'intinn in ainneoin ghnáthchúrsaí rialta na hoibre a bhí ag déanamh capall airm díom beagán ar bheagán.

Faoin am ar tháinig an Captaen Nicholls ar ais chugam amuigh ar an inlíocht dheireanach sula ndeachaigh muid isteach sa chogadh bhí mé ag cur mo thola cheana féin leis an tsaol úr agus bhí mé sásta leis fiú. Agus mé gléasta anois in éide agus trealamh cogaidh, bhí an Captaen Nicholls ina ualach trom ar mo mhuinte agus an reisimint ar fad ag dul amach ar Mhachaire Salisbury. Is iad an teas agus na cuileoga is mó is cuimhin liom ón lá sin cionn is go raibh mé i mo sheasamh ar feadh uaireanta an chloig faoi theas na gréine ag fanacht le rudaí tarlú. Agus le grian leathan an tráthnóna ag dul faoi ar fhíor na spéire chuaigh an reisimint ar fad isteach i línte sraithe, réidh don ionsaí, buaicphointe na hinlíochta deireanaí againn.

Tugadh an t-ordú na claimhte a bhaint amach agus muid ag siúl chun tosaigh. Agus muid ag fanacht le glaoch an bhuabhaill bhí teannas agus corraíl mhór le brath san aer. Bhí sé le brath idir gach capall agus a mharcach, agus idir na capaill agus ag na trúipéirí iad féin. Mhottaigh mé fuadar mór sceitimíní ag borradh

aníos ionam an oiread sin go raibh sé deacair dom mé féin a smachtú. Bhí an Captaen Nicholls chun tosaigh ar a chuid trúpaí agus bhí cara leis, an Captaen James Stewart taobh leis ag marcaíocht ar chapall nach bhfaca mé riamh roimhe. Stail ard dhubh niamhrach a bhí ann. Agus muid ag siúl chun tosaigh thug mé sracfhéachaint air agus d’amharc mé idir an dá shúil air. Feictear dom gur thug sé aird orm ar feadh tamall gairid. Chuaigh sé ó shiúl go sodar agus ansin go gearrshodar. Chuala mé na buabhaill á séideadh agus chonaic mé a mharc-chlaíomh le heireaball mo shúl agus é ag gobadh amach os cionn na cluaise clé agam. Chlaon Captaen Nicholls é féin chun tosaigh sa diallait agus chuir brú orm dul cosa in airde. Fuair an torann agus an dusta agus glórtha arda na bhfear i mo chluasa greim orm agus mhothaigh mé ardú meanman nár mhothaigh mé a leithéid riamh roimhe. D’imigh mé liom cosa in airde ag cur an talaimh díom mar a bheinn ag eitilt agus mé amuigh chun tosaigh ar an chuid eile seachas ceann amháin acu. Ba é an stail lonrach dhubh an t-aon chapall a d’fhan liom. Cé nár dúradh rud ar bith idir an Captaen Nicholls agus an Captaen Stewart, mhothaigh mé láithreach go raibh sé tábhachtach nach ligfinn don chapall seo

dul chun tosaigh orm. Bhí a fhios agam le hamharc air gur mhothaigh sé mar an gcéanna mar bhí cuma dhiongbháilte le sonrú ina shúile agus bhí roic ina mhaláí le tréan dúthrachta. Nuair a chuaigh muid thar láthair ‘an namhad’ ní raibh ann ach go raibh ár marcaigh in ann muid a stopadh, agus faoi dheireadh sheas muid srón le srón, saothar anála orainn agus an anáil i mbarr a ngoib ag an dá chaptaen le tréan iarrachta.

‘An bhfeiceann tú, a Jamie, nár inis mé sin duit,’ arsa an Captaen Nicholls, agus bhí an oiread sin bróid ina ghuth agus é ag labhairt. ‘Is é seo an capall a raibh mé ag insint duit faoi – aimsithe san áit is iargúlta in Devon – agus dá rachadh muid ar aghaidh mórán ní b’fhaide bheadh do chapall Tophorn ag streachailt le coinneáil suas leis. Ní thig leat é sin a shéanadh.’

D’amharc Tophorn agus mé féin go faichilleach ar a chéile ar dtús. Bhí sé breis agus leathlámh níos airde ná mé féin, capall ollmhór slim a bhí ann a raibh a cheann in airde go maorga. Ba é an chéad chapall ar tháinig mé air a mhothaigh mé a thiocfadh leis dul san iomaíocht liom ó thaobh láidreachta de, ach bhí cineáltas ina shúil fosta gan bagairt ar bith ag baint leis.

‘Is é mo Tophorn an capall marcaíochta is breátha sa reisimint seo, nó i reisimint ar bith eile,’ arsa an Captaen Jamie Stewart. ‘Is féidir go bhfuil Joey níos gasta, agus i gcéad duit, tá cuma chomh maith céanna air agus atá ar chapall ar bith dá bhfaca mise ag tarraingt flóta bainne, ach níl capall ar bith ann atá inchurtha le Tophorn maidir lena inneach – an bhfuil a fhios agat thiocfadh leis dul ar aghaidh go deo na ndeor. Tá cumhacht ocht n-each sa chapall seo, gan lá amhrais.’

Ar an bhealach ar ais chuig na beairicí an tráthnóna sin phléigh gach duine den bheirt oifigeach na buanna a bhain lena gcapall féin, agus mise agus Tophorn ag sodar ar aghaidh gualainn ar ghualainn, an cloigeann cromtha againn – muid tuirseach traochta ag an ghrian agus ag an turas fhada ar chosa in airde. Cuireadh i stábla muid taobh le taobh an oíche sin, agus arís eile ar an bhád an lá dár gcionn bhí muid le chéile arís in íochtar an línéir a ndearnadh long chogaidh de a d’iompródh muid chun na Fraince agus chun an chogaidh.

CAIBIDIL 6

BHÍ SCEITIMÍNÍ AGUS SPLEODAR LE MOTHÚ gach áit ar bord na loinge. Bhí na saighdiúirí lán dóchais, amhail is go raibh siad ag cur tús le picnic mhór mhíleata éigin; bhí an chuma orthu nach raibh cúram dá laghad orthu. Bhí na trúipéirí ag gáire agus ag magadh le chéile ar dhóigh nár chuala mé riamh acu agus iad ag freastal orainne ag ár seastáin. Agus bhí an mhuinín a bhí acu astu féin de dhíth orainne, cionn is gur turas garbh a bhí ann trasna na farraige agus d'éirigh cuid mhaith againn corraithe go mór agus inmíoch agus an long á caitheamh anonn is anall go fiáin ar bharr na farraige. Bhí cuid againn ag ciceáil amach ag ár seastáin agus iarracht mhór

á déanamh againn scaoileadh saor agus urlár réidh a aimsiú nach raibh á ardú is á ísliú faoinár gcosa, ach bhíodh na trúipéirí i gcónaí ann le muid a choinneáil socair agus a chur ar ár suaimhneas.

Tháinig an Ceannfort Samuel Perkins agus chuir a lámh ar mo chloigeann le linn an chuid is measa de, ach níorbh eisean a chuir ar mo shuaimhneas mé. Mar, fiú nuair a shlíoc sé mo chloigeann, rinne sé é ar dhóigh chomh ceannasach sin gur mhothaigh mé nach raibh a chroí ann. Ba é Topthorn a chuir ar mo shuaimhneas mé cionn is gur fhan sé socair an t-am ar fad. Chromadh sé a cheann mór thar an seastán ag ligean domsa mo scíth a ligean ar a mhúineál agus mé ag iarraidh íomhá an bháid ag dul go tóin poill agus callán an uafáis dhocheansaithe ó na capaill a chur as m'intinn.

Ach tháinig athrú ar rudaí chomh luath is a chuaigh muid i dtír. Bhí na capaill ar a suaimhneas agus talamh crua faoina gcrúba arís, ach thit ciúnas ar na trúipéirí agus muid ag siúl thar na línte a raibh an chuma orthu nach raibh deireadh leo de shaighdiúirí gortaithe a bhí ag fanacht le dul ar bord loinge le dul ar ais go Sasana. Agus muid ag dul i dtír agus á seoladh taobh na cé shiúil an Captaen Nicholls

tharam ag tiontú a shúl i dtreo na farraige ionas nach bhfeicfeadh duine ar bith na deora iontu. Bhí na daoine gortaithe i ngach áit – ar shínteáin, ar mhaidí croise, in otharcharranna oscailte, agus bhí cuma an anró agus na péine greanta ar aghaidh gach fir. Rinne siad iarracht cuma chróga a chur orthu féin, ach bhí na scéalta grinn agus na ciútaí a scairt siad amach agus muid ag dul thart trom le gruaim agus le searbhas. Ní thiocfadh le maorsháirsint ar bith, ná scaoileadh ar bith ó ghunnaí an namhad, ní thiocfadh leis na rudaí sin scaifte fear a chur ina dtost chomh héifeachtach leis an radharc léanmhar sin, mar ba é seo, den chéad uair, a chonaic na fir féin an cineál cogaidh a mbeadh siad páirteach ann agus bhí an chuma air nach raibh fear ar bith sa scuadrún réidh dó.

A luaithe a bhí an scuadrún amuigh ar na machairí móra fairsinge chaith siad uathu an scamall dubh bróin a bhí orthu nach raibh siad cleachta leis agus bhí cuma mheidhreach orthu arís eile. Bhí na fir sa diallait ag rá amhrán arís agus iad ag gáire eatarthu féin. Máirseáil an-fhada a bheadh ann tríd an dusta, an lá sin ar fad agus an lá dár gcionn. Stopadh muid uair amháin in aghaidh na huaire ar feadh cúpla bomaite agus bhíodh muid ag marcaíocht ar aghaidh

ina dhiaidh sin go dtí titim na hoíche sula gcuireadh muid campa in airde cóngarach do shráidbhaile agus i gcónaí cois abhann nó srutháin. Thug siad togha na haire dúinn ar an mháirseáil sin, ag teacht anuas dínn agus ag siúl linn leis an tsos a bhí de dhíth orainn a thabhairt dúinn. Ach ba é an rud ab fhearr ná na buicéid d'uisce breá fuar a thugadh siad dúinn nuair a bhíodh muid stoptha in aice le sruthán. Thug mé faoi deara go gcroitheadh Tophorn a cheann san uisce i gcónaí sula dtosaíodh sé á ól agus mise a bhíodh taobh leis, bhíodh uisce fuar féin spréite ar m'aghaidh agus ar mo mhúineál dá bharr.

Bhí na capaill mharcaíochta ceangailte i línte capall amuigh faoin aer ar an dóigh chéanna a gceanglaítí iad agus muid i mbun inlíochtaí sa bhaile i Sasana. Mar sin de, bhí muid breá cleachta leis an tsaol chrua amuigh faoin aer. Ach b'fhuaire anois é agus ceo tais an fhómhair ag titim gach tráthnóna agus ag cur fuacht ionainn agus muid inár seasamh. Bhí neart fodair againn maidin is tráthnóna, dáileadh mór arbhair inár mála cinn agus bhí muid ag innilt gach deis a fuair muid. Dála na bhfear, b'éigean dúinn an dóigh le maireachtáil ó thorthaí na talún a fhoghlaim chomh maith agus a thiocthadh linn.

Le gach uair an chloig máirseála a chuaigh thart tháinig muid níos cóngaraí d'fhuaim thoirniúil na ngunnaí i gcéin, agus anois san oíche bhíodh bun na spéire geal le splancacha oráiste ó thaobh go taobh. Chuala mé pléasc scaoileadh an raidhfil roimhe thiar sa bheairic agus níor chuir sé sin isteach ná amach orm, ach chuir trup láidir na ngunnaí móra scéin orm. Chuir sé creathanna eagla síos suas mo dhroim agus chuir isteach ar mo chodladh go dtí nach raibh ann ach sraith de thromluithe, briste ina smionagar.

Ach nuair a mhúscail mé le fuaim na ngunnaí agus nuair a tháinig mé chugam féin, mhothaigh mé go mbíodh Tophthorn i gcónaí taobh liom agus go dtugadh sé uchtach agus tacaíocht dom. Ba scanrúil an dóigh é le teacht isteach ar an chogadh, ach gan Tophthorn i mo chuideachta measaim nach n-éireoinn cleachta leis na gunnaí choíche, mar bhí an chuma ar an scéal gur bhain na buillí fíochmhara an fuinneamh agus an mheanma díom agus muid ag teacht níos cóngaraí don líne thosaigh.

Shiúil mé féin agus Tophthorn taobh le taobh i gcónaí ar an mháirseáil mar b'annamh a bhí an Captaen Nicholls agus an Captaen Stewart scartha óna chéile. Bhí an chuma orthu, áfach, go raibh spiorad

iontu a bhí éagsúil lena gcomhoifigigh aigeanta. Mar is mó a chuir mé aithne ar an Chaptaen Nicholls, mar is mó an dúil a bhí agam ann. Bhíodh sé ag marcaíocht orm mar a bhíodh Albert ag marcaíocht orm, le lámh chineálta agus greim daingean orm lena ghlúine, agus in ainneoin a mhéide – agus fear mór a bhí ann – bhíodh sé i gcónaí éadrom orm. Agus bhíodh focal deas misnigh nó buíochais ann i gcónaí i ndiaidh turas fada a chur dinn. Thaitin sé seo liom mar a mhalairt ar fad a bhí ann leis an Cheannfort Samuel Perkins a bhíodh ag marcaíocht go dian orm le linn na traenála. Leag mé mo shúile air ó am go ham agus bhí trua agam don chapall a mbíodh sé ag marcaíocht air.

Ní bhíodh an Captaen Nicholls ag gabháil amhráin ná ag feadaíl mar a bhíodh Albert, ach labhair sé liom ó am go chéile nuair a bhíodh muid féin le chéile. Bhí an chosúlacht ar an scéal nach raibh a fhios ag duine ar bith cá háit a raibh an namhaid. Ní raibh amhras ar bith ann, áfach, ach go raibh sé ag teacht chun tosaigh agus muidne ag cúlú. Bhí muid in ainm a bheith ag déanamh cinnte de nach rachadh an namhaid chun tosaigh orainn – ní raibh muid ag iarraidh go mbeadh an namhaid suite idir muidne agus an fharraige agus

go mbeadh fórsa iomlán na Breataine ar an eite faoi ionsaí. Ach bhí ar an scuadrún an namhaid a aimsiú ar dtús, agus ní bhíodh siad le feiceáil in áit ar bith. Chuardaigh muid an taobh tíre ar feadh laethanta fada sular tháinig muid orthu de thaisme – agus ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin, lá ár gcéad chatha.

D'imigh monabhar cainte siar ar an cholún go bhfacthas an namhaid, cathlán coisithe ag máirseáil. Bhí siad amuigh faoin aer míle nó dhó uainn, ceilte orainn ag coill thiubh den chrann darach a bhí ag fás ar thaobh an bhóthair. Tugadh na horduithe: 'Ar aghaidh! Gabhaigí isteach i gcolún scuadrúin! Tarraingí na claimhte!' In aon ghluaiseacht amháin, shín na fir a lámha amach gur tharraing a gclaimhte as na truailí agus bhí splancacha geala den chruach le feiceáil san aer sular leagadh na claimhte ar ghuaillí na dtrúipéirí. 'A scuadrúin, gualainn dheas!' an t-ordú a scairteadh amach, agus shiúil muid i líne, gualainn ar ghualainn isteach sa choill. Mhothaigh mé glúine Chaptain Nicholls ag teannadh orm, agus scaoil sé na srianta. Bhí a chorp teann agus den chéad uair mhothaigh sé trom ar mo dhroim. 'Go réidh, a Joey,' ar seisean go séimh. 'Glac go réidh é. Ná

héirigh tógtha. Tiocfaidh muid slán as seo, ná bíodh lá imní ort.’

Thiontaigh mé le hamharc ar Tophthorn a bhí ar a bharraicíní cheana féin réidh don tsodar, mar bhí a fhios againn uilig go mbeadh sodar ann. Bhog mé níos cóngaraí dó gan smaoineamh ansin agus an buabhall á shéideadh, rinne muid ruathar amach as scáth na coille agus isteach faoi sholas gréine an chatha.

Ní raibh díoscán íseal an leathair, gliogar na húma ná callán na n-orduithe á scairteadh amach go giorraisc le cluinstitín anois. Ní raibh ann ach bualadh na gcrúb agus scairteadh na dtrúipéirí agus muid ar stealladh cos in airde i dtreo an namhad sa ghleann thíos. Bhí mé ábalta loinnir chlaíomh trom Chaptain Nicholls a mhothú le heireaball mo shúile. Mhothaigh mé a chuid spor ar mo thaobh agus chuala mé a gháir chatha. Chonaic mé na saighdiúirí liatha a bhí chun tosaigh orainn ag ardú a gcuid raidhfíli agus chuala mé pléascadh an mheaisínghunna ag fógairt an bháis, agus ansin go measartha tobann mhothaigh mé nach raibh marcach ar bith orm, nach raibh ualach ar bith ar mo dhroim níos mó agus go raibh mé amuigh liom féin chun tosaigh ar an scuadrún. Ní raibh Tophthorn

in aice liom níos mó, ach le capaill taobh thiar díom bhí a fhios agam nach raibh rogha ar bith agam ach rith chun tosaigh ar cosa in airde. Ba í an dubheagla a bhí orm a spreag chun tosaigh mé, agus mo chuid stíoróipí a bhí á gcaitheamh thart san aer ag cur mearbhall mire orm. Gan marcach le hiompar agam bhain mé fir na raidhfilí a bhí thíos ar leathghlúin amach ar dtús agus scaip siad soir siar agus mé ag teacht a fhad leo.

Rith mé ar aghaidh go dtí gur mhothaigh mé go raibh mé liom féin gan callán an chatha le cluinstit agam, agus ní stopfainn choíche ach ab é go bhfaca mé Topthorn in aice liom arís eile agus an Captaen Stewart ag cromadh chun tosaigh le greim a fháil ar mo chuid srianta sular sheol sé ar ais chuig machaire an chatha mé.

Bhí an bua againn, chuala mé iad á rá; ach bhí capaill ina luí marbh nó ag fáil bháis i ngach áit. Cailleadh breis agus ceathrú cuid den scuadrún san eachtra sin amháin. Tharla sé uilig chomh gasta agus chomh marfach sin. Tugadh scaifte cimí a bhí gléasta in éide liath ar shiúl agus bhí siad teannta go dlúth le chéile anois faoi chrainn agus an scuadrún ag athghrúpáil agus ag malartú cuimhní áibhéalacha

de bhua a tharla beagnach de thaisme seachas d'aon ghnó.

Ní fhaca mé an Captaen Nicholls riamh ina dhiaidh sin agus chuir sé sin brón mór orm cionn is gur fear séimh cineálta a bhí ann agus gur thug sé togha na haire dom mar a gheall sé. Mar a bhí mé le fáil amach, ba bheag a mhacasamhail d'fhear maith a bhí ar domhan. 'Bheadh sé bródúil asat, a Joey,' arsa an Captaen Stewart agus é mo sheoladh ar ais chuig na línte capall le Tophorn. 'Bheadh sé bródúil as an dóigh ar choinnigh tú ag dul amuigh ansin. Fuair sé bás agus é i gceannas ar an ionsaí sin agus chuir tusa críoch leis ar a shon. Bheadh sé bródúil asat.'

Thug Tophorn aire dom an oíche sin agus muid ag campáil ar thaobh na gcoillte. D'amharc muid amach le chéile thar an ghleann a bhí faoi sholas na gealaí, agus b'fhada liom a bheith sa bhaile. Ba é trup na corrchasachta agus stampáil na bhfairtheoirí an t-aon rud a bhris ciúnas na hoíche. Thit na gunnaí chun ciúnais faoi dheireadh. Luigh Tophorn síos in aice liom agus thit muid beirt inár gcodladh.

CAIBIDIL 7

BHÍ SÉ GO DÍREACH I NDIAIDH *REVEILLE* AN mhaidin dar gcionn agus bhí muid ag rútaíl thart inár málaí cinn don chuid dheireanach den choirce, nuair a chonaic mé an Captaen Jamie Stewart ag teacht anall trí línte na gcapall inár dtreo. Taobh thiar de, bhí trúipéir óg nach bhfaca mé riamh roimhe ag siúl ina dhiaidh agus é gléasta i gcóta mór liath a bhí i bhfad rómhór dó agus caipín speiceach air. Bhí sé bándearg san aghaidh agus cuma óg air faoina chaipín agus chuir sé Albert i gcuimhne dom láithreach. Mhottaigh mé go raibh eagla air romham, mar tháinig sé chugam go stadach agus go drogallach.

Chuir an Captaen Stewart a lámh ar chluasa

Topthorn agus bhí sé ag slíocadh a shoic mar a dhéanadh sé i gcónaí an chéad rud ar maidin, ansin agus é á shíneadh féin amach chugam thug sé boiseog dom ar mo mhúineál. ‘Bhuel, a Thrúipéir Warren, seo é,’ arsa an Captaen Stewart. ‘Tar níos cóngaraí, a Thrúipéir, ní bhainfidh sé greim asat. Is é seo Joey. Ba leis an chara ab fhearr dá raibh riamh agam an chapall seo, mar sin de tabhair aire mhaith dó, an gcluineann tú mé?’ Labhair sé de ghlór diongbháilte ach gan a bheith neamhthuisceanach. ‘Agus a Thrúipéir, beidh mé ábalta súil a choinneáil ortsa an t-am ar fad cionn is go bhfuil an dá chapall seo doscartha. Is iadsan an dá chapall is fearr sa scuadrún ar fad, agus tá a fhios acu sin.’ Shiúil sé níos cóngaraí dom gur thóg sé mo ghlib aníos ó m’aghaidh. ‘A Joey’, ar seisean de chogar. ‘Tabhair tusa aire dó. Níl ann ach stócach óg agus chuaigh an cogadh go crua air go dtí seo.’

Mar sin de, nuair a d’fhág an scuadrún an choill an mhaidin sin chonachtas dom nach dtiocfadh liom siúl in aice le Topthorn mar a shiúil mé roimhe leis an Chaptaen Nicholls, ní raibh ionam anois ach ball den trúpa ag leanúint na n-oifigeach i gcolún fada de thrúipéirí. Ach nuair a stopadh muid le greim a fháil le hithe nó le deoch a ól rinne an Trúipéir Warren

cinnte de gur shiúil sé liom anonn chuig an áit a raibh Tophthorn ina sheasamh sa dóigh go dtiocfadh linn a bheith le chéile.

Níor mharcach maith é an Trúipéir Warren – thiocfadh liom é sin a aithint an bomaite a chuaigh sé in airde ar mo mhuin. Bhíodh sé i gcónaí teann agus bhíodh sé ag marcaíocht orm go trom sa diallait mar a bheadh mála prátaí ann. Ní raibh an taithí chéanna ná an mhuinín chéanna aige agus a bhí ag an Cheannfort Samuel Perkins ná an sárchumas agus an scil chéanna agus a bhí ag an Chaptaen Nicholls. Bhíodh sé ag luascadh ó thaobh go taobh go míchothrom sa diallait agus bhíodh greim rótheann aige ar na srianta agus é ag marcaíocht orm a d’fhág go raibh orm mo chloigeann a ardú san aer i rith an ama leis na srianta a scaoileadh. Ach fear de na fir ba chineálta a bhí ann nuair nach mbíodh sé sa diallait. Bhí sé thar a bheith cúramach agus cineálta agus é ag cur cóir orm agus d’fhreastail sé orm láithreach nuair a bhíodh cneácha diallaite orm, deargadh craicinn agus fadharcáin a thagadh orm go minic. Thug sé togha na haire dom ar dhóigh nár thug duine ar bith eile ó d’fhág mé an baile. Le linn na míonna ina dhiaidh sin ba í an aire ghrámhar a thug sé dom an rud a choinnigh beo mé.

Tharla roinnt scliúchas beag i rith an chéad fhómhair sin den chogadh, ach mar a bhí tuartha ag an Chaptaen Nicholls, baineadh níos lú úsáid asainn mar mharcshlua agus níos mó úsáid asainn mar mhodh iompair do na coisithe ar mhuintir capaill. Nuair a thagadh muid ar an namhaid, thuirlingíodh an scuadrún, ag baint a gcuid raidhfíle amach as a gcuid buicéad, agus d'fhágadh na capaill ina ndiaidh as radharc faoi chúram roinnt trúipéirí, ionas nach raibh muid féin i lár catha ar bith ach gur chuala muid pléascadh na raidhfíle i gcéin agus tormán na meaisínghunnaí. Nuair a d'fhill na trúipéirí agus nuair a chuaigh an scuadrún ar aghaidh, bhíodh i gcónaí capall nó dhó gan mharcach.

Bhíodh an chuma ar an scéal go mbíodh muid ag máirseáil ó dhubh go dubh agus ar feadh na laethanta gan deireadh. Ansin go tobann, théadh gluaisrothar thart linn ar nós na gaoithe agus é ag déanamh callán bocht agus bhíodh na horduithe á scairteadh amach agus chluintí séideadh géar na mbuabhall agus chasadh an scuadrún i leataobh den bhóthar agus isteach sa chath arís eile.

Ba le linn na máirseálacha fada troma seo agus le linn na n-oícheanta fuara a lean iad, a thosaigh

an Trúipéir Warren a chaint liom. D’inis sé dom faoin dóigh ar scaoileadh a chapall féin agus é ag marcaíocht air sa chath chéanna a bhfuair an Captaen Nicholls bás ann, agus faoin dóigh a raibh sé féin ina phrintíseach gabha lena athair roinnt seachtainí roimhe sin. Ansin cuireadh tús leis an chogadh. Ní raibh sé ag iarraidh liostáil, ar seisean ach labhair tiarna an tsráidbhaile lena athair. Ó tharla go raibh an teach agus an cheárta ar cíós ag a athair ón tiarna, ní raibh an dara suí sa bhuaile ann ach é a chur chun chogaidh. ‘Tá mé á rá leat, a Joey,’ ar seisean tráthnóna amháin agus é ag glanadh amach mo chrúba, ‘tá mé á rá leat nár shíl mé riamh go rachainn ar mhuin capaill arís i ndiaidh an chéad chatha sin. Is é an rud is aistí faoi, a Joey, nárbh é scaoileadh na ngunnaí a chuir eagla orm, ar dhóigh éigin níor mhiste liom é sin; ba é an smaoineamh go díreach go mbeinn ar mhuin capaill arís a chuir eagla mo chraicinn orm. Ní shílfeá go dtarlódh sé sin, an sílfeá? Ní agus mé i mo ghabha agus an saol a bhaineann leis. Mar sin féin, tá sé curtha díom anois agus is tusa a rinne é sin domsa a Joey. Is tú a thug cead dom muinín a bheith agam asam féin arís. Mothaím go dtig liom rud ar bith a dhéanamh anois. Mothaím mar a bheadh duine de na

ridirí i gcathéide ann agus mé thuas ortsa.’

Ansin, le teacht an gheimhridh, thosaigh sé a ghreadadh báistí. Ba rud maith é ar dtús agus faoiseamh ón dusta agus ó na cuileoga, ach ba ghairid go ndearnadh clábar de na páirceanna agus de na cosáin faoinár gcrúba. Ní thiocfadh leis an scuadrún a bheith ag campáil ar a suaimhneas a thuilleadh cionn is go raibh ganntanas foscaidh ann a d’fhág go mbíodh an fear agus an capall araon fliuch go craiceann. Ba bheag cosaint a bhí ann ar an fheartainn throm, agus san oíche sheas muid agus ár rúitíní ar maos sa chlábar fhuar lábach. Ach thug an Trúipéir Warren cúram ar leith dom, ag aimsiú foscaidh dom cibé áit agus cibé am a dtiocfadh leis agus é do mo chuimilt le píosáí beaga de thúí thirim nuair a thiocfadh leis é a aimsiú leis an teas a chothú ionam. Dhéanadh sé cinnte de go raibh dáileadh maith coirce i mo mhála sróine a choinneodh ag dul mé. Le himeacht na seachtainí ba léir do gach duine an bród a bhí air as mo chuid láidreachta agus as an teacht aniar a bhí ionam, agus an cion a bhí agam air. Dá mba rud é, a smaoinigh mé, dá mba rud é go dtiocfadh leisean cóir a chur orm agus aire a thabhairt dom agus go dtiocfadh le duine eile a

bheith ag marcaíocht orm.

Bhíodh an Trúipéir Warren ag caint cuid mhór ar an dóigh a raibh an cogadh ag imeacht. Bhí muid, ar seisean, le bheith tarraingthe siar chuig na campaí cúltaca taobh thiar dár gcuid línte féin. Bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh an troid ina stad de bharr an ghreadta a thug siad ar a chéile agus nach dtiocfadh le ceachtar den dá thaobh dul chun cinn a dhéanamh sa chlábar gur dhaingnigh siad iad féin mar a raibh siad. Ba ghairid go ndearnadh trinsí de na tochtaltáin agus chuaigh trinsí isteach i dtrinsí eile ag déanamh fiarláin trasna na tíre ón fharraige chun na hEilvéise. San earrach, ar seisean, b'fhéidir go mbeadh muid de dhíth arís leis an tsáinn a bhriseadh. Thiocfadh leis an mharcshlua dul chuig áiteanna nach dtiocfadh leis an tslua coise dul agus bhí siad gasta go leor leis na trinsí a chreachadh. Thaispeánfadh muidne don tslua coise an dóigh le gníomhú, ar seisean. Ach bhí orainn teacht slán as an gheimhreadh sula mbeadh an talamh crua go leor le húsáid a bhaint as an mharcshlua go héifeachtach.

Chaith mé féin agus Tophorn an geimhreadh sin ag tabhairt cosanta dá chéile chomh maith agus a thiocfadh linn ar an tsneachta agus ar an

fhlichshneachta. Agus i rith an ama chluineadh muid pléascadh na ngunnaí nach raibh ach roinnt mílte ar shiúl uainn, ag ionsaí a chéile gan stad gan staonadh. Chonaic muid na saighdiúirí misniúla agus aoibh an gháire le feiceáil orthu faoina hataí stáin agus iad ag máirseáil ar aghaidh i dtreo na líne tosaigh, ag feadaíl agus ag ceol agus ag cleasaíocht agus iad ag imeacht, agus chonaic muid na hiarsmaí ag streachailt ar ais, cuma chaite chráite orthu agus ina dtost faoina gcótaí móra fada a bhí fliuch báite ag an fhearhainn.

Ó am go chéile thagadh litir ón bhaile chuig an Trúipéir Warren agus léadh sé dom í de chogar faichilleach ar eagla go gcluinfadh duine ar bith eile é. Thagadh na litreacha uilig óna mháthair agus bhíodh an teachtaireacht chéanna i ngach ceann iontu.

‘A Charlie a thaisce,’ a léadh sé. ‘Tá súil as ag d’Athair go bhfuil tú go maith agus tá súil as agam fosta. Chronaigh muid thú ag an Nollaig – bhí cuma fholamh ar an tábla sa chistin gan tú. Ach cuidíonn do dheartháir beag leis an obair nuair is féidir leis agus deir Athair go bhfuil ag éirí go maith leis cé go bhfuil sé measartha

beag go fóill gan é láidir go leor go fóill srian a choinneáil ar na capaill feirme. Fuair Minnie Whittle bás le hadhairt an tseachtain seo caite, an tseanbhaintreach as Feirm Hanniford. Bhain sí ceithre scór amach, mar sin de, ní thiocfadh léi a bheith ag gearán, cé go ndéarfainn go mbeadh sí dá dtiocfadh léi. Ba í an gearánaí ba mheasa ar domhan i gcónaí í, an bhfuil cuimhne agat air sin? Bhuel, a mhic, sin a bhfuil agam. Bhí Sally s’agatsa as an tsráidbhaile ag cur do thuairisce agus deir sí le hinsint duit go mbeidh sí ag scríobh chugat roimh i bhfad. Tabhair aire mhaith duit féin, a mhic dhílis agus tar abhaile roimh i bhfad. Do Mháthair Dhílis.’

‘Ach ní scríobhfaidh Sally, a Joey, cionn is nach bhfuil scríobh aici, bhuel níl sí rómhaith aige cibé ar bith. Ach chomh luath agus a bheidh an rud seo ar fad réidh agus deireadh curtha leis rachaidh mé abhaile go bpósfaidh mé í. D’fhás mé aníos léi, a Joey, tá aithne agam uirthi le mo bheo. Is dócha go bhfuil aithne chomh maith agam uirthi agus atá agam orm féin, ach gur mó an dúil atá agam inti.’

Ba é an Trúipéir Warren a thug faoiseamh dom ó leadrán an gheimhridh sin. Thóg sé cian díom agus d'aithin mé fosta gur chuir Tophthorn fáilte roimh gach cuairt dá dtugadh sé ar na línte capall. Ní raibh a fhios aige riamh an méid maitheasa a rinne sé dúinn. I rith an gheimhridh uafásaigh sin chuaigh an oiread sin capall go hotharlann na n-ainmhithe agus níor tháinig siad ar ais. Dála na gcapall airm uilig bhí muid gléasta mar a bheadh capaill seilge ann ionas go raibh ár gceathrúna íochtaracha gan chosaint ar an chlábar agus an fheartainn. Ba iad na cinn ba laige inár measc a bhí thíos leis ar dtús, cionn is gur beag an teacht aniar a bhí iontu agus is gasta a bhí siad ag meath. Ach tháinig mé féin agus Tophthorn slán as go dtí an t-earrach, Tophthorn ag teacht slán as droch-chasacht a chroith a cholainn mhór uilig amhail is go raibh sé ag iarraidh an sracadh a réabadh as. Ba é an Captaen Stewart a tháinig i dtarrtháil air, á chothú le prátaí brúite te agus á chlúdach chomh maith agus a thiocfadh leis nuair a bhíodh dúlaíocht an gheimhridh ann.

Agus ansin, oíche fhuar fheanntach go luath san earrach, agus an sioc ina luí ar ár ndroim, tháinig na trúipéirí ar ais chuig na línte capall go luath

gan choinne. Tharla sé roimh éirí na gréine. Bhí cogaitocht fhiáin gan stad gan staonadh ann an oíche sin. Bhí gleo agus scleondar úr sa champa. Níorbh é seo ceann de na gnáthchleachtaí a mbíodh muid ag dúil leo. Tháinig na trúipéirí ar na línte capall agus éide iomlán chatha orthu, dhá chríos gualainne, mála aerscagaire, raidhfil agus claíomh. Cuireadh an diallait orainn agus bhog muid go ciúin amach as an champa agus amach ar an bhóthar. Labhair na trúipéirí ar an chath a bhí romhainn agus d'imigh an frustrachas agus an míshásamh go léir a bhain leis an díomhaointeas damanta ar an toirt agus iad ag gabháil fhoinn ar an diallait. Agus bhí an Trúipéir Warren ag gabháil fhoinn leo chomh meidhreach le duine ar bith acu. Tháinig an scuadrún agus an reisimint le chéile san oíche agus é fuar gruama mar oíche. Ní raibh ann ach sráidbhaile beag scriosta, nach raibh beo ann i ndáiríre ach cait, agus d'fhan siad ansin ar feadh uair an chloig go dtí gur nochtadh solas liathbhán na gréine thíos ag bun na spéire. Agus fós féin chualathas pléascadh na ngunnaí agus iad ag greadadh leo go fíochmhar agus an talamh á chroitheadh thíos fúinn. Chuaigh muid thart leis na hospidéil ar an mhachaire agus na gunnaí éadroma

sula ndeachaigh muid anonn de shodar chuig na trinsí cúltaca leis an chéadspléachadh a fháil ar láthair an chatha. Bhí léirscrios agus díothú le feiceáil i ngach áit. Ní raibh oiread agus foirgneamh amháin ina sheasamh gan damáiste. Níor fhás oiread agus gas amháin féir sa chré a bhí stroicthe scriosta. Tháinig deireadh leis an cheol a bhí le cluinstit thart orm agus lean muid ar aghaidh faoi thost bagrach agus amach thar na trinsí a bhí beo le fir, agus a gcuid beaiginití ceangailte dá gcuid raidhfíli. Lig siad corrscairt astu agus muid ag cleatráil thar na cláir agus amach i bhfásach an idirthalaimh, amach i bhfiántas mór de shreanga agus de phoill na sliogán agus de smionagar gránna an chogaidh. Go tobann tháinig deireadh le scaoileadh na ngunnaí os ár gcionn. Bhí muid ar an taobh eile den tsreang. Scaip an scuadrún amach i ngrúpaí leathana míchothroma agus chualathas an buabhall. Mhothaigh mé na spoir á ngearradh isteach i mo chléibh agus bhog mé suas in aice le Tophthorn agus muid ag bailiú linn ar sodar. ‘Cuir bród orm, a Joey,’ arsa an Trúipéir Warren, ag tarraingt a chlaímh. ‘Cuir bród orm.’

CAIBIDIL 8

AR FEADH CÚPLA BOMAITE GAIRID BHOG muid chun tosaigh ar an tsodar chéanna agus a rinne muid sa traenáil. I gciúnas marfach latrach an áir níor chualathas ach gliogar na húma agus seitreach na gcapall. Shiúil muid ár mbealach go cúramach thar na cuasa pléascáin ag fanacht inár líne chomh maith agus a thiocfadh linn. Níos faide ar aghaidh uainn ag barr cnoic le fána réidh bhí a raibh fágtha de choill a bualadh go trom agus go díreach thíos fúithi, rolla gránna meirgeach de shreang dheilgneach sínte amach i gcéin ar fhíor na spéire.

‘Sreang,’ a chuala mé an Trúipéir Warren a rá de chogar tríd a chuid fiacla. ‘Ó a Dhia, a Joey,

dúirt siad go mbeadh an tsreang imithe, dúirt siad go dtabharfadh na gunnaí faoin tsreang agus go nglanfadh siad an tsreang ar shiúl. Ó a Dhia!’

Bhí muid ag dul ar bogshodar anois agus go fóill féin ní raibh iomrá ar bith ar an namhaid. Bhí na trúipéirí ag scairteadh ar an namhaid dofheicthe, á síneadh féin amach thar mhúineál a gcapall, a marc-chlaimhte sínte amach rompu. Rinne mé réidh le dul ar cosa in airde le coinneáil suas le Tophorn agus nuair a rinne mé sin, thit na chéad sliogáin uafásacha inár measc agus scaoileadh na meaisínghunnaí. Bhí tús curtha le racán an chogaidh. Gach áit thart orm bhí fir ag caoineadh agus ag titim go talamh, agus bhí capaill ag búireadh agus ag cúlú le tréan feirge agus péine. Phléasc an talamh ar gach taobh díom, ag caitheamh capall agus marcach díreach isteach san aer. Bhí sianaíl na sliogán le cluinstitín os ár gcionn, agus bhí gach pléascán mar a bheadh crith talún ann dúinne. Ach chuaigh an scuadrún ar aghaidh ar stealladh cos in airde gan ghéilleadh agus ar aghaidh i dtreo na sreinge ar bharr an chnoic, agus chuaigh mé leis.

Thuas ar mo dhroim choinnigh an Trúipéir Warren greim an fhir bháite orm lena ghlúine. Baineadh tuisle

asam agus mhothaigh mé gur chaill sé stíoróip, agus mhoilligh mé le seans a thabhairt dó í a aimsiú arís. Bhí Topthorn go fóill chun tosaigh orm, a chloigeann in airde, agus a eireaball ag dul go gasta ó thaobh go taobh. Mhothaigh mé níos mó nirt i mo chosa agus rith mé de ruathar ina dhiaidh. Bhí an Trúipéir Warren ag guí os ard agus é ag marcaíocht orm, ach ba ghairid gur tháinig athrú ar a chuid focal agus go raibh sé ag stróiceadh na mionnaí móra in áit a bheith ag guí agus é ag amharc ar an ár thart air. Níor bhain ach roinnt capall an tsreang amach agus bhí mé féin agus Topthorn ina measc. Bhí roinnt poll maith go leor sa tsreang áit ar tharla pléascán ónár gcuid buamaí móra agus bhí muid ábalta bearna a aimsiú tríd an tsreang dá thairbhe; agus faoi dheireadh tháinig muid ar chéadlíne thrinsí an namhad, ach bhí siad folamh. Tháinig scaoileadh na ngunnaí anois ó áit níos airde thuas i measc na gcrann; agus mar sin tháinig an scuadrún le chéile arís, nó a raibh fágtha de, agus chuaigh ar cosa in airde suas agus isteach sa choill, gan iad ag dúil le teacht ar líne shreinge faoi cheilt a bheith istigh i measc na gcrann. Rith cuid de na capaill isteach sa tsreang sula raibh seans ann iad a stopadh, agus i sáinn ansin, rinne na marcaigh a

seacht ndícheall iad a bhaint amach aisti. Chonaic mé trúipéir amháin ag teacht anuas dá chapall d'aonturas nuair a chonaic sé go raibh a chapall i sáinn. Bhain sé a raidhfil amach gur scaoil sé a chapall sular thit sé féin marbh ar an tsreang. Chonaic mé láithreach nach raibh bealach ar bith tríd, gurbh é an t-aon bhealach amháin a bhí ann ná léim thar an tsreang agus nuair a chonaic mé Tophorn agus an Captaen Stewart ag dul thairsti de léim ag an áit ab ísle, lean mé iad agus sa deireadh thiar bhí muid inár seasamh i measc an namhad. Rith siad chun tosaigh agus iad gléasta ina gclogad biorach le frithionsaí a dhéanamh orainn agus mhothaigh mé iad ag teacht amach as cúl gach crainn agus as na trinsí gach áit thart orainn. Rith siad thart linn faoi dheifir, ag tabhairt neamhaird orainn go dtí gur mhothaigh muid go raibh complacht iomlán de shaighdiúirí ar gach taobh dín, agus a gcuid raidhfilí dírithe orainn.

Tháinig deireadh tobann le racán na sliogán agus le scaoileadh pléascach na ngunnaí. D'amharc mé thart orm féin leis an chuid eile den scuadrún a fheiceáil, agus fuair mé amach go raibh muid linn féin. Taobh thiar dín chuaigh na capaill gan mharcaigh ar cosa in airde ar ais i dtreo ár dtrinsí féin, sin a raibh fágtha

den scuadrún bhródúil de mharcshlua, agus bhí an taobh sléibhe thíos fúinn clúdaithe leis na mairbh agus leo siúd a bhí ag fáil bháis.

‘Caith uait do chlaíomh, a Thrúipéir,’ arsa an Captaen Stewart, agus é ag cromadh anuas ina dhiallait agus ag leagan a chlaímh uaidh go talamh. ‘Tharla go leor áir gan mhaith anseo inniu. Ní fiú cur leis.’ Shiúil sé le Tophthorn níos cóngaraí dúinn agus tharraing a shrianta chuige. ‘A Thrúipéir, d’inis mé duit tráth go raibh an chuid ab fhearr de na capaill sa scuadrún againn, agus inniu thaispeáin siad dúinn gurb iadsan na capaill is fearr sa reisimint ar fad, san arm iomlán ar fad – agus níl oiread agus scríob orthu.’ Tháinig sé anuas den chapall agus na saighdiúirí Gearmánacha ag siúl ina threo agus rinne an Trúipéir Warren amhlaidh. Sheas siad ansin taobh le taobh agus greim acu ar ár gcuid srianta agus bhí siad thart timpeall orainn. D’amharc muid siar ar an láthair chatha thíos an cnoc. Bhí roinnt capall go fóill ag streachailt ar an tsreang, ach capall ar chapall scaoil slua coise na Gearmáine a bhí ag teacht chun tosaigh iad, a raibh seilbh glactha acu an athuir ar a gcuid trinsí. Ba iad na hurchair dheireanacha den chath iad.

‘A leithéid de chur amú,’ arsa an Captaen. ‘Nach uafásach an cur amú é. Anois nuair a fheicfidh siad seo, seans go dtuigfidh siad nach féidir capaill a sheoladh isteach in éadan na sreinge agus na meaisínghunnaí. Is féidir go ndéanfaidh siad athmhachnamh air anois.’

Bhí an chuma ar na saighdiúirí thart orainn go raibh siad ar a bhfaichill romhainn agus choinnigh siad amach uainn. Ba chosúil nach raibh a fhios acu go díreach cad é ba chóir dóibh a dhéanamh linn. ‘Na capaill, a dhuine uasail?’ a d’fhiafraigh an Trúipéir Warren. ‘Cad é a tharlóidh do Joey agus Tophthorn anois?’

‘An rud céanna agus a tharlóidh dúinne, a Thrúipéir,’ arsa an Captaen Stewart. ‘Ár ndála féin, is cimid cogaidh iad.’ Agus na saighdiúirí ar gach taobh dinn gan focal astu, treoraíodh muid thar mhullach an chnoic agus isteach sa ghleann thíos. Bhí dath glas ar an ghleann anseo go fóill toisc nár tharla cath ar bith ar an talamh seo fós. Choinnigh an Trúipéir Warren a lámh thar mo mhúineál an t-am ar fad le mé a chur ar mo shuaimhneas agus mhothaigh mé go raibh sé mo dhéanamh réidh le slán a fhágáil agam.

Labhair sé go séimh isteach i mo chluas. ‘Ní dóigh liom go ligfidh siad duit teacht liom an áit a mbeidh

mise ag dul, a Joey. Ba mhian liom go ligfeadh, ach ní thig leo. Ach ní dhéanfaidh mé dearmad díot choíche. Geallaim é sin duit.’

‘Ná bíodh imní ar bith ortsa, a Thrúipéir,’ arsa an Captaen Stewart. ‘Tá an oiread dúil ag na Gearmánaigh sna capaill agus atá againn féin iontu. Beidh siad ceart go leor. Cibé ar bith, tabharfaidh Tophorn aire do Joey s’agatsa – thig leatsa a bheith cinnte de sin.’

Nuair a tháinig muid amach as an choill agus isteach ar an bhóthar thíos stad ár dtreoraí muid. Cuireadh ar an Chaptaen Stewart agus ar an Trúipéir Warren máirseáil síos an bóthar i dtreo fothrach. Is dócha gur sráidhbaile a bhí ann lá dá raibh. Lena linn sin, seoladh mé féin agus Tophorn trasna na bpáirceanna agus níos faide síos an gleann. Ní raibh an t-am ann le slán mór fada a fhágáil ag a chéile – slíocadh beag gasta den tsrón go díreach do gach capall againn agus bhí siad imithe. Agus iad ag siúl uainn, bhí lámh Chaptaen Stewart thar ghualainn Thrúipéir Warren aige.

CAIBIDIL 9

SHEOL BEIRT SAIGHDIÚIRÍ NEIRBHÍSEACHA ar shiúl muid síos cosáin feirme, trí úlloird agus anonn an droichead sular ceanglaíodh muid de phuball otharlainne roinnt mílte ón áit ar beireadh orainn. Bhailigh scaifte saighdiúirí thart orainn láithreach. Bhí siad dár slíocadh agus dár gcuimilt agus thosaigh mé a smeachadh m'eireabaill le mífhoighne. Bhí ocras agus tart orm agus fearg orm fosta gur scaradh mé ón Trúipéir Warren.

Agus go fóill féin bhí an chuma ar an scéal nach raibh a fhios ag duine ar bith cad é ba chóir a dhéanamh linn go dtí gur tháinig oifigeach, a raibh cóta fada liath air agus bindealán timpeall an chloiginn aige,

amach as an phuball. Fear thar a bheith ard a bhí ann agus é cloigeann iomlán níos airde ná duine ar bith eile a bhí thart air. Léirigh an leagan siúil aige agus an dóigh ar iompair sé é féin duine a bhí cleachta le feidhm a bhaint as cumhacht. Bhí bindealán thar leathshúil aige ionas nach raibh ach leathchuid dá aghaidh le feiceáil. Agus é ag siúl inár dtreo chonaic mé go raibh sé bacach, go raibh bindealán trom ar leathchois aige agus go raibh air taca a bhaint as bata. Léim na saighdiúirí siar agus é ag teacht i láthair agus sheas go righin ar aire. D’amharc sé orainn beirt ó mhullach go sáil agus ba shoiléir an meas a bhí aige orainn, ag claonadh a chinn agus ag ligean osna agus é ag amharc orainn. Ansin thiontaigh sé chuig na fir. ‘Tá na céadta acu cosúil leis na cinn seo marbh amuigh ar ár gcuid sreinge. Tá mé ag rá leat, dá mbeadh splanc den chrógacht atá sna hainmhithe seo ionainn féin bheadh muid i bPáras faoin tráth seo agus ní bheadh muid ag streachailt amuigh anseo sa chlábar. Tháinig an dá chapall seo trí thine ifern le teacht anseo – ba iadsan an t-aon bheirt a tháinig slán as. Ní raibh an locht orthusan gur tugadh orthu iarracht in aisce a dhéanamh. Ní ainmhithe de chuid an tsorcais iad, is laochra iad, an dtuigeann sibh,

laochra, agus ba chóir caitheamh leo ar an dóigh sin. Agus seasann sibh thart ag stánadh orthu. Níl duine ar bith agaibh gortaithe go dona agus tá an dochtúir i bhfad róghnóthach le sibh a fheiceáil faoi láthair. Mar sin de, ba mhaith liom go mbainfí an diallait de na capaill seo, go gcuimleofaí iad agus go dtabharfaí fodar agus uisce dóibh gan a thuilleadh moille. Beidh coirce agus féar de dhíth orthu, agus blaincéad do gach capall acu, brostaigí anois.’

D’imigh na saighdiúirí leo faoi dheifir, ag scaipeadh soir siar, agus taobh istigh de roinnt bomaití caitheadh go fial fairsing liom féin agus le Tophorn agus iad ag dul as a mbealach le bheith cineálta linn más ciotach a bhí siad. Ba léir nár láimhseáil duine ar bith acu capall riamh roimhe, ach ba chuma linne cionn is go raibh muid chomh buíoch sin as an fhodar agus as an uisce a thug siad dúinn. Bhí a raibh de dhíth orainn againn an mhaidin sin, agus i rith an ama sin uilig, choinnigh an t-oifigeach ard súil ar gach rud óna áit faoi scáth na gcrann, ag baint taca as a bhata. Ó am go ham thagadh sé chugainn agus chuimlíodh sé a lámh ar ár ndroim agus ar ár gceathrúna, ag claonadh a chinn le sásamh agus ag léamh an liodáin dá chuid saighdiúirí ar mhionsonraí faoi phórú capall

agus é ár scrúdú. I ndiaidh tamaill tháinig fear a raibh cóta bán air amach as an phuball le bheith ina chuideachta, bhí a chuid gruaige in aimhréidh agus cuma bhán ar a aghaidh le tuirse. Bhí fuil ar a chóta.

‘Fuarthas glaoch ón cheanncheathrú maidir leis na capaill, a Herr Hauptmann,’ arsa an fear a raibh an cóta bán air. ‘Agus deir siad liom go gcaithfidh mé iad a choinneáil do na fir a mbeidh sínteán de dhíth orthu. Tá a fhios agam an dearcadh atá agat ar na cúrsaí seo a Hauptmann, ach is oth liom nach dtig leat iad a ghlacadh. Tá géarghá leo anseo, agus an dóigh a bhfuil rudaí ag dul tá eagla orm go mbeidh tuilleadh de dhíth orainn. Ní raibh ansin ach an chéad ionsaí – beidh tuilleadh le teacht. Tá muid ag dúil le hionsaí leanúnach – cath fada a bheas ann. Tá an cás amhlaidh ar an dá thaobh, nuair a chuireann muid tús le rud éigin tá an chosúlacht ar an scéal go gcaithfidh muid cás a chruthú agus glacann sé sin am agus faigheann daoine bás dá bharr. Beidh an oiread modhanna iompair othar agus a thig linn a fháil de dhíth, idir inneall agus chapall.’

Sheas an t-oifigeach go díreach sa dóigh go raibh iomlán a airde le feiceáil, agus chuir sé cuil an diabhair air féin le tréan feirge. Bhí cuma scanrúil

air agus é ag tabhairt aghaidh ar an fhear a raibh an cóta bán air. ‘A dhochtúir, ní féidir leat capaill bhreátha de chuid mharcshlua na Breataine a chur ag tarraingt cairteacha! Is cinnte go mbeadh bród ar ár gcuid reisimintí capall féin, mo Reisimint Lansaithe féin san áireamh, agus iad tógtha go mór le teann lúcháire dá mbeadh a leithéid de bheithígh iontacha ina measc. Ní thig leat é a dhéanamh a Dhochtúir, ní thabharfaidh mé cead duit.’

‘A Herr Hauptmann,’ arsa an dochtúir go foighneach – ba léir nach raibh eagla ar bith air. ‘An bhfuil tusa ag déanamh i ndáiríre, i ndiaidh mhire na maidine seo go mbeidh taobh ar bith ag baint úsáid as marcshlua choíche arís sa chogadh seo? Nach dtuigeann tú go bhfuil modhanna iompair de dhíth orainn, a Herr Hauptmann? Agus tá siad de dhíth orainn anois. Tá fir amuigh ansin, fir chróga idir Ghearmánaigh agus Shasanaigh, ina luí ar shínteáin sna trinsí agus faoi láthair níl go leor modhanna iompair ann le iad a thabhairt ar ais chuig an ospidéal anseo. Anois an bhfuil tú ag iarraidh go bhfaighidh siad uilig bás, a Herr Hauptmann? Inis dom. Ar mhaith leat iad bás a fháil? Dá dtiocfadh leis na capaill seo bheith ceangailte de chairt thiocfadh

leo iad a thabhairt ar ais ina sluaite. I bhfírinne, níl ár sáith otharcharr againn le freastal orthu, agus an méid atá againn, cliseann orthu nó téann siad in abar sa chlábar. Le do thoil, a Hauptmann. Tá do chuidiú de dhíth orainn.’

‘Tá an saol mór,’ arsa an t-oifigeach Gearmánach, agus é ag croitheadh a chinn, ‘tá an saol mór as a meabhair. Nuair is gá do chapail uaisle cosúil leis na capaill seo a bheith ina mbeithígh iompair, tá an saol mór ar strae sa chloigeann. Ach feicim go bhfuil an ceart agat. Is lansaí mé, a Dhochtúir, ach tá a fhios agam féin fiú gur tábhachtaí na fir ná na capaill. Ach beidh ort féachaint chuige go mbeidh duine, a thuigeann capaill, i mbun an dá chapall seo, níl mé ag iarraidh go leagfaidh meicneoir ar bith a mhéara salacha ar an phéire seo. Agus caithfidh tú a insint dóibh gur capaill mharcaíochta iad. Ní bheidh fonn orthu cairteacha a tharraingt ina ndiaidh, is cuma cé chomh huasal agus atá an chúis.’

‘Go raibh maith agat, a Herr Hauptmann,’ arsa an dochtúir. Tá tú iontach cineálta, ach tá fadhb agam, a Herr Hauptmann. Agus tá mé cinnte de go n-aontóidh tú liom. Beidh saineolaí de dhíth orthu ar dtús lena stiúradh go háirithe más rud é nach raibh

siad riamh roimhe ceangailte de chairt. Is í an fhadhb atá agam nach bhfuil ach beirt ghiollaí leighis agam anseo. Is fíor go raibh duine acu ag obair le capall ar fheirm roimh an chogadh; ach leis an fhírinne a rá, a Herr Hauptmann, níl duine ar bith agam a dtiocfadh leis an dá chapall seo a láimhseáil – duine ar bith seachas tú féin. Tá tú le dul chuig Otharlann na Bunáite ar an chéad tionlacan eile otharcharranna, ach ní bheidh siad ann go dtí tráthnóna. Tá a fhios agam gur rud mór é a iarraidh ar fhear gortaithe, ach an dtig leat a fheiceáil an cruachás ina bhfuil mé? Tá roinnt cairteanna ag an fheirmeoir thíos, agus déarfainn na húmacha uilig a bheas de dhíth ort. Cad é a deir tú a Herr Hauptmann? An dtig leat cuidiú liom?

Shiúil an t-oifigeach a raibh na bindealáin air, shiúil sé ar ais chugainn go bacach agus shlíoc an bheirt againn ar an tsrón go cineálta. Ansin tháinig aoibh ar a aghaidh agus sméid sé a cheann. ‘Maith go leor. Is mór an náire é, a Dhochtúir, is mór an náire é,’ ar seisean. ‘Ach más gá é a dhéanamh b’fhearr liom féin é a dhéanamh agus a bheith cinnte de go ndéanfar mar is ceart é.’

Agus an tráthnóna sin i ndiaidh dóibh breith

orainn, ceanglaíodh mé féin agus Tophthorn dá chéile taobh le taobh le seanchairt féir agus leis an oifigeach ag tabhairt orduithe don bheirt ghiollaí, seoladh muid suas trí na coillte siar chuig an áit a raibh trup na ngunnaí agus na daoine gortaithe ag fanacht linn. Tháinig scaoll ar Tophthorn agus d’fhan sé mar seo i rith an ama agus ba léir nár tharraing sé riamh roimhe; agus sa deireadh bhí an deis agam féin cuidiú leis, le dul chun tosaigh, le cúiteamh a thabhairt dó agus le é a chur ar a shuaimhneas. Shiúil an t-oifigeach chun tosaigh orainn ag an tús, ag siúl go bacach in aice liom agus a bhata ina láimh aige, ach ba ghairid go raibh sé muiníneach go leor le dul suas ar an chairt leis an bheirt ghiollaí agus greim a fháil ar na srianta. ‘Rinne tú an cineál seo oibre roimhe, a chara,’ ar seisean. ‘Thig liom é sin a aithint. Bhí a fhios agam i gcónaí go raibh na Briotanaigh ar mire glan. Anois agus fios agam go mbaineann siad úsáid as bhur leithéid mar chapail chairte, tá mé fíorchinnt de sin. Is é sin an rud is cúis leis an chogadh seo, a chara. Is é an fáth atá leis, lena fháil amach cé acu den dá thaobh is mó atá ar mire. Agus is léir go raibh buntáiste agaibh mar Bhriotanaigh ar dtús. Bhí sibhse ar mire cheana féin.’

An tráthnóna sin ar fad agus cogadh dearg ann

bhí muid ag strácáil suas chuig na línte, ag tarraingt na n-othar ar shínteáin inár ndiaidh ar ais chuig an Otharlann Mhachaire. Turas roinnt mílte gach bealach a bhí ann ar bhóithre agus chosáin a bhí breac le poill áit ar thit na sliogáin agus le coirp fear agus capall ina luí scaipthe ar fud na háite. Bhí an t-ionsaí ó na gunnaí móra ón dá thaobh gan stad gan staonadh. Bhí tormán na ngunnaí le cluinstitín ag réabadh tríd an aer os ár gcionn an lá ar fad agus an dá arm ag caitheamh a gcuid fear ar a chéile ar latrach an áir, agus tháinig na fir ghortaithe ina sluaite, an chuid sin a bhí ábalta siúl, tháinig siadsan aniar ar na bóithre. Chonaic mé na haghaidheanna liatha céanna ag amharc amach faoina gclogad áit éigin eile roimhe. Ba iad na héidí airm an t-aon difear amháin a bhí ann – bhí siad liath anois agus maisithe le corda dearg agus ní clogaid chruinne le duilleoga leathana a bhí ar a gceann.

Bhí an oíche ann beagnach sular fhág an t-oifigeach ard muid, ag fágáil slán againn agus ag an dochtúir ó chúl an otharchairr agus é ag imeacht leis de phreab trasna na páirce agus amach as radharc. Thiontaigh an dochtúir chuig na giollaí a bhí linn an lá ar fad. ‘Féachaigí chuige go dtabharfar togha na haire dóibh, don bheirt sin,’ ar seisean. ‘Shábháil

siad daoine maithe ar an bhás inniu, an bheirt sin – Gearmánaigh mhaithe agus Sasanaigh mhaithe. Tá togha na haire tuillte acu. Féachaigí chuige go dtabharfar togha na haire don bheirt sin.’

Den chéad uair an oíche sin ó tháinig muid chun cogaidh, bhí stábla agam féin agus ag Tophorn agus ba gheall le Nollaig againn é. Baineadh na muca agus an éanlaith chlóis amach as an scioból ar an fheirm a bhí ina suí thall sa pháirc agus seoladh isteach muid chuig áit a bhí ag cur thar maoil le féar milis agus buicéid uisce a bhí fuar agus a thug faoiseamh dúinn.

An oíche sin i ndiaidh dúinn ár gcuid féir a chríochnú, luigh mé féin agus Tophorn taobh le chéile ar chúl an sciobóil. Bhí mé leathmhúscailte agus ní thiocfadh liom smaoineamh ar rud ar bith eile seachas na pianta a bhí sna matáin agus na cosa nimhneacha. Go tobann osclaíodh doras an stábla de dhíoscán agus líonadh an stábla le solas oráiste preabach. Bhí coiscéimeanna le cluinstitín ar chúl an tsolais. D’amharc muid suas agus bhí eagla mo chroí orm ar an bhomaite sin. Ar feadh bomaite beag shamhlaigh mé go raibh mé ar ais sa bhaile sa stábla le Zoey bhocht. Chuir an solas preabach trína chéile mé, ag cur athair Albert i gcuimhne dom láithreach. Bhí

mé i mo sheasamh i bhfaiteadh na súl agus ag cúlú siar ón tsolas agus Tophorn taobh liom, mo chosaint air. Nuair a labhair an duine, áfach, níorbh é guth garbh meisciúil athair Albert é, ach guth deas séimh. Cailín óg a bhí ann. Thiocfadh liom a dhéanamh amach anois go raibh beirt ar chúl an tsolais, seanduine, seanduine cromtha ceamach a raibh bróga adhmaid air, agus bhí cailín óg ina seasamh taobh leis, seál thart ar a cloigeann agus ar a guailí.

‘Seo agat é, a Dhaideo,’ ar sise. ‘Nár inis mé duit gur chuir siad isteach anseo iad. An bhfaca tú riamh aon rud chomh galánta céanna leo? Ó an dtig liomsa iad a choinneáil, a Dhaideo? Le do thoil an dtig liomsa iad a choinneáil?’

CAIBIDIL 10

MÁS FÉIDIR LEAT A BHEITH SÁSTA I LÁR tromluí, bhí mé féin agus Tophorn sásta an samhradh sin. Gach lá bhí orainn na turais chontúirteacha chéanna a chur dinn suas chuig an líne thosaigh nár bhog ach cúpla céad slat i ngach treo in ainneoin na n-ionsaithe agus na bhfrithionsaithe gan stad gan staonadh. Ba mhinic muid le feiceáil ag tarraingt na bhfear marbh agus na bhfear a bhí ag fáil bháis inár ndiaidh ar an chairt othar ar an bhealach pollta. Níos mó ná uair amháin, scairt saighdiúirí gartha molta linn agus iad ag dul thar bráid. Uair amháin, i ndiaidh dúinn siúl ar aghaidh go tromchrúbach, róthuirseach le heagla a bheith orainn, tríd an ionsaí fhíochmhar

a bhí ár mbualadh ar dhá thaobh an bhóthair os ár gcomhair agus ar ár gcúl, tháinig duine de na saighdiúirí, duine a raibh a chóta clúdaithe le fuil agus le clábar, tháinig sé gur sheas sé liom in aice le mo chloigeann agus chuir a lámh thar mo mhuineál agus thug póg dom.

‘Go raibh maith agat, a chara,’ ar seisean. ‘Níor smaoinigh mé riamh go dtabharfadh siad choíche muid amach as an íochtar ifrinn sin. Tháinig mé air seo inné agus smaoinigh mé go gcoinneoinn dom féin é, ach tá a fhios agam an áit ar chóir dó a bheith.’ Agus shín sé a lámh amach gur chuir sé ribín a raibh clábar air thart ar mo mhuineál. Bhí Crois Iarainn ar crochadh ar a bhun. ‘Beidh ort é a roinnt le do chara,’ ar seisean. ‘Deir siad liom gur Sasanaigh an bheirt agaibh. Bíodh geall gur sibhse na chéad Sasanaigh a ghnóthaigh Crois Iarainn sa chogadh seo agus déarfainn nach mbeidh bhur leithéid arís ann.’ Bhuail na daoine gortaithe a bhí taobh amuigh den phuball otharlainne a mbosa agus chuir gáir mholta astu go ndearnadh macalla díobh a thug dochtúirí, banaltraí agus othair amach as an phuball de rith lena fháil amach cad é ba chúis leis an bhualadh bos i lár an anró uilig.

Chuir siad ár gCrois Iarainn in airde ar thairne taobh amuigh de dhoras ár stábla agus ar na laethanta ciúine, nach raibh mórán acu ann, nuair a tháinig deireadh le pléascadh na sliogán agus nuair nár ghá dúinn an turas a dhéanamh chuig an líne thosaigh, shiúladh cuid de na daoine a bhí gortaithe anuas ón otharlann chuig clós na feirme le cuairt a thabhairt orainn. Ní thiocfadh liom a dhéanamh amach cad é ba chúis leis an adhradh seo ach thaitin sé go mór liom, agus mé ag síneadh mo chloiginn thar chomhla ard an stábla nuair a chuala mé iad ag teacht isteach sa chlós. Sheasadh mé féin agus Tophorn taobh le taobh ag an doras le fáilte mhór a chur roimh an mholadh agus roimh an adhradh gur chosúil nach raibh deireadh leis – agus in amanna bhíodh bronntanas ann a raibh fáilte mhór roimhe fosta ar nós cnapán siúcra nó úill.

Ach ba iad tráthnónta an tsamhraidh sin a mhaireann go fóill i mo chuimhne. Is minic nach mbíodh muid ag teacht isteach sa chlós de thrup go dtí clapsholas; agus i gcónaí bhíodh an cailín beag agus a daideo, a tháinig chugainn an chéad tráthnóna sin, ag fanacht linn ag doras an stábla. Ní dhearna na giollaí ach muidne a fhágáil faoina gcúram – agus ba mhaith an rud é, mar cé go raibh siad

an-chineálta ní raibh barúil ar bith acu faoi chapail. Ba iad Emilie bheag agus a daideo a d'áitigh go dtabharfadh siadsan aire dúinn. Chuimil siad muid agus thug siad aire dár gcréachtaí agus dár mbrúnna. Thug siad bia agus deoch dúinn agus chuir cóir orainn agus ar dhóigh éigin thagadh siad ar go leor tuí le leaba the thirim a dhéanamh réidh dúinn. Rinne Emilie scothóga don bheirt againn le ceangal thar ár súile ionas nach mbeadh na cuileoga ag cur isteach orainn, agus sna tráthnónta teo fada thugadh sí muid amach le bheith ag innilt ar an chluain thíos faoin teach feirme agus d'fhanadh sí linn ag amharc orainn ag innilt go dtagadh a daideo ag glaoch orainn le dul isteach arís.

Créatúr beag leochaileach a bhí inti, ach shiúil sí linn thart an fheirm agus í breá muiníneach agus ag labhairt an t-am ar fad faoi na rudaí a rinne sí i rith an lae agus faoi cé chomh cróga agus a bhí muid agus faoi cé chomh brodúil agus a bhí sí asainn.

Le teacht an gheimhridh arís nuair a d'éirigh an féar leamh agus gan maitheas ar bith ann, dhreapadh sí suas isteach sa lochta go gcaitheadh sí ár gcuid féir thirim anuas chugainn, agus luíodh sí ar urlár an lochta ag amharc orainn tríd an chomhla thógála

agus muidne ag tarraingt an fhéir ón raca gur ith muid é. Agus le linn dá daideo a bheith ag obair leis thart orainn, bhíodh sí ag clabaireacht go meidhreach léi faoin dóigh a mbeadh sí ag marcaíocht orainn trí na coillte nuair a bheadh sí níos sine agus níos láidre agus nuair a bheadh na saighdiúirí uilig imithe chun an bhaile agus an cogadh thart – ag marcaíocht orainn capall ar chapall, ar sise – agus ar an dóigh nach mbeadh a dhath ar bith de dhíth orainn choíche dá mba rud é go bhfanfadh muid léi go deo na ndeor.

Seanchapail sheanchleachta a bhí ionam féin agus in Topthorn, agus seans maith gurbh é sin an rud a thiomáin amach muid trí phléascáin na sliogán siar chuig na trinsí gach maidin, ach bhí níos mó ná sin i gceist. Dúinne, ba é an dóchas ionainn go mbeadh muid ar ais an tráthnóna sin inár stábla agus go mbeadh Emilie ann le muid a chur ar ár suaimhneas agus le grá a thabhairt dúinn. Bhí sé sin romhainn le muid a choinneáil ag dul agus le bheith ag dúil leis. Tá dúil ag capall ar bith i bpáistí ó nádúr de bhrí gur séimhe a labhraíonn siad, agus go bhfuil siad róbheag le bheith contúirteach; ach ba pháiste ar leith a bhí in Emilie dúinne, de bhrí gur chaith sí gach bomaite a thiocfadh léi inár gcuideachta agus í chomh ceanúil

sin orainn. D'fhanadh sí ina suí gach tráthnóna linn ár gcuimilt agus ag tabhairt aire dár gcrúba, agus bhíodh sí ina suí arís le héirí na gréine le féachaint chuige go bhfuair muid ár gcuid bia mar is ceart sular sheol na giollaí muid ar shiúl gur cheangail siad leis an chairt othar muid. Dhreapadh sí an balla taobh leis an lochán agus sheasadh sí ansin ag croitheadh lámhe orainn, agus cé nach raibh mé riamh in ann tiontú thart, bhí a fhios agam go mbíodh sí ansin go dtí go mbíodh muid as radharc ar an bhóthar. Bhíodh sí ann nuair a thagadh muid ar ais tráthnóna ag croitheadh a lámh le chéile agus sceitimíní uirthi agus í ag amharc orainn á scaoileadh saor ón cheangal.

Ach tráthnóna dá raibh le teacht an gheimhridh ní raibh sí ann le fáilte a chur romhainn mar ba ghnách. Bhí muid ag obair níos crua fiú an lá sin ná ba ghnách linn de bhrí go raibh bac ar an bhóthar ar na feithiclí, seachas feithiclí capaill suas chuig na trinsí leis an chéad titim sneachta den gheimhreadh. Mar sin de, b'éigean dúinn dhá oiread turas a dhéanamh leis na daoine gortaithe a thabhairt isteach. Bhí muid spíonta, ocrach, tuirseach. Ba é daideo Emilie a sheol muid isteach sa stábla, gan focal as ach d'fhreastail orainn go gasta sula ndeachaigh sé faoi dheifir trasna

an chlóis chun an tí. Chaith mé féin agus Tophorn an tráthnóna sin ag doras an stábla agus muid ag amharc ar thitim shéimh an tsneachta agus ar an tsolas phreabarnach istigh sa teach feirme. Bhí a fhios againn go raibh rud éigin cearr sular tháinig an seanduine ar ais gur inis sé dúinn.

Tháinig sé go mall san oíche, agus chualathas a chosa ag brú tríd an tsneachta. Bhí na buicéid de mhaistreáin déanta aige a mbíodh muid ag dúil leo agus shuigh sé ar an fhéar faoin laindéar agus d’amharc sé orainn ag ithe. ‘Bíonn sí ag guí ar bhur son,’ ar seisean, ag sméideadh a chinn go mall. ‘An bhfuil a fhios agaibh, gach oíche sula dtéann sí a luí bíonn sí ag guí ar bhur son? Chuala mé í. Guíonn sí ar son a hathar agus a máthar atá marbh – maraíodh iad gan ach seachtain thart ó thús an chogaidh. Sliogán amháin, sin a raibh de dhíth. Agus bíonn sí ag guí ar son a dearthár nach bhfeicfidh sí choíche arís – gan é ach seacht mbliana déag d’aois agus gan uaigh féin aige. Tá sé amhail is nár mhair sé riamh seachas inár n-intinn. Ansin bíonn sí ag guí ar mo shon agus go rachaidh an cogadh thart ar an fheirm agus nach mbainfidh sé linn, agus sa deireadh guíonn sí oraibh beirt. Guíonn sí ar son dhá rud; sa chéad

dul síos go dtiocfaidh sibh beirt slán sábháilte as an chogadh agus go mairfidh sibh go mbeidh cnagaois oraibh, agus sa dara dul síos, más rud é go mairfidh, ba bhreá léi a bheith libh. Níl ach trí bliana déag slánaithe aici, Emilie s’agamsa, agus tá sí ina luí thuas ansin gan fios agam an mairfidh sí go maidin. Deir an dochtúir Gearmánach as an otharlann liom go bhfuil níúmóine uirthi. Is dochtúir maith go leor é fiú más Gearmánach é – rinne sé a dhícheall, ach is i lámha Dé atá sí anois, agus go dtí seo ní raibh Dia go mór ar leas mo theaghlaigh. Má chailltear í, má fhaigheann Emilie s’agamsa bás, is é rud go múchfar an t-aon solas amháin atá fágtha i mo shaol.’ D’amharc sé suas orainn trí shúile a raibh an iliomad roc thart orthu agus chuimil sé deoir dá aghaidh. ‘Má thuigeann sibh rud ar bith dá ndúirt mé, bígí ag guí ar a son chuig cibé dia atá ag na capaill, bígí ag guí ar a son ar an dóigh a mbíonn sise ag guí ar bhur son.’

Thit cuid mhór sliogán an oíche sin agus roimh éirí na gréine an lá dár gcionn tháinig na giollaí chugainn gur sheol siad amach agus isteach sa tsneachta muid gur ceanglaíodh muid de chairt. Ní raibh iomrá ar bith ar Emilie ná ar a daideo. Agus muid ag tarraingt na cairte tríd an tsneachta úr gan smál an mhaidin sin,

bhí a raibh de neart ionainn de dhíth orm féin agus ar Tophthorn leis an chairt fholamh féin a tharraingt aníos chuig an líne thosaigh. Bhí poill na bpléascán i bhfolach ar fad faoin bhrat sneachta, sa dóigh go raibh muid ag cur stró orainn féin le teacht amach as an charn sneachta agus as an chlábar a raibh ár gcosa ag dul i mbá ann.

Bhain muid an líne thosaigh amach, ní bhainfeadh ach gur chuidigh an bheirt ghiollaí linn a léim amach as an chairt nuair a bhí muid i sáinn gur thiontaigh siad na rothaí lena lámha go dtí go raibh muid saor arís go dtiocfadh leis an chairt fuinneamh a bhailiú tríd an tsneachta arís.

Bhí an otharlann taobh thiar den líne thosaigh, bhí sí dubh leo siúd a bhí gortaithe agus b'éigean dúinn ualach níos troime a tharraingt ar ais ná mar a tharraing muid riamh, ach ar an dea-uair is le fána a bhí muid ag dul an chuid is mó den am. Go tobann chuimhnigh duine éigin air go raibh Lá Nollag ann agus dúirt siad carúil mhalla cheolmhara an bealach ar fad ar ais. An chuid is mó acu, othair dallta ag an ghás a bhí iontu a bhí i bpian agus chaoin cuid acu mar gheall ar an radharc a bhí cailte agus iad ag gabháil charúl. Rinne muid an oiread turas an lá sin

agus níor stop muid ach amháin nuair nach raibh an otharlann ábalta glacadh le tuilleadh.

Oíche réaltógach a bhí ann cheana féin faoin am ar bhain muid an fheirm amach. Tháinig deireadh le titim na sliogán. Ní raibh bladhmanna ar bith ann leis an spéir a dhéanamh geal agus dallóg a chur ar na réaltaí. Níor scaoileadh oiread agus gunna amháin an bealach ar fad ar an lána. Tháinig síocháin ar feadh oíche amháin, ar a laghad. Bhí an sneachta sa chlós reoite leis an tsioc. Bhí solas ag damhsa inár stábla agus tháinig daideo Emilie amach sa tsneachta gur bhain sé ár srianta den ghiolla.

‘Oíche bhreá atá ann,’ ar seisean linn agus é ár seoladh isteach. ‘Oíche mhaith atá ann agus tá gach rud go breá. Tá maistreán agus féar agus uisce istigh ansin faoi bhur gcoinne – thug mé cuid sa bhreis daoibh anocht, ní de bhrí go bhfuil sé fuar ach de bhrí gur ghuigh sibh ar a son. Caithfidh sé gur ghuigh sibh chuig an dia capall sin atá agaibh cionn is gur mhúscail Emilie s’agamsa ag am lóin, shuigh sí go deimhin, agus an bhfuil a fhios agaibh an chéad rud a dúirt sí? Tá, ar sise. ‘Caithfidh mé éirí, caithfidh mé a gcuid maistreáin a bheith réidh dóibh nuair a thiocfaidh siad ar ais.’ Ba é an t-aon dóigh a dtiocfadh

leis an dochtúir Ghearmánach sin í a choinneáil ina luí ná gealladh di go dtabharfaí ciondálacha sa bhreis daoibh anocht, agus chuir sí d'fhiachadh air gealladh go dtabharfaí an méid céanna daoibh a fhad agus a mhairfidh an aimsir fhuar. Mar sin de, isteach libh mo thaiscí agus ithigí bhur sáith. Fuair muid uilig bronntanas Nollag inniu, nach bhfuair? Agus tá gach rud go breá, tá mé á rá leat. Tá gach rud go breá.'

CAIBIDIL 11

AGUS MHAIRFEADH GACH RUD GO BREÁ GO ceann tamaill ar a laghad. Mar bhog an cogadh ar shiúl uainn i dtobainne an t-earrach sin. Bhí a fhios againn nach raibh deireadh leis de bhrí go dtiocfadh linn torann na ngunnaí a chluinstin i gcéin agus thagadh na trúipéirí ag máirseáil síos tríd an chlós feirme ó am go ham agus suas chuig an líne. Ach ba lú líon na saighdiúirí gortaithe a bhí le tabhairt isteach anois agus ba lú an gá dúinn ár gcairt othar a tharraingt anonn agus anall chuig na trinsí. Cuireadh mé féin agus Tophorn amach ag innilt ar an fhéar ar an chluain taobh leis an lochán an chuid is mó den am, ach bhí sé go fóill fuar feanntach tráthnóna agus

sioc ann ó am go ham agus thagadh Emilie s'againne i gcónaí le muid a chur isteach roimh thitim na hoíche. Níor ghá di muid a sheoladh. Níor ghá di ach glaoch a chur orainn agus lean muid í.

Bhí Emilie go fóill lag leis an tinneas a bhí uirthi agus bhíodh sí ag casacht go trom agus í ag peataireacht orainn sa stábla. Ó am go chéile tharraingíodh sí í féin suas ar mo dhroim agus shiúlainn féin go hiontach séimh thart an clós agus amach ar an chluain agus Tophthorn mo leanúint go gar i mo dhiaidh. Níor bhain sí úsáid as srianta ná as diallait ná as béalbhach ná as spoir ach shuigh sí a cosa scartha orm ní mar a bheadh mo mháistreás ann ach mar a bheadh cara liom ann. Bhí Tophthorn níos airde agus níos leithne ná mé, mar sin de, bhí sé doiligh di dul suas air agus níos deacra arís teacht anuas. In amanna bhaineadh sí úsáid asam mar a bheadh céim ann le dul suas ar Tophthorn, ach ba dhoiligh an beart di é agus thit sí de uair nó dhó lena linn.

Ach ní bhínn féin ná Tophthorn in éad le chéile agus bhí sé breá sásta a bheith ag spágáil leis in aice linn agus í a ghlacadh ar a mhúin nuair a bhuaileadh fonn uirthi. Tráthnóna amháin ag tús an tsamhraidh, bhí muid amuigh ar an chluain ár gcosaint féin faoi

scáth crann cnó capaill ar theas na gréine nuair a chuala muid tionlacan leoraithe ag tarraingt orainn ón líne thosaigh. Agus iad ag teacht isteach ar gheata na feirme ghlaioigh siad orainn agus d'aithin muid gurbh iad na giollaí, na banaltraí agus na dochtúirí as an otharlann mhachaire a bhí ann. Nuair a stad an tionlacan sa chlós rith muid anonn chuig an gheata in aice leis an lochán ar cosa in airde agus d'amharc muid amach thairis. Tháinig Emilie agus a daideo amach as an bhothán bainne agus iad sáite i gcomhrá leis an dochtúir. Go tobann, chruinnigh na giollaí a raibh an oiread sin aithne againn orthu thart orainn. Dhreap siad an claí gur shlíoc siad agus gur chuimil siad muid go han-cheanúil. Bhí siad tógtha ach ar dhóigh éigin brónach san am chéanna. Rith Emilie inár dtreo agus í ag béicíl agus ag screadaíl.

‘Bhí a fhios agam go dtarlódh sé,’ ar seisean. ‘Bhí a fhios agam. Ghuigh mé go dtarlódh sé agus tharla sé. Níl sibh de dhíth orthu níos mo lena gcairteanna a tharraingt. Tá siad ag aistriú na hotharlainne níos faide ar aghaidh suas an gleann. Tá cath ollmhór ag tarlú thuas ansin agus, mar sin de, tá siad ag bogadh uainn. Ach níl siad ag iarraidh sibhse a thabhairt leo. D’inis an dochtúir cineálta sin do Dhaideo go dtig

libh beirt fanacht – cineál cúitimh atá ann ar an chairt a d’úsáid agus ar an bhia a ghlac siad agus de bhrí gur thug muid aire daoibh i rith an gheimhridh ar fad. Deir sé go dtig libh fanacht agus a bheith ag obair ar an fheirm go dtí go mbeidh sibh de dhíth ar an arm arís – agus ní bheidh sibh, agus dá mbeadh chuirfinn i bhfolach sibh. Ní cheadóidh muid dóibh sibhse a thabhairt ar shiúl, an gceadóidh a Dhaideo? Choíche, choíche.’

Agus mar sin de, i ndiaidh slán fada brónach a fhágáil ag a chéile, chuaigh an tionlacan suas an bóthar faoi scamall dusta agus fágadh muid linn féin agus faoi shíocháin le Emilie agus a daideo. Bheadh an tsíocháin galánta ach gairid.

Ba ola ar an chroí agam é go raibh mé arís eile i mo chapall feirme. Agus úim curtha ar Topthorn in aice liom chuaigh muid i gceann oibre agus an lá dár gcionn bhí muid ag baint agus ag tiontú an fhéir. Nuair a rinne Emilie gearán, i ndiaidh an chéad lae fhada sna páirceanna, go raibh a daideo ag tabhairt barraíocht oibre dúinn, ní dhearna sé ach a lámha a chur ar a guaillí agus ar seisean, ‘Amaidí a Emilie. Tá dúil acu san obair. Caithfidh siad a bheith ag obair. Agus cibé ar bith is é an t-aon dóigh a dtig

linne maireachtáil, a Emilie, má théann muid ar aghaidh ar an dóigh a ndeachaigh muid roimhe. Tá na saighdiúirí imithe anois agus más rud é go ligeann muid orainn féin chomh láidir agus is féidir linn is é rud go mb'fhéidir go n-imeodh an cogadh go deo. Caithfidh muid maireachtáil mar a mhair muid ariamh, ag baint an fhéir, ag baint na n-úll agus ag curaíocht an talaimh. Ní thig linn a bheith beo amhail is nach mbeidh amárach ann. Ní thig linn a bheith beo ach go n-itheann muid agus caithfidh ár gcuid bia teacht amach as an talamh. Caithfidh muid an talamh a shaothrú más maith linn a bheith beo agus caithfidh an bheirt sin é a oibriú linn. Ní miste leo, tá dúil acu san obair. Amharc orthu, a Emilie, an bhfuil cuma mhíshásta orthu?'

Ní raibh deacracht ar bith ag Topthorn an t-aistriú a dhéanamh ó iompróir féir a tharraingt ina dhiaidh in áit chairt na n-othar agus chuaigh sé i dtaithe air go furasta; agus domsa, aisling a bhí ann le fada ó d'fhág mé an fheirm i mo dhiaidh in Devon. Arís eile bhí mé ag obair i gcuideachta daoine a bhí áthasach gealgháireach agus a raibh cion acu orm. Tharraing muid an fómhar le croí mór maith, mé féin agus Topthorn, ag tarraingt na gcairteanna troma lán féir

isteach sa scioból áit a raibh Emilie agus a seanathair ag folmhú na gcairteanna. Agus lean Emilie uirthi ag tabhairt aire dúinne go fonnmhar – tugadh aire do gach smál agus do gach créacht láithreach agus níor ceadaíodh dá daideo barraíocht oibre a thabhairt dúinn is cuma cé chomh mór agus a rinne sé gearán. Ach ní thiocfadh le saol suaimhneach na feirme fanacht mar sin, ní i lár an chogaidh sin.

Bhí an féar uilig beagnach curtha isteach nuair a tháinig na saighdiúirí ar ais tráthnóna amháin. Bhí muid inár stáblaí nuair a chuala muid trup na gcrúb agus tormán na rothaí ar na clocha duirlinge agus an colún ag teacht isteach sa chlós de shodar. Bhí na capaill, a tháinig seisear i gcuideachta a chéile, ceangailte de ghunnaí móra, agus sheas siad ina n-áiteanna agus a n-anáil i mbarr a ngob acu le tréan iarrachta. Bhí fir ag marcaíocht ar gach péire acu a raibh aghaidh chrua chruálach orthu le feiceáil faoina mbairéid liatha. Mhóthaigh mé láithreach nárbh iadsan na giollaí caomha a d'imigh uainn roinnt seachtainí roimhe sin. Bhí aghaidh chrua agus aisteach orthu agus bhí buaireamh agus cruachás le sonrú ina súile. Dhealraigh sé gur beag duine acu a rinne gáire nó aoibh fiú. Ní raibh na fir seo cosúil

leis na fir a chonaic muid roimhe. Níor tháinig ach saighdiúir amháin chugainn, an duine a thiomáin an chairt armlóin. Shlíoc sé muid agus labhair sé go cineálta le Emilie bheag.

I ndiaidh dóibh dul i gcomhairle le daideo Emilie ar feadh tamall gairid rinne trúpaí na hairtléire campa ar chluain s’againne an oíche sin, agus thug siad uisce dá gcuid capall as lochán s’againne. Bhí mé féin agus Tophorn tógtha faoi theacht na gcapall úr agus chaith muid an tráthnóna ar fad agus ár gcloigne sínte thar chomhla dhoras ár stábla ag seitreach leo, ach bhí an chuma ar a mbunús go raibh siad róthuirseach le freagra a thabhairt orainn. Tháinig Emilie a insint dúinn faoi na saighdiúirí an tráthnóna sin agus d’aithin muid go raibh sí buartha de bhrí nár labhair sí ach i gcogar.

‘Ní maith le Daideo go bhfuil siad anseo,’ ar sise. ‘Níl muinín aige as an oifigeach, deir sé go bhfuil súil an tseabhaic aige agus ar mhaithe leis féin atá an seabhac. Ach beidh siad imithe ar maidin, ansin beidh muid linn féin arís.’

Go luath an mhaidin dár gcionn, agus dorchadas na hoíche ag imeacht as an spéir, tháinig cuairteoir chuig ár stáblaí. Fear tanaí a bhí ann, a bhí bán san

aghaidh agus éide air a raibh dusta air a stán thar an doras orainn le scrúdú a dhéanamh orainn. Bhí súile aige a sheas amach as a aghaidh agus a chuir an chuma air go raibh sé ag stánadh ort gan stad gan staonadh agus bhí spéaclaí air a raibh frámaí sreinge orthu. Stán sé orainn go géar trí na spéaclaí sin, agus é ag claonadh a chinn i rith an ama. Sheas sé ar feadh roinnt bomaití agus ansin d'imigh sé.

Le solas an lae, bhí trúpaí na hairtléire uilig cruinnithe le chéile sa chlós réidh le himeacht, agus bualadh cnag trom gan stad gan staonadh ar dhoras theach na feirme. Chonaic muid Emilie agus a daideo ag teacht amach sa chlós agus a gculaith oíche orthu go fóill. ‘Do chapail, a dhuine uasail,’ a d’fhógair an t-oifigeach a raibh na spéaclaí air, go lom,’ Beidh mé ag tabhairt do chuid capall linn. Tá foireann agam nach bhfuil ach ceithre chapall aici agus tá beirt eile de dhíth orm. Tá an chuma orthu gur ainmhithe breátha láidre iad agus is gasta a fhoghlaimoidh siad. Beidh muid á dtabhairt linn.’

‘Ach cad é mar a bheas mé ábalta an fheirm a shaothrú gan chapail?’ arsa daideo Emilie. ‘Níl iontu ach capail feirme, ní bheidh siad ábalta gunnaí móra a tharraingt.’

‘A dhuine uasail,’ arsa an t-oifigeach, ‘tá cogadh ar siúl agus tá capaill de dhíth orm do mo chuid gunnaí. Caithfidh mé iad a thabhairt. Cibé rud a dhéanfaidh tú le d’fheirm, braitheann sé sin ortsa, ach caithfidh mé na capaill seo a thabhairt. Tá siad de dhíth ar an arm.’

‘Ach ní thig leat,’ a bhéic Emilie. ‘Is liomsa na capaill sin. Ní thig leat iad a thabhairt. Ná lig dóibh, a Dhaideo, ná lig dóibh, tá mé ag impí ort gan ligean dóibh.’

Chroith an seandhuine a ghuailí go brónach. ‘A pháiste,’ ar seisean go séimh. ‘Cad é is féidir liom a dhéanamh? Cad é mar a thiocfadh liom cosc a chur orthu? An bhfuil tú ag déanamh gur chóir dom iad a réabadh le mo speal, nó ionsaí a dhéanamh orthu le mo thua? Níl neart air a pháiste, bhí a fhios againn go raibh seans ann go bhféadfadh sé seo tarlú lá éigin, nach raibh a fhios? Labhair muid air minic go leor, nár labhair? Bhí a fhios againn go n-imeodh siad lá éigin. Anois níl mé ag iarraidh deora ar bith a fheiceáil os comhair na ndaoine seo. Caithfidh tú a bheith bródúil agus láidir dála do dhearthár agus ní ligfidh mé duit a bheith lag os a gcomhair. Gabh anois agus fág slán ag na capaill, a Emilie, agus bí cróga.’

Sheol Emilie bheag muid go cúl an stábla agus shleamhnaigh ár n-adhastair orainn, ag cóiriú ár moingeanna go cúramach ionas nach mbainfeadh an rópa liomóg asainn. Ansin shín sí a lámha amach gur chuir sí tharainn iad agus bhrúigh sí a ceann orainn capall i ndiaidh an chapaill agus í ag caoineadh go réidh. ‘Tagaigí ar ais,’ ar sise. ‘Tagaigí ar ais chugam le bhur dtoil. Gheobhaidh mé bás mura dtagann sibh ar ais.’ Thriomaigh sí a deora agus chuir siar a cuid gruaige sular oscail sí doras an stábla gur sheol sí isteach sa chlós muid. Shiúil sí muid go díreach i dtreo an oifigh agus thug na srianta dó. ‘Tá mé á n-iarraidh ar ais,’ ar sise, de ghlór láidir, beagnach fíochmhar. ‘Níl mé ach á dtabhairt duitse ar iasacht. Is liomsa na capaill sin. Is í seo an áit cheart dóibh. Tabhair a sáith bia dóibh agus tabhair aire mhaith dóibh agus déan cinnte de go dtabharfaidh tú ar ais iad.’ Agus shiúil sí thart ar a seanathair agus isteach sa teach gan amharc siar.

Agus muid ag fágáil na feirme, agus mé do mo scuabadh in aghaidh mo chos ar chúl chairt an armlóin, thiontaigh mé agus chonaic mé daideo Emilie ina sheasamh ansin go fóill sa chlós. Bhí aoibh air agus bhí sé ag croitheadh láimhe linn agus

na deora ag sileadh. Ansin bhain an rópa tarraingt thobann throm as mo mhuineál, rud a chuir ag sodar mé, agus chuimhnigh mé arís ar an uair a ceanglaíodh de chairt mé agus a scuabadh liom in aghaidh mo chos. Ach ar a laghad an iarraidh seo bhí Topthorn liom.

CAIBIDIL 12

B'FHÉIDIR GURBH Í AN CHODARSNACHT leis na míonna idileacha a chaith muid le Emilie agus a daideo a d'fhág ar tháinig ina ndiaidh chomh garbh agus chomh searbh sin dom féin agus do Tophorn; nó b'fhéidir nach raibh ann ach go raibh an cogadh ag éirí níos uafásaí i rith an ama. In áiteanna anois bhí na gunnaí curtha i línte na mílte ar fad gan ach roinnt slat eatarthu ar an dá thaobh agus nuair a bhéic siad go fíochmhar bhí an talamh féin ar crith thíos fúinn. Bhí an chuma ar an líne de na daoine gortaithe go raibh sí gan deireadh agus bhí an taobh tíre ar chúl na dtrinsí ina chíor thuathail ar feadh na mílte.

Is cinnte nach raibh an obair féin níos deacra ná

an obair ag tarraingt na cairte othar, ach níor cuireadh i stábla muid níos mó gach oíche, agus ar ndóigh ní thiocfadh linn a bheith ag brath ar Emilie s’againne le cosaint a dhéanamh orainn. Go tobann ní raibh an cogadh i bhfad i gcéin níos mó. Bhí muid ar ais i lár an challáin uafásaigh agus bholadh an chatha, ag tarraingt ár ngunnaí inár ndiaidh tríd an chlábar, agus fir ár ngríosú agus in amanna ag baint úsáid as fuip le déanamh cinnte de gur thug muid na gunnaí chuig an áit ar chóir dóibh dul gan iad buartha fúinne ar chor ar bith. Níorbh é gur fir chruálacha a bhí iontu, ach go díreach go raibh eagla á dtiomáint agus a mbrú, a d’fhág nach raibh áit ná am ann d’aoibhneas an tsaoil eatarthu féin nó eadrainn.

Ní raibh an bia chomh flúirseach céanna anois. Ní bhfuair muid ár gciondáil arbhair ach ina gcodanna agus le teacht an gheimhridh arís eile ní raibh ann ach ciondáil shuarach féir do gach capall againn. Diaidh ar ndiaidh thosaigh muid a chailleadh meáchain agus bhí droch-chuma ag teacht orainn. Ag an am chéanna, dár linn, gur i bhfíochmhaire agus i bhfad a bhí na cathanna ag dul agus bhí muid ag obair níos crua agus ar feadh uaireanta an chloig níos faide ag tarraingt an ghunna; bhí muid nimhneach agus fuar

i rith an ama. Tháinig deireadh le gach lá agus muid clúdaithe le clábar fuar silteach. Bhí sé mar a bheadh an clábar seo ag dul isteach san fheoil agus go raibh muid fuar go cnámh aige.

Meacsán mearaí de shé chapall a bhí ar an fhoireann gunnaí. As an cheathrar a raibh muidne ina gcuideachta ní raibh an airde ná an láidreacht ach i gcapall amháin acu le gunna a tharraingt ar an dóigh cheart, capall ollmhór ar thug siad Heinie air a raibh an chuma air nár chuir gach rud a bhí ar siúl mórthimpeall isteach ná amach air. Rinne an chuid eile den fhoireann a ndícheall aithris a dhéanamh air, ach níorbh é ach Tophorn a bhí ábalta. Ba iad Heinie agus Tophorn an péire chun tosaigh, agus bhí mé féin sna tarraingeálacha taobh thiar de Tophorn in aice le capall cruachaol ar thug siad Coco air. Bhí paistí bána ar a aghaidh a chuir fonn grinn ar na saighdiúirí agus muid ag dul thar bráid. Ach ní raibh greann ar bith ag baint le Coco. Bhí sé níos tobainne i bhfeirg agus é níos gránna ná capall ar bith eile dár casadh orm riamh nó ó shin. Nuair a bhíodh Coco ag ithe a choda ní dheachaigh fear ná capall faoi fhad ciceála ná greama de. Taobh thiar dinn bhí péire pónaithe beaga a raibh dath odhair agus moingeanna agus

eireabail bhúibhána orthu agus iad an-chosúil lena chéile. Ní thioctadh le neach beo an difear a fheiceáil eatarthu, níor thug fiú na saighdiúirí ainmneacha orthu ach ‘an dá Haflinger órga.’ As siocair go raibh siad dathúil agus i gcónaí cairdiúil bhí aird na ngunnadóirí orthu agus iad rud beag ceanúil orthu fiú. Caithfidh sé gur shíl na saighdiúirí tuirseacha gur radharc mí-oiriúnach ach gealgháireach a bhí iontu agus muid ag siúl de shodar síos tríd na sráidbhailte a bhí ina seanbhallóga thuas ag an líne thosaigh. Gan amhras, d’oibrigh siad uilig chomh crua céanna agus an chuid eile againn, agus d’ainneoin go raibh siad beag bídeach, bhí ar a laghad an láidreacht chéanna iontu; ach agus muid ar bogshodar bhí siadsan mar a bheadh coscáin ann, mhoilligh siad muid agus mhill siad rithim na foirne.

Aisteach go leor ba é an fathach Heinie an chéad chapall againn a léirigh laige. Thosaigh a cholainn mhór a mheath mar gheall ar an chlábar fhuar a ndeachaigh muid in abar ann agus an easpa fodair mhaith i rith an drochgheimhridh sin agus taobh istigh de roinnt míonna ní raibh ann ach créatúr lom cnámhach. Bhí áthas an domhain orm mar sin – agus caithfidh mé é sin a admháil – nuair a bhog siad mé

suas chuig an phéire chun tosaigh le Tophthorn; agus cuireadh Heinie siar anois le bheith ag tarraingt taobh le Coco. Ní raibh mórán nirt fágtha i gcorp Coco nuair a thosaigh sé ar an obair mhaslach seo. Thosaigh siad beirt a mheath go gasta go dtí nach raibh maitheas i gcapall ar bith acu ach nuair a bhí siad ag tarraingt ar thalamh mín crua cothrom. Agus ó tharla gurbh annamh a thaistil muid ar a leithéid de thalamh ba ghairid nach raibh maitheas ar bith iontu ar an fhoireann, agus ba mhaslaí an obair don chuid eile againn dá bharr.

Chaith muid gach oíche sna línte agus an clábar sioctha go dtí na speireacha orainn, agus ba mheasa i bhfad an aimsir seo ná an aimsir sa chéad gheimhreadh den chogadh nuair a bhí mé féin agus Tophthorn inár gcapaill de chuid an mharshlua. Bhí trúipéir ag gach capall againn an t-am sin a rinne a dhícheall aire a thabhairt dúinn agus muid a chur ar ár suaimhneas, anois, áfach, ba í éifeachtacht an ghunna an gad ba ghiorra dá scornach agus bhí muidne in áit na leathphingine. Ní raibh ionainn anois ach capaill oibre, agus is amhlaidh a chaith siad linn. Bhí na gunnadóirí bán san aghaidh leis an tuirse agus leis an ocras. Ba é teacht slán as an chogadh

an chloch is mó ar a bpaidrín. Ba chosúil gurb é an seanghunnadóir cineálta a thug mé faoi deara ar an chéad lá a tugadh as an fheirm muid, an t-aon duine acu a raibh an chuma air go raibh an t-am aige fanacht inár gcuideachta. Chothaigh sé muid le harán dubh briosc agus chaith sé níos mó ama linne ná mar a chaith sé lena chomhshaighdiúirí. Sheachain sé iadsan chomh minic agus a thiocfadh leis. Fear beag míshlachtmhar toirteach a bhí ann a rinne maolgháire gan stad gan staonadh agus a bhíodh ag labhairt leis féin ní ba mhinice ná le daoine eile.

Ba léir anois ón chuma a bhí orainn go raibh muid amuigh le fuacht i rith an ama agus gan ár sáith le hithe againn. Is beag capall againn a raibh gruaig ag fás ar a chosa íochtaracha aige agus ní raibh sa chraiceann thíos fúthu ach moll mór créachtaí. Tháinig drochbhail fiú ar na pónaithe beaga diongbháilte Haflinger. Dála na gcapall eile, le gach céim dár ghlac mé anois mhothaigh mé pian dhofhulaingthe i mo chrúba, go háirithe i mo chrúba tosaigh a bhí ag cnagadh ó na glúine anuas, agus ní raibh oiread agus capall amháin ar an fhoireann nach raibh bacach anois. Thug na tréidlianna a oiread aire dúinn agus a thiocfadh leo, agus bhí an chuma ar na

gunnadóirí cruachroíocha fiú go raibh siad buartha de réir mar a chuaigh muid chun donais ach ní thiocfadh le duine ar bith faic a dhéanamh go dtí go mbeadh deireadh leis an chlábar.

Chroith na tréidlianna a gcloigeann go héadóchasach, agus tharraing siar an chuid a thiocfadh leo le haghaidh scíste agus bisigh; ach bhí cuid acu a bhí chomh meata sin gur tugadh ar shiúl iad agus is cosúil gur scaoileadh iad ar an toirt i ndiaidh don tréidlia iad a scrúdú. Ba é sin an dóigh ar éag Heinie maidin amháin, agus chuaigh muid thart leis agus é ina luí sa chlábar, gan ann ach cnapán de chapall cnámhach; agus tharla an rud céann do Choco sa deireadh thiar thall. Bhuail píosa sravnail ar an mhúineál é agus b'éigean é a chur chun báis áit ar thit sé ar thaobh an bhóthair. Ba chuma cé chomh mór agus a bhí an nimh san fheoil aige dó – agus beithíoch mallaithe a bhí ann – ba thruamhéileach uafásach an radharc é ceann de na hainmhithe ar chaith mé an oiread sin ama ag tarraingt ina chuideachta caite i leataobh agus dearmadta sa díog.

D'fhan na pónaithe Haflinger linn i rith an gheimhridh ag cur stró mór ar a ndroim leathan agus ag tarraingt in éadan na dtarraingeálacha agus iad

ag bailiú nirt an méid a bhí ina gcráiceann. Bhí siad séimh cineálta araon, gan lá feirge ar a n-anam cróga, agus d'éirigh mé féin agus Tophthorn an-cheanúil ar fad orthu. Maidir leo féin bhí siad ag brath orainne ar mhaithe le tacaíocht agus cairdeas agus thug mé an dá chuid sin dóibh go toilteanach.

Thug mé faoi deara é den chéadair go raibh Tophthorn ag meath nuair a mhothaigh mé meáchan an ghunna do mo tharraingt níos mó ná roimhe. Bhí muid ag trasnú sruth beag nuair a chuaigh rothaí an ghunna in abar. Thiontaigh mé go gasta gur amharc mé air agus chonaic mé go raibh saothar air agus go raibh sé íseal agus é ag siúl. Ba léir óna shúile an phian anama a bhí air agus ba láidre a tharraing mé féin le seans a thabhairt dó a scíth a ligean.

An oíche sin agus é ag stealladh fearthainne orainn bhreathnaigh mé air agus é ina luí sa chlábar. Níor luigh sé ar a bholg mar a luíodh sé de ghnáth, ach bhí sé sínte amach ar a thaobh, ag ardú a chinn ó am go ham agus taomanna casachta á chroitheadh. Bhí sé ag casacht anois is arís i rith na hoíche agus níor chodail ach ar feadh tréimhsí gairide. Bhí mé buartha faoi, á lí agus ag neadú isteach leis le hiarracht a dhéanamh é a choinneáil te agus le é a chur ar a shuaimhneas

nach raibh sé leis féin agus é i bpian. Thóg mé cian díom féin agus mé ag smaoineamh nach raibh an láidreacht nó an chumhacht chéanna i gcapall ar bith dá raibh aithne agam air agus a bhí in Tophorn agus go gcaithfidh sé go raibh neart láidreachta i dtaisce ann a dtiocfadh leis a bheith ag brath uirthi agus an tinneas seo air.

Agus chomh cinnte agus a bhíonn an Cháisc ar an Domhnach bhí sé ina sheasamh an mhaidin dár gcionn sular tháinig na gunnadóirí a thabhairt ár gcuid arbhair dúinn, agus cé go raibh a chloigeann ar iompar ní b'ísle ná ba ghnách agus nár bhog sé ach go han-trom, thiocfadh liom a fheiceáil go raibh an láidreacht ann go fóill dá mba rud é go dtiocfadh leis a scíth a ligean.

Mhóthaigh mé, áfach, nuair a tháinig an tréidlia an lá sin ag déanamh scrúduithe ar na capaill sna línte gur bhreathnaigh sé go géar ar Tophorn agus gur éist sé go cúramach le frithbhualadh a chroí. 'Is capall láidir é,' a chuala mé é a insint don oifigeach a raibh na spéaclaí air – duine nach raibh dúil ag neach ar bith ann, fir ná capaill. 'Tá pór maith sa cheann seo, rómhaith b'fhéidir a Herr Maorsháirsint, thiocfadh leis a bheith thíos leis dá bharr. Tá sé rómhaith le

gunna a tharraingt, ach níl capall ar bith eile agat lena áit a ghlacadh, má bhainim é den fhoireann, an bhfuil? Is dócha go rachaidh sé ar aghaidh, ach glac go réidh leis é a Herr Maorsháirsint. Siúil leis an fhoireann chomh mall agus is féidir leat, sin nó ní bheidh foireann ar bith agat, agus gan an fhoireann agat nach beag is fiú an gunna?’

‘Beidh air an rud céanna a dhéanamh agus a dhéanann na capaill eile, a Herr Dochtúir,’ arsa an maorsháirsint de ghlór cruu. ‘Gan cuid chuige ná uaidh. Ní thig liom eisceacht a dhéanamh de. Más rud é go ndeir tú go bhfuil sé folláin go leor, tá sé folláin agus sin a bhfuil de.’

‘Tá sé folláin go leor le dul ar aghaidh,’ arsa an tréidlia go drogallach. ‘Ach tá mé ag tabhairt rabhaidh duit a Herr Maorsháirsint. Caithfidh tú aire mhaith a thabhairt dó.’

‘Déanaimid ár ndícheall,’ arsa an maorsháirsint ar nós cuma liom. Agus i gcéad dóibh, rinne. Ba é an clábar a bhí ár marú, capall i ndiaidh an chapail, an clábar agus an ganntanas foscaidh agus bia.

CAIBIDIL 13

AGUS THOSAIGH TOPHORN AN tEARRACH sin agus é lag ag an tinneas agus casacht mhúchta air go fóill, ach tháinig sé slán as. Tháinig muid beirt slán as. Bhí talamh cruá ann anois le siúl air, agus bhí an féar ag fás arís eile sna páirceanna agus thosaigh ár gcorp a dhul i dtéagar dá thairbhe, agus chaill ár gcótaí cuma ghioblach an gheimhridh a bhí orthu agus bhí siad lonrach faoi sholas na gréine. Bhí an ghrian ag lonrú anuas ar na saighdiúirí fosta, ar fhan an éide dhearg liath a bhí orthu giota beag níos glaine. Ba mhinice a bhíodh siad á mbearradh féin anois, agus mar a dhéanadh siad gach earrach thosaigh siad a chaint ar dheireadh an chogaidh agus ar an bhaile

agus ar an dóigh a gcuirfeadh an chéad ionsaí eile deireadh leis agus go bhfeicfeadh siad a dteaghlach roimh i bhfad. Bhí siadsan níos sásta agus chaith siad linn níos fearr dá thairbhe. Tháinig feabhas ar an chiondáil bia fosta leis an aimsir agus chuaigh an fhoireann gunna s’againne amach le díograis agus dúthracht úr inti. D’imigh na créachtaí ónár gcosa agus bhí ár sáith bia againn gach lá, an oiread féir agus a thiocthadh linn a ithe agus neart coirce.

Bhí an dá phánaí bheaga Haflinger ag séideadh agus ag seitreach taobh thiar dinn, agus chuir siad an oiread sin náire orm féin agus ar Tophorn gur imigh muid linn ar cosa in airde – rud éigin nach raibh muid ábalta a dhéanamh i rith an gheimhridh ar fad ba chuma cé chomh crua agus a d’úsáid ár marcaigh an fhuip orainn le muid a bhrostú ar aghaidh. Ó tharla go raibh muid ar ár seanléim arís agus dóchas againn mar gheall ar an cheol agus fheadaíl na saighdiúirí, cuireadh beocht úr ionainn agus muid ag tarraingt ár ngunnaí inár ndiaidh isteach ina n-áit ar na bóithre polltacha.

Ach ní bheadh cath ar bith i ndán dúinn an samhradh sin. Bhíodh scaoileadh na ngunnaí agus pléascadh na sliogán le cluinstitín ó am go ham ach

bhí an chuma ar an scéal go raibh na hairm sásta a bheith ag gnúsachtach agus ag bagairt ar a chéile gan dul i ndeabhaidh le chéile. Níos faide i gcéin ar ndóigh chuala muid ionsaí fíochmhar an earraigh ag tosú as an nua thuas agus thíos an líne, ach ní raibh muid de dhíth lenár ngunnaí a bhogadh agus chaith muid an samhradh sin go measartha suaimhneach le hais na coitiantachta, píosa maith ar chúl na línte. Bhí muid díomhaoin agus dubh dóite fiú agus muid ag innilt ar na cluainte méithe fearbán agus d'éirigh muid ramhar fiú den chéad uair ó thus an chogaidh. B'fhéidir gurbh é sin an fáth ar roghnaíodh mé féin agus Tophthorn leis an chairt armlóin a tharraingt ón iarnród roinnt mílte ar shiúl a fhad le línte na ngunnaí móra, cionn is go raibh muid róramhar, agus mar sin de, bhí muid faoi cheannas an tseansaighdiúra chineálta a bhí chomh maith sin dúinn i rith an gheimhridh ar fad.

Thug gach duine 'Sean-Friedrich mire' air. Shíl daoine go raibh sé ar mire de bhrí go mbíodh sé ag caint leis féin an t-am ar fad agus fiú nuair nach mbíodh sé, bhíodh sé ag gáire faoi scéal greannmhar dá chuid féin nár inis sé do dhuine ar bith riamh. Is do Shean-Friedrich mire a tugadh na tascanna nár

mhaith le saighdiúirí eile a dhéanamh cionn is go raibh sé i gcónaí garach agus bhí a fhios ag daoine sin.

Obair mhaslach leadránach a bhí ann faoin teas agus sa dusta agus níorbh fhada gur chaill muid an meáchan breise agus gur thosaigh muid a éirí lag arís. Bhíodh an chairt i gcónaí róthrom dúinn le tarraingt de bhrí nach raibh aon mhaith ann ach go líonfadh siad í leis an oiread sin sliogán agus a thiocfadh leo ag an iarnród in ainneoin na ngearán a bhíodh ag Friedrich. Ní dhearna siad ach magadh faoi, neamhaird a thabhairt air agus na sliogáin a charnadh suas uirthi. Ar an bhealach ar ais chuig línte na ngunnaí móra shiúladh Friedrich i gcónaí suas na cnoic, ag siúl romhainn go malltriallach cionn is go raibh a fhios aige cé chomh trom agus a bhí an chairt. Ba mhinic a stopadh muid le sos a ghlacadh agus le huisce a ól agus rinne sé iomlán cinnte de go mbíodh níos mó bia againne ná a bhíodh ag na capaill eile a bhí ag ligean a scíthe an samhradh ar fad.

Bhíodh muid ag dúil le teacht na maidine nuair a thagadh Friedrich le muid a thabhairt amach as an pháirc, lenár n-úim a chur orainn agus nuair a d'fhágadh muid driopás agus fuadar an champa inár

ndiaidh. Ba ghairid go bhfuair muid amach nach raibh Friedrich ar mire ar chor ar bith, ach gur fear cineálta séimh a bhí ann nach raibh sé de nádúr ann mar dhuine a bheith ag troid i gcogadh. D’admhaigh sé dúinn agus muid ag treabhadh linn ar an bhóthar chuig an cheannráille gurbh fhada leis a bheith ar ais ina shiopa búistéara in Schleiden, agus go mbíodh sé ag caint leis féin de bhrí gur mhothaigh sé gurbh é féin an t-aon duine amháin a thuig é féin nó a d’éisteadh le rud ar bith a bhíodh le rá aige. Bhíodh sé ag gáire leis féin, a deireadh sé, de bhrí go mbíodh sé ag caoineadh mura mbíodh sé ag gáire.

‘Tá mé á rá libh, a chairde,’ ar seisean lá amháin. ‘Is mé an t-aon fhear céille sa reisimint. Is iad siúd atá as a meabhair, ach níl a fhios acu sin. Tá siad ag troid i gcogadh agus níl a fhios acu cén fáth. Tá sé sin gan chéill agus ar mire. Cad é mar is féidir le fear fear eile a mharú gan a fhios aige i ndáiríre cén fáth, ach amháin go gcaitheann an fear eile éide airm a bhfuil dath difriúil uirthi agus go labhraíonn sé i dteanga eile? Agus deir siad go bhfuil mise ar mire! Is sibhse an t-aon dá chréatúr chéillí a chas orm sa chogadh bhrúidiúil seo, agus mo dhála féin, is é an t-aon fáth a bhfuil sibhse anseo ná gur tugadh anseo

sibh. Dá mbeadh an misneach ionam – agus is é rud nach bhfuil – d’imeodh muid linn síos an bóthar seo gan filleadh choíche. Ach is é rud go scaoilfeadh siad mise nuair a bhéarfadh siad orm agus bheadh an náire ar mo bhean, ar mo pháistí, ar mo mháthair agus ar m’athair go deo na ndeor. Ach mar atá rudaí anois, mairfidh mé tríd an chogadh seo agus ‘Sean-Friedrich Mire’ mar leasainm orm ionas go mbeidh mé ábalta dul ar ais chuig Schleiden agus bheith i mo Bhúistéir Friedrich a raibh aithne agus meas ag gach duine air sular cuireadh tús leis an phraiseach seo.’

Le himeacht ama ba léir gur chuir Friedrich dúil mhór in Tophorn. Agus fios aige go raibh sé tinn tráth, chaith sé tuilleadh ama leis agus thug sé cúram dó, ag cur cóir leighis ar an chneá ba lú dá mbíodh air sula mbíodh deis aici éirí mór agus anró a chur ar Tophorn. Bhí sé cineálta liomsa fosta, ach ní dóigh liom go raibh sé chomh ceanúil céanna ormsa. Bhí sé le tabhairt faoi deara gur minic a sheasadh sé agus gan é ach ag stánadh ar Tophorn agus ba léir ina shúile an grá agus an meas a bhí aige air. Bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh comhthuiscint eatarthu, idir beirt seansaighdiúirí.

B’fhadálach a chuaigh sé ó shamhradh go fómhar

agus ba léir go raibh deireadh ag teacht lenár gcuid ama le Friedrich. Bhí Friedrich chomh tugtha sin do Tophorn faoin am seo gur thairg sé dá dheoin féin go rachadh sé ag marcaíocht ar Tophorn ar chleachtaí gunnaí na foirne a thiocfadh roimh fheachtas an fhómhair. Ar ndóigh rinne na gunnadóirí uilig gáire ar chluinstin an scéil sin dóibh ach bhíodh marcaigh mhaithe i gcónaí gann – agus níor shéan duine ar bith gurbh amhlaidh a bhí – agus arís eile ba muidne an péire chun tosaigh agus Sean-Friedrich Mire ag marcaíocht ar Tophorn. Bhí cara dílis aimsithe againn faoi dheireadh agus duine a dtiocfadh linn muinín iomlán a chur ann.

‘Más rud é go gcaithfidh mé bás a fháil amuigh anseo as baile’, arsa Friedrich lá agus é ag ligean rúin le Tophorn. ‘B’fhearr liom bás a fháil in bhur gcuideachta. Ach déanfaidh mé mo sheacht ndícheall féachaint chuige go dtiocfadh muid uilig slán as agus go rachadh muid abhaile – geallaim an méid sin daoibh.’

CAIBIDIL 14

MAR SIN DE, BHÍ FRIEDRICH AG MARCAÍOCHT linn an lá fómhair sin nuair a chuaigh muid i mbun cogáochta arís. Bhí an trúpa gunnaí ag ligean a scíthe ag meán lae faoi scáth crann mór cnó capaill a chlúdaigh dhá bhruach abhann a raibh loinnir airgid uirthi agus í lán fear a bhí ag lapadaíl agus ag gáire leo agus ba léir gur chuir siad fáilte roimh an chosaint ar an ghrian. De réir mar a bhog muid isteach i measc na gcrann agus de réir mar a dícheanglaíodh na gunnaí, chonaic mé go raibh an choill ar fad dubh le saighdiúirí a bhí ag ligean a scíthe, a gclogaid, a málaí agus a raidhfílí ina luí in aice leo. Shuigh siad siar i gcoinne na gcrann ag caitheamh tobac, nó luigh

siad ar shlat a ndroma agus iad ina gcodladh.

Mar a bheadh muid ag dúil leis, ba ghairid gur tháinig scaifte acu anonn leis an dá Haflinger órga a chuimilt, ach tháinig saighdiúir óg amháin a fhad le Tophthorn agus sheas sé ag breathnú suas air, agus ba léir óna aghaidh go raibh ardmheas aige air. ‘Anois, is capall breá é sin,’ ar seisean, ag glaoch ar chara leis teacht anall. ‘Goitse go bhfeice tú an ceann seo, a Karl. An bhfaca tú riamh beithíoch capaill a bhí níos breátha ná é? Tá cloigeann Arabach air. Thig leat luas na gcapall folaíochta Sasanach a fheiceáil sna cosa aige agus láidreacht Hanófarach ina dhroim agus ina mhuineál. Tá an chuid is fearr de gach rud aige,’ agus shín sé a dhorn suas gur chuimil sé go cineálta ar shrón Tophthorn é.

‘Nach mbíonn a dhath eile ar d’intinn ach capaill, a Rudi?’ arsa a chomhghleacaí, ag cúlú siar uaidh. ‘Tá aithne agam ort le trí bliana agus ní théann lá ar bith thart gan tusa ag caint ar chréatúir anróiteacha. Tá a fhios agam gur tógadh thú ar an fheirm agus iad timpeall thart ort, ach go fóill féin ní thuigim cad é a fheiceann tú iontu. Níl iontu ach ceithre chos, cloigeann agus eireaball agus iad uilig faoi smacht ag inchinn bheag nach dtig léi smaoinreamh ar rud ar

bith eile seachas bia agus deoch.’

‘Cad é mar is féidir leat sin a rá?’ arsa Rudi. ‘Amharc air go díreach, a Karl. Nach dtig leat a fheiceáil gur beithíoch capaill speisialta é? Ní gnáthchapall é an ceann seo, tá uaisleacht ina shúil, suaimehneas ríoga ag baint leis. Nach léiríonn sé i gcolainn chapail gach rud ba mhaith le gach fear a bhaint amach ach nach mbaineann? Tá mé ag insint duit, a chara, tá diagacht sna capaill, agus go speisialta i gcapall mar seo. An lá a chruthaigh Dia na capaill, rinne Sé mar is ceart é. Agus ag teacht ar chapall mar seo i lár an chogaidh shalaigh uafásaigh seo, tá sé mar a bheadh mise ag teacht ar fhéileacán ar charn aoiligh. Ní den chruinne chéanna muid agus créatúr mar seo.’

Chonacthas domsa go raibh na saighdiúirí ag éirí níos óige de réir mar a chuaigh an cogadh ar aghaidh, agus is cinnte nár eisceacht ar bith é Rudi maidir leis seo. Faoina chuid gruaige a bhí bearrtha go dlúth agus í go fóill tais ó chaitheamh an chlogaid, is ar éigean a bhí an chuma air go raibh sé ar an aois chéanna leis an Albert s’agam mar a bhí cuimhne agam air. Agus dála an oiread sin acu anois, gan a chlogad, bhí an chuma air gur pháiste gléasta in éide saighdiúra a bhí ann.

Nuair a thug Friedrich muid síos cois na habhann le deoch a fháil, tháinig Rudi agus an cara leis linne. D’ísligh Tophorn a cheann isteach san uisce in aice liom agus chroith le fuinneamh mar a chroitheadh sé de ghnáth é, ag doirteadh uisce ar m’aghaidh agus ar mo mhúineál, agus é ag tabhairt faoiseamh mór dom ón teas. D’ól sé a sháith agus ina dhiaidh sin sheas muid le chéile ar feadh roinnt bomaití ag amharc ar na saighdiúirí ag súgradh san uisce. Bhí an cnoc a chuaigh siar i dtreo na gcoillte crochta agus polltach, ní iontas ar bith é, mar sin de, gur baineadh tuisle as Tophorn uair nó dhó – ní raibh sé riamh chomh teann ar a chosa agus a bhí mé féin – ach tháinig sé ar ais ar a bhoinn gach uair agus shiúil sé go maslach in aice liom suas an cnoc. Mhothaigh mé, mar sin féin, go raibh sé ag siúl go tuirseach traochta, go raibh gach coiscéim dár ghlac sé ag éirí níos deacra dó. Go tobann bhí a chuid anála gairid stadach. Ansin agus muid ag teacht cóngarach do scáth na gcrann baineadh tuisle as Tophorn agus thit sé síos ar a ghlúine agus níor éirigh sé ina sheasamh arís. Sheas mé ar feadh bomaite le seans a thabhairt dó éirí ar a chosa arís, ach níor éirigh sé. Luigh sé san áit a raibh sé, a anáil i mbarr a ghoib aige agus d’ardaigh

a chloigeann uair amháin le breathnú orm. Achainí ar son cuidithe a bhí ann – thiocfadh liom é sin a fheiceáil ina shúile. Ansin thit sé chun tosaigh ina chnap ar a aghaidh, roll sé agus ní raibh gíog ná míog as. Bhí a theanga amuigh ar a bhéal agus bhí a shúile dírithe orm gan iad ábalta mé a fheiceáil. Chrom mé síos le é a chartadh leis an tsrón, ag brú ar a mhuneál agus mé i mbarr mo chéille ag iarradh é a bhogadh, le tabhairt air múscailt; ach bhí a fhios agam i mo chroí istigh gur marbh a bhí sé cheana féin, go raibh an cara ab fhearr dá raibh agam cailte. Bhí Friedrich thíos ar a ghlúine in aice leis, a chluas brúite in éadan chliabh Tophorn. Chroith sé a cheann nuair a shuigh sé siar agus d’amharc suas ar an scaifte fear a bhí ina seasamh thart timpeall orainn faoin am seo. ‘Tá sé marbh,’ arsa Friedrich go ciúin, agus ansin de ghlór feargach, ‘In ainm Dé, tá sé marbh.’ Bhí brón an domhain air. ‘Cad chuige’ ar seisean, ‘Cad chuige a gcaithfidh an cogadh seo gach rud atá breá álainn a scriosadh agus a mhilleadh?’ Chlúdaigh sé a shúile lena lámha agus chuir Rudi go cineálta ar a chosa é.

‘Ní thig leat rud ar bith a dhéanamh a sheandúine,’ ar seisean. ‘Tá sé as ar fad. Goitse.’ Ach ní raibh Friedrich sásta imeacht. Thiontaigh mé uair amháin

eile chuig Topthorn, agus mé go fóill á lí agus á chartadh leis an tsrón áit ar luigh sé, cé go raibh a fhios agam agus go deimhin gur thuig mé faoin am seo críochnaitheacht an bháis, ach agus mé trombhuartha mhothaigh mé nach raibh mé ach ag iarraidh fanacht leis le sólás a thabhairt dó.

Tháinig an tréidlia a bhí bainteach leis an trúpa de rith anuas an cnoc agus na hoifigigh agus na fir sa trúpa a bhí go díreach i ndiaidh a chluinstin cad é a tharla. I ndiaidh scrúdú beag gasta a dhéanamh d'fhógair seisean fosta go raibh Topthorn marbh. 'Shíl mé sin. D'inis mé duit go raibh sé amhlaidh,' ar seisean beagnach leis féin. 'Ní féidir leo an obair mhaslach sin a dhéanamh. Feicim i gcónaí é. Barraíocht oibre gan go leor ciondálacha agus iad ag maireachtáil amuigh faoin aer i rith an gheimhridh ar fad. Feicim i gcónaí é. Ní thig le capall mar seo cur suas ach le méid áirithe. Cliseadh croí a tháinig ar an chréatur bhocht. Cuireann sé fearg orm gach uair a tharlaíonn sé. Níor chóir dúinn caitheamh le capaill ar an dóigh sin – caitheann muid níos fearr lenár gcuid innealra.'

'Cara dom a bhí ann,' arsa Friedrich gan focal eile a rá, agus é ag dul síos arís ar a ghlúine thar

Topthorn leis an choiléar cloiginn a bhaint de. Bhí na saighdiúirí uilig ina seasamh thart timpeall orainn gan focal ar bith astu agus iad ag amharc síos ar chorp Topthorn a bhí sínte ar an talamh, bomaite measa agus bróin ón chroí a bhí ann. B'fhéidir go raibh sé amhlaidh de bhrí go raibh aithne acu air ar feadh tamall fada agus ar dhóigh éigin ba chuid dá saoil féin a bhí ann.

Agus muid inár seasamh go tostach ar thaobh an tsléibhe chuala mé an chéad fheadaíl de shliogán os ár gcionn agus chonaic mé an chéad phléascán agus an sliogán ag teacht anuas san abhainn. Go tobann, bhí an choill beo le fir ag scairteadh, saighdiúirí ag brostú thart agus na sliogáin ag teacht anuas gach áit thart timpeall orainn. Rith na fir a bhí san abhainn suas i dtreo na gcrann agus iad go fóill leathnacht agus ag screadaíl agus an chosúlacht ann gur lean na sliogáin iad. Thit crainn go talamh go pléascach agus tháinig capaill agus fir de rith amach as an choill i dtreo mhullach an chnoic a bhí os ár gcionn.

Bhí fonn orm ar dtús a dhul a rith leo, a rith chuig áit ar bith le héalú ó na sliogáin; ach bhí Topthorn ina luí marbh ag mo chosa agus ní thréigfinn é. Rinne Friedrich, a raibh greim aige orm, a dhícheall mé a

tharraingt in éadan mo chos suas ar chúl ghualainn an chnoic, ag béicíl agus ag scairteadh orm teacht dá mba rud é gur mhaith liom teacht slán as; ach ní féidir le fear ar bith capall a bhogadh mura bhfuil sé ag iarraidh bogadh, agus ní raibh mise ag iarraidh dul áit ar bith. De réir mar a d'éirigh titim na sliogán níos treise thuig sé go raibh a chairde ag imeacht níos faide uaidh i rith an ama nó bhí siadsan ag rith ina scaiftí suas an cnoc agus ag dul as radharc, agus chaith sé uaidh mo shrianta agus rinne sé féin iarracht éalú. Ach faraor, bhí sé rófhadálach agus d'fhág sé rómhall é. Níor bhain sé na coillte amach. Leagadh é gan é ach roinnt coiscéimeanna ó Tophorn, agus thit sé siar síos an cnoc agus luigh sé gan corraí as in aice leis. Ba é an radharc deireanach a chonaic mé de mo thrúpa ná moingeanna bána de chuid an dá phónaí bheaga Haflinger ag dul suas síos agus iad ag streachailt leis an ghunna a tharraingt ina ndiaidh suas isteach i measc na gcrann agus na gunnadóirí ag tarraingt go fíochmhar ar a srianta agus strus orthu leis an ghunna a bhrú ón chúl.

CAIBIDIL 15

SHEAS MÉ IN AICE LE TOPTHORN AGUS Friedrich an lá sin ar fad agus ar feadh na hoíche, gan iad a fhágáil ach babhta amháin ar feadh tamall gairid nuair a chuaigh mé cois abhann faoi choinne deoch uisce. Bhog titim na sliogán soir siar fad an ghleanna, ag réabadh féir agus cré agus crann as an talamh agus isteach san aer agus ag fágáil poll mór ar tháinig toit astu ina ndiaidh amhail is go raibh an domhan féin trí thine. Ach an brón a bhí orm agus an grá i mo chroí istigh, fuair siad an lámh in uachtar ar cibé eagla a bhí orm. Mar gheall orthu seo, bhí orm fanacht le Topthorn a fhad agus a thiocfadh liom. Bhí a fhios agam an uair amháin a d'fhágfainn é go

mbeinn liom féin ar an tsaol seo arís, nach mbeadh a chuid láidreachta ná tacaíochta taobh liom. Mar sin de, sheas mé in aice leis agus d’fhan mé aige.

Is cuimhin liom go raibh breacadh an lae ann agus go raibh mé ag innilt ar fhéar cóngarach don áit a raibh siad ina luí nuair a chuala mé, trí phléascadh agus trí fheadaíl na sliogán, fuaim gheonaíola na mótar agus callán bocht cruach a bhioraigh mo chluasa. Bhí sé ag teacht ó thaobh eile an chnoic ón áit a ndeachaigh na saighdiúirí as radharc tamall ó shin. Callán díoscánach pléascach a bhí ann a tháinig níos cóngaraí i rith an ama; agus níos cóngaraí arís eile gan titim na sliogán le cluinstitín ar chor ar bith anois.

Cé nach raibh a fhios agam é ag an am, tháinig an chéad tanc a chonaic mé riamh thar dhroim an chnoic agus gile bhreacadh an lae taobh thiar de, ollphéist mhór liath a bhí ag treabhadh leis síos an cnoc i mo threo agus toit ag tonnadh amach as a chúl. Níor fhan mé ach cúpla soicind sular chuir an dubheagla orm imeacht ó chorpán Tophorn agus rith an méid a bhí i mo chorp síos an cnoc i dtreo na habhann. Bhuail mé uisce na habhann de phleist gan a fhios agam fiú an mbeinn ábalta seasamh ar an ghrinneall inti nó

nach mbeadh agus bhí mé leath bealaigh thuas an cnoc coillteach ar an taobh thall de sula raibh sé de mhisneach agam stopadh le hamharc siar lena fháil amach an raibh sé sa tóir orm go fóill. Níor chóir dom amharc siar, mar in áit ollphéist amháin a bheith ann bhí roinnt acu ann agus bhí siad ag rolladh go neamhthrócaireach i mo threo, agus iad thart cheana féin leis an áit a raibh Tophorn agus Friedrich ina luí ar thaobh an chnoic a bhí réabtha as a chéile. D’fhan mé san áit a raibh mé, agus mé slán sábháilte, dar liom, faoi fhoscadh na gcrann agus d’amharc mé ar na tancanna agus iad ag trasnú na habhann ar áth sular thiontaigh mé ar mo sháil arís eile agus as go brách liom.

Rith mé gan a fhios agam cén áit a raibh mé ag dul. Rith mé go dtí nach dtiocfadh liom an callán bocht sin a chluinstin níos mó agus go dtí go raibh an chuma ar an scéal go raibh na gunnaí i bhfad i gcéin. Is cuimhin liom gur thrasnaigh mé abhainn arís, agus mé ag rith síos trí chlóis fholmha feirme, ag léim thar chlaíocha agus dhíoga agus thrinsí tréigthe agus ag rith agus mé ag déanamh trup mór trí shráidbhailte a bhí scriosta sula raibh mé sa deireadh thiar thall i mo sheasamh an tráthnóna sin ag innilt i gcluain mhéith

fhliuch agus ag ól uisce as sruthán glé méarógach. Agus i ndeireadh na dála, bhí mé cloíte ag an tuirse, gan fuinneamh ar bith i mo chosa agus b'éigean dom luí síos agus dul a chodladh.

Bhí sé dorcha nuair a mhúscaíl mé agus bhí na gunnaí á scaoileadh arís thart timpeall orm. Ba chuma cén áit ar amharc mé bhí an chosúlacht air go raibh an spéir lasta le splancacha buí lámhach na ngunnaí agus ag soilse bána beodhearga a bhí le feiceáil ó am go ham a chuir isteach go mór ar mo shúile agus a chaith solas an lae ar feadh tamall gairid ar an cheantar thart orm. Cibé áit a ndeachaigh mé bhí an chuma air go raibh mé ag dul i dtreo na ngunnaí. B'fhearrde dom mar sin fanacht san áit a raibh mé, dar liom. Ar scor ar bith, san áit seo bhí mo sháith féir le hithe agus mo sháith uisce le hól agam.

Bhí mé díreach i ndiaidh an cinneadh sin a dhéanamh nuair a tharla pléascadh mór den tsolas bhán os mo chionn agus scoilteadh aer na hoíche le gliogarnach na ngunnaí, na piléir ag bualadh an talaimh in aice liom. Thosaigh mé a rith agus choinnigh mé orm ag rith i ndorchadas na hoíche, agus ba mhinic a bhain díoga agus fálta tuisle asam go dtí nach raibh féar ar bith ar na páirceanna níos

mó agus nach raibh sna crainn ach grágáin i gcoinne splancarnach na spéire. Bhí poill mhóra sa talamh anois gach áit a ndeachaigh mé agus iad lán d'uisce marbh modartha.

Tharla sé agus mé ag stámhailleach amach as a leithéid de pholl gur shiúil mé isteach i gcorna de shreang dheilgneach a bhí dofheicthe ar fad a phrioc mé ar dtús agus a chuir mo chosa tosaigh i sáinn ina dhiaidh sin. Agus mé ag ciceáil amach go fiáin le mé féin a scaoileadh saor, mhothaigh mé dealga na sreinge ag réabadh isteach i mo chosa tosaigh sular scaoil mé mé féin saor. Ina dhiaidh sin ní raibh mé ábalta siúl ach go bacach agus go mall i ndorchadas na hoíche, ag mothú mo bhealaigh romham. Mar sin féin, caithfidh sé gur chuir mé na mílte díom, ach gan a fhios agam cén áit a raibh mé ag dul nó cén áit a raibh mé ag teacht aisti. I rith an ama seo bhí mo chos ag preabadh le pian agus bhí na gunnaí móra le cluinstitín ar gach taobh díom agus bhí urchair na raidhfíilí á scaoileadh go tréan san oíche. Ag cur fola, brúite agus mo chroí i mo bhéal le heagla agam, b'fhada liom thar rud ar bith eile a bheith i gcuideachta Tophthorn arís. Bheadh a fhios aige cén bealach le dul, a d'inis mé dom féin. Bheadh a fhios aige.

Bhí mé ag stámhailleach liom i ndorchadas na hoíche gan ach an smaoineamh ionam gurbh í an áit ba dhuibhe san oíche an t-aon áit amháin a mbeinn slán sábháilte ó thitim na sliogán mo choinneáil ag dul. Taobh thiar díom bhí soilse agus callán bocht toirniúil ó thitim na sliogán agus na mbuamaí móra chomh huafásach agus chomh dian sin, go ndearna sé gile mhínádúrtha an lae de dhoimhneacht na hoíche, agus ní thiocfadh liom smaoineamh ar dhul ar ais cé go raibh a fhios agam gurbh é an bealach sin an áit a raibh Tophthorn ina luí. Bhí scaoileadh na ngunnaí le cluinstitín os mo chomhair agus ar gach taobh díom, ach thiocfadh liom bun dubh na spéire a fheiceáil i gcéin a raibh oíche shuaimhneach ann ba chosúil agus mar sin de shiúil mé liom go neamhchorrach ina treo.

Bhí mo chos ghonta ag éirí righin an t-am ar fad i bhfuacht na hoíche agus chuir sé pian mhillteanach ionam anois fiú nuair a d'ardaigh mé í. Ba ghairid go bhfuair mé amach nach dtiocfadh liom meáchan ar bith a chur uirthi. Bheadh an oíche seo ar an oíche ab fhaide i mo shaol, tromluí péine, uafáis agus uaignis. Is dócha nach raibh ann ach rún daingean a dhéanamh teacht slán as a thug orm siúl ar aghaidh

agus a choinnigh ar mo chosa mé. Thuig mé nach dtiocfadh liom teacht slán as mura gcuirfinn callán an chogaidh chomh fada agus a thiocfadh liom taobh thiar díom. Mar sin de, ní raibh rogha ar bith eile agam ach leanúint ar aghaidh. Ó am go ham phléascadh scaoileadh urchar na raidhfilí agus na meaisínghunnaí thart timpeall orm, agus bheadh mo chroí i mo bhéal le heagla agus mé i mo sheasamh mar a bheadh staicín cloiche ann, scanraithe agus gan ionam bogadh go dtí gur tháinig deireadh le scaoileadh na ngunnaí agus gur mhothaigh mé go dtiocfadh liom mo chuid matán a bhogadh arís eile.

I dtús báire mhothaigh mé nach raibh an ceobhrán ach ag éirí as doimhneacht na gcráitéar a ndeachaigh mé thart leo, ach i ndiaidh roinnt uaireanta an chloig, de réir a chéile mhothaigh mé go raibh ceobhrán dlúth deatach an fhómhair ar gach taobh díom gan mé ábalta ach scáileanna agus cruthanna doiléire dorcha agus geala a fheiceáil thart orm. Beagnach dall anois bhí mé ag brath go huile is go hiomlán ar an bhúir agus ar thorann thitim na sliogán i gcéin, á gcoinneáil an t-am ar fad taobh thiar díom agus ag dul i dtreo an domhain dhorcha a bhí níos suaimhní os mo chomhair.

Bhí breacadh an lae ag tógáil cian díom cheana féin ó ghruaim an cheo nuair a chuala mé glórtha a bhí ag cogarnach agus fuadar fúthu os mo chomhair. Sheas mé gan corraí asam gur éist mé leo, ag cur stró ar mo shúile le teacht ar na daoine ar leo na glórtha. ‘Seasaigí agus déanaigí deifir. Déanaigí deifir a fheara.’ Ní raibh ach monabhar sna glórtha sa cheo. Chualathas cosa a bhí ag bogadh faoi dheifir agus clagarnach na raidhfí. ‘Tóg é a stócaigh, tóg é. Cad é atá tú a dhéanamh? Anois glan an raidhfil sin agus ná déan moill.’ Bhí ciúnas fada ann ina dhiaidh sin agus bhog mé go faiteach i dtreo na nglórtha, agus idir chathú agus uafás orm san am chéanna.

‘Sin arís é, a Sháirsint. Chonaic mé rud éigin, le fírinne, chonaic.’

‘Cad é a bhí ann, a mhic? Arm iomlán na Gearmáine, nó go díreach duine nó beirt acu amuigh ar mhaithe le siúlóid bheag na maidine?’

‘Níorbh fhear é, a Sháirsint, nó fiú níor Ghearmánach é ach oiread – bhí an chuma air gur chapall nó bó a bhí ann, dar liom.

‘Bó nó capall? Amuigh ansin ar thalamh eadrána? Ach cad é faoi Dhia mar a tharla ansin é? A mhic, bhí tú i do shuí rómhall – tá do shúile ag cur dallamullóg ort.’

‘Chuala mé fosta é, a Sháirsint, tá mé ag insint na fírinne duit. I ndáiríre a Sháirsint, geallaim duit go bhfaca.’

‘Bhuel, ní fheicim a dhath, a mhic, agus is é sin de bhrí nach bhfuil a dhath ann. Tá tú trína chéile a mhic, agus de bhrí go bhfuil tú trína chéile chuir tú stop leis an chathlán ar fad uair an chloig roimh an am, agus cé a bheidh ina stócach beag cáiliúil nuair a inseoidh mé an scéal iomlán don leifteanant? Chuir tú isteach ar chodladh an uain s’aige, nár chuir a mhic? Stróic leat agus cuir na captaein mhóra mhaithe agus na ceannfoirt agus na briogáidirí ina suí, agus na sáirsintí deasa sin fosta ‘de bhrí gur shíl tusa go bhfaca tú capall, mar dhea.’ Agus ansin de ghlór níos airde a raibh sé de rún aige go gcluinfadh gach duine é. ‘Ach cionn is go bhfuil muid uilig inár seasamh anseo agus go bhfuil toitcheo Londan amuigh ansin atá chomh tiubh le hanraith piseanna, agus cionn is go mbíonn dúil ag na Gearmánaigh teacht aniar aduaidh orainn inár dtrinsí anseo gan muid ábalta iad a fheiceáil, tá mé ag iarraidh oraibhse a stócatcha súil ghéar a choinneáil ar rudaí agus a bheith iontach faichilleach – ar an dóigh sin beidh muid uilig beo lenár mbricfeasta a ithe, má bhíonn sé ann ar maidin.

Beidh ciondáil rum ag teacht thart i gceann cúpla bomaite do gach duine – cuirfidh sé sin brí ionaibh – ach go dtí sin tá mé ag iarraidh go mbeadh súil ghéar ar airdeall agaibh go léir.’

Agus é ag caint d’imigh mé liom go bacach. Thiocfadh liom mé féin a mhothú ar crith ó mhullach go sáil agus mé ag fanacht go himníoch leis an chéad philéar nó sliogán eile, gan mé ach ag iarraidh a bheith liom féin, ar shiúl ó challán ar bith, ba chuma cé acu a bhí sé bagrach nó nach raibh. Agus drochbhail orm agus mé lag scanraithe ní raibh mé ábalta smaoineamh mar ba cheart agus bhí mé ar seachrán thart tríd an cheo go dtí nach raibh mo chosa in ann mé a tharraingt níos faide. Sheas mé sa deireadh agus mo chos a bhí ag cur fola ag baint taca as cnapán beag de chré úr in aice le cráitéar a bhí lán d’uisce a raibh boladh bréan air, agus bhí mé ag smúrthacht an talaimh in aisce agus mé ar lorg rud éigin le hithe. Ach ní raibh sop féir le feiceáil san áit a raibh mé i mo sheasamh agus ní raibh an fuinneamh ná an toil ionam an bomaite sin céim eile chun tosaigh a ghlacadh. D’ardaigh mé mo cheann arís le breathnú thart orm ar eagla go dtiocfainn ar fhéar ar bith cóngarach dom, agus mé a dhéanamh

seo mhothaigh mé céadsolas na gréine ag teacht tríd an cheo gur bhuaile sé ar mo dhroim mé, rud a chuir creathanna séimhe teasa trí mo chorp craptha conáilte.

Taobh istigh de bhomaití glanadh an ceo agus mhothaigh mé den chéad uair go raibh mé i mo sheasamh ar phasáiste mór clábair, an tírdhreach caite cailte, idir dhá rolla ollmhóra sreinge deilgní nach raibh deireadh leo agus a shín i bhfad i gcéin ar mo chúl agus os mo chomhair. Chuimhnigh mé go raibh mé ina leithéid d'áit roimhe, an lá a thrasnaigh mé féin agus Tophorn é de rith. Ba é seo an áit ar thug na saighdiúirí 'talamh eadrána' air.

CAIBIDIL 16

Ó GACH TAOBH DÍOM MHOTHAIGH MÉ daoine ag éirí tógtha agus an gáire geal acu ag éirí níos airde i rith an ama feadh na dtrinsí, agus orduithe á scairteadh amach ó am go ham go raibh ar gach duine a gcloigeann a choinneáil thíos agus nach raibh cead ag duine ar bith urchar a scaoileadh. I mo sheasamh ar bharr na mullóige, ní thiocfadh liom ach corrspléachadh a fháil ar chlogad cruach, an t-aon fhianaise amháin a bhí agam gur le daoine daonna na glórtha a chuala mé. Mhottaigh mé boladh breá milis bia á dhéanamh réidh agus é á iompar ar an aer chugam agus d'ardaigh mé mo shrón le boladh níos fearr a fháil air. Ba mhilse é ná an maistreán bran ba

mhilse dár bhlais mé riamh agus bhí blaisín salainn air. Tarraingíodh mé bealach amháin ar dtús agus ansin bealach eile ag gealltanais bia a bheadh te, ach gach uair a chuaigh mé níos cóngaraí do na trinsí ar gach taobh díom, tháinig mé ar bhac sreinge deilgní a bhí corntha go scaoilte idir mé agus iad, bac nárbh fhéidir dul tríd. Lig na saighdiúirí scairteanna molta le mo spreagadh agus mé ag teacht níos cóngaraí, a gcloigeann iomlán le feiceáil anois thar na trinsí agus chroith siad a lámh orm ag iarraidh orm dul chucu; agus nuair ab éigean dom cúlú ag an tsreang agus dul trasna an talaimh eadrána chuig an taobh eile, chuir siad fáilte mhór romham arís agus iad ag feadaíl agus ag bualadh bos, ach arís eile ní thiocfadh liom bealach ar bith a fháil tríd an tsreang. Caithfidh sé go raibh mé anonn agus anall an talamh eadrána an chuid is mó den mhaidin sin, gur tháinig mé ar phaiste féir a bhí garbh músánta agus é ag fás ar imeall seanchráitéir.

Bhí mé i mbun gnóthaí ag réabadh an phíosais dheireanaigh ar shiúl nuair a chonaic mé, le heireaball mo shúl, fear gléasta in éide liath ag dreapadh amach as na trinsí, agus bratach bhán á chroitheadh aige os a chionn. D’amharc mé suas agus é ag tosú a ghearradh

a bhealaigh tríd an tsreang de réir a chéile agus ansin á tarraingt ar leataobh. I rith an ama seo bhí neart conspóide agus crá a bhí iontach callánach ag teacht ón taobh eile; agus níorbh fhada gur dhreap neach beag a raibh clogad agus cóta mór scaoilte caicí air amach as na trinsí agus amach ar thalamh eadrána. Bhí ciarsúr bán in airde aige fosta i láimh amháin agus thosaigh seisean fosta a dhéanamh a bhealaigh chugam tríd an tsreang.

Ba é an Gearmánach a tháinig tríd an tsreang ar dtús, agus d'fhág sé bearna chaol taobh thiar de. Tháinig sé i mo threo go malltriallach ag trasnú talamh eadrána, agus é ag scairteadh orm i rith an ama le dul chuige. Chuir sé Friedrich dil i gcuimhne dom láithreach mar bhí seisean, dála Friedrich, ina fhear liath agus cuma mhíshlachtmhar air, agus éide air nach raibh na cnaipí druidte uirthi agus labhair sé go séimh liom. Bhí rópa aige i láimh amháin; agus shín sé a lámh eile amach chugam. Bhí sé go fóill i bhfad rófhada ar shiúl uaim go dtiocfadh liom é a fheiceáil go soiléir, ach ó mo thaithí féin ba mhinic a bhí lámh chuachta lách agus ba leor an gealltanais sin domsa le siúl chuige go bacach agus go faichilleach. Bhí fir ina seasamh i línte ar gach taobh de na trinsí

agus iad ag cur gártha molta astu dom. Bhí siad ina seasamh ar na huchtbharra, a gclogaid ina lámha acu agus iad á gcroitheadh os a gcionn.

‘Hóigh, a stócaigh!’ Chualathas an scairt seo taobh thiar díom agus bhí sé práinneach go leor le mé a stopadh. Thiontaigh mé thart agus chonaic mé an fear beag a raibh éide chaicí air ag siúl de choiscéim chúramach ó thaobh go taobh trasna an talaimh eadrána, agus lámh amháin in airde aige a raibh ciarsúr bán inti. ‘Hóigh, a stócaigh! Cá bhfuil tusa ag dul? Fan bomaite. Tá tú ag dul an bealach contráilte, an bhfeiceann tú?’

Ní thiocfadh leis an bheirt fhear a bhí ag teacht chugam a bheith níos éagsúla lena chéile. Ba é an fear a raibh an éide liath air an duine ab airde den bheirt. Agus é ag teacht níos cóngaraí dom thiocfadh liom roic na mblianta a fheiceáil ar a aghaidh. Bhí gach rud a bhain leis mall agus séimh faoina éide nach raibh ar an méid ceart dó. Ní raibh clogad ar bith air, ach ina áit sin bhí caipín gan píce air agus an banda dearg air a d’aithin mé go maith ina shuí go míchúramach ar chúl a chloiginn. Bhain an fear beag a raibh an éide chaicí air muid amach, a anáil i mbarr a ghoib aige, a aghaidh dearg agus gnúis na

hóige go fóill le sonrú uirthi. Bhí a chlogad cruinn a raibh imeall leathan air tite ar fiar thar chluas amháin. Ar feadh roinnt bomaití tostacha teannasacha sheas an bheirt acu roinnt slat óna chéile, ag amharc go hamhrasach ar a chéile gan focal as ceachtar acu. Ba é an fear óg a raibh an éide chaicí air a bhris an ciúnas agus a labhair ar dtús.

‘Cad é a dhéanfaidh muid anois?’ ar seisean, ag siúl inár dtreo agus é ag amharc ar an Ghearmánach a bhí ina sheasamh agus é i bhfad níos airde ná é. ‘Tá beirt againn anseo gan ach capall amháin le roinnt eadrainn. Ar ndóigh bhí an freagra ag Rí Solamh, nach raibh? Ach níl sé sin an-phraiticiúil sa chás seo, an bhfuil? Agus mar bharr ar an donas, níl focal Gearmáinise agam, agus is léir nach dtuigeann tú féin focal dá bhfuil mise a rá, an dtuigeann? Ó a Dhia, níor chóir domsa teacht amach anseo, tá a fhios agam nár chóir. Níl a fhios agam cad é a tháinig orm, agus é uilig ar mhaithe le capall clúdaithe le clábar fosta.’

‘Ach tuigim, tá cúpla focal Béarla agam ach níl mé ró-iontach,’ arsa an fear is sine, a lámh chuachta sínte amach aige faoi mo shrón go fóill. Bhí sí lán d’arán dubh a bhí briste ina ngiotaí, grabhróg a raibh mé cleachta go leor leis ach a bhí róshearbh domsa

de ghnáth. Anois, áfach, bhí mé ró-ocrach agus is buí le bocht an beagán agus é ag labhairt ba ghairid gur fholmhaigh mé a lámh. ‘Níl ach beagán Béarla agam – mar a labhródh gasúr scoile é – ach sílim gur leor é sin dúinne.’ Fiú agus é ag labhairt mhothaigh mé rópa á shleamhnú go malltríallach thar mo mhúineál go dtí gur teannadh é. ‘Agus maidir leis an fhadhb eile, ó tharla gur mise is túisce a bhí anseo, is liomsa an capall. Nach bhfuil sé sin cothrom, amhail an cruicéad atá agaibh?’

‘Cruicéad! Cruicéad!’ arsa an fear óg. ‘Cé sa Bhreatain Bheag a chuala iomrá riamh ar an chluiche bharbartha sin? Sin cluiche do na Sasanaigh shalacha. Rugbaí, sin an cluiche a bhfuil dúil agam ann, agus ní cluiche é sin. Is reiligiún é sin – san áit ar rugadh mise. D’imir mé mar leathchúlaí clibirte d’fhoireann Maesteg sular chuir an cogadh stop liom, agus in Maesteg deir muidne gur linne an liathróid nach bhfuil ag duine ar bith eile.’

‘Mo leithscéal?’ arsa an Gearmánach, ag cur grainc air féin agus cuma bhuartha air. ‘Ní thuigim cad é air a bhfuil tú ag caint.’

‘Is cuma a Jerry. Níl sé tábhachtach, níl níos mó. Thiocfadh linn é seo uilig a shocrú go síochánta a

Jerry – an cogadh tá mé a mhaíomh – agus bheinn ar ais i mo ghleann féin agus bheifeá ar ais i do ghleann féin. Cibé, níl an locht ortsa is dócha. Ná ormsa ach oiread is dócha.’

Faoin am seo bhí an screadaíl agus an bhéicíl tite chun ciúnais agus d’amharc an dá arm ar a chéile gan gíog ná míog astu agus an bheirt fhear ag labhairt le chéile in aice liom. Bhí an Breatnach ag slíocadh mo shróine agus ag cuimilt mo chluas. ‘Tá tú eolach ar na capaill mar sin?’ arsa an Gearmánach ard. ‘Cé chomh dona agus atá a chos gortaithe? An síleann tú go bhfuil sí briste? Tá an chuma ar an scéal nach siúlann sé uirthi.’

Chrom an Breathnach agus d’ardaigh sé mo chos go cúramach agus go saineolach, ag cuimilt an chlábair den chréacht. ‘Tá drochdhóigh air ceart go leor, ach ní dóigh liom go bhfuil sí briste, a Jerry. Is droch-chréacht í maith go leor, créacht dhomhain – an tsreang ba chúis léi de réir dealraimh. Beidh orainn féachaint chuici go gasta nó éireoidh sí galraithe ag an nimh agus ansin ní bheidh duine ar bith ábalta rud ar bith a dhéanamh dó. Caithfidh sé gur chaill sé cuid mhaith fola agus créacht mar sin air. Is í an cheist atá ann, áfach, cé a ghlacfaidh é? Tá ospidéal

na n-ainmhithe againn áit éigin taobh thiar dár línte agus thioctadh leis na daoine ann aire a thabhairt dó, ach is dócha go bhfuil ceann agaibh fosta.’

‘Tá, sílim go bhfuil. Áit éigin is dócha, ach níl a fhios agam go díreach cén áit,’ arsa an Gearmánach go mall. Agus ansin chuir sé a lámh go domhain isteach ina phóca gur bhain sé bonn amach. ‘Roghnaigh tusa an taobh ba mhaith leatsa, ‘ceann nó cruit’, sílim gurb é sin an rud a deir tú. Taispeánfaidh mise an bonn do gach duine ar gach taobh sa dóigh is go mbeidh a fhios ag gach duine cá bith taobh a bhainfidh an capall, gur de bharr ar an ádh a bhain siad. Mar gheall air sin, beidh sé cothrom ar an dá thaobh agus ní bheidh cúis náire ann do thaobh ar bith, maith go leor? Agus beidh gach duine sásta.’

D’amharc an Breatnach suas le sásamh agus rinne aoibh an gháire. ‘Maith go leor, stróic leat, a Jerry, taispeáin tusa an bonn dóibh agus caith tusa é agus roghnóidh mise an taobh.’

D’ardaigh an Gearmánach an bonn gur lonraigh an ghrian air agus thiontaigh sé i gciorcail mall é sular chaith sé go hard san aer é agus é ag lonnú leis. Agus é ag titim go talamh scairt an Breatnach amach de ghlór ard ionas gur chuala a raibh ann é, ‘Ceann!’

‘Bhuel,’ arsa an Gearmánach ag cromadh lena thógáil. ‘Is é sin aghaidh an Kaiser againn ag amharc aníos orm ón chlábar, agus níl cuma róshásta air liom. Mar sin de, is oth liom a rá go raibh an bua agat. Is leatsa an capall. Tabhair aire mhaith dó, a chara,’ agus thóg sé an rópa arís gur thug sé don Bhreatnach é. Agus é á dhéanamh seo shín sé an lámh eile amach mar chomhartha cairdis agus athmhuintearais, agus aoibh ar a aghaidh chaite. ‘I gceann uair an chloig, nó dhó, b’fhéidir,’ ar seisean. ‘Beidh muid arís ag déanamh ár seacht ndícheall an duine eile a mharú. Tá a fhios ag Dia amháin an fáth a ndéanann muid é, agus sílim go mb’fhéidir go bhfuil dearmad déanta Aige ar an fháth. Slán agat, a Bhreatnaigh. Thaispeáin muidne dóibh, nár thaispeáin? Thaispeáin muidne dóibh gur féidir fadhb ar bith idir daoine a réiteach más rud é go dtig le muinín a bheith acu as a chéile. Sin a bhfuil de dhíth, nach fíor sin?’

Chroith an Breatnach a chloigeann gan é ábalta é a chreidiúint agus é ag fáil greim ar an rópa. ‘A Jerry, a stócaigh, tá mé ag déanamh dá dtabharfadh siad uair nó dhó an chloig dúinne amuigh anseo le chéile, go dtiocfadh linn an phraiseach seo uilig a chur ina ceart. Ní bheadh a thuilleadh baintreach ag sileadh

na ndeor ná páistí ag caoineadh i mo ghleann féin ná i do ghleannsa. Dá dtiocfadh an crú ar an tairne, thiocfadh linn gach rud a shocrú ar chaitheamh boinn. Nach dtiocfadh linn?’

‘Dá socródh muid,’ arsa an Gearmánach agus é ag déanamh maolgháire. ‘Dá socródh muid ar an dóigh sin é, ansin bheadh an seal s’againne ann le bua a fháil. Agus b’fhéidir nach dtaitneodh sé sin le Lloyd George s’agaibhse.’ Agus chuir sé a lámha ar ghuaillí an Bhreatnaigh ar feadh bomaite. ‘Tabhair aire duit féin, a chara agus go n-éirí leat. Auf Wiedersehen.’ Agus thiontaigh sé ar a sháil agus shiúil sé leis go mall trasna an talaimh eadrána chuig an tsreang.

‘Gurab amhlaidh duit, a mhic,’ arsa an Breatnach, de ghlór ard ina dhiaidh, agus ansin thiontaigh seisean fosta gur sheol sé mé siar i dtreo líne na saighdiúirí a bhí gléasta i gcaicí a thosaigh a gháire agus a scairteadh le háthas anois agus mé ag siúl go bacach ina dtreo tríd an bhearna sa tsreang.

CAIBIDIL 17

BA LE TRÉAN IARRACHTA AGUS deacrachta a d’fhan mé i mo sheasamh ar mo thrí chos mhaithe i gcairt an tréidlia a d’iompair mé an mhaidin sin ar shiúl ón Bhreatnach bheag chróga a thug isteach mé. Bhí scaifte saighdiúirí thart timpeall orm le misneach a chur ionam agus mé ag dul chun bealaigh. Ach amuigh ar na bóithre míchothroma ba ghairid gur chaill mé mo chosa féin agus gur thit mé i mo chnapán míchompordach míofar go hurlár na cairte. Bhí mo chos gonta ag broidearnach le pian agus an chairt á luascadh ó thaobh go taobh ar a turas malltriallach ar shiúl ó láthair an chatha. Dhá chapall thoirtiúla dhubha a bhí ag tarraingt na

cairte, an bheirt acu cóirithe go maith agus úmacha maithe a bhí olaithe go maith orthu. Agus mé lag ag na huairanta fada péine agus ocrais níor fhan brí ciaróige ionam agus ní raibh mé fiú ábalta éirí i mo sheasamh nuair a mhothaigh mé na rothaí fúm ag rith ar chlocha míne duirlinge agus nuair a stop an chairt le tarraingt thobann faoi ghrian the bháiteach an fhómhair. Ar theacht a fhad leo dom, chuir na capaill chorraithe fáilte romham le seitreach as béal a chéile agus d'ardaigh mé mo cheann le hamharc orthu. Is ar éigean a bhí mé ábalta a fheiceáil thar na cláir taoibhe, ach chonaic mé clós a raibh clocha duirlinge air agus stáblaí iontacha ar gach taobh de agus teach mór a raibh túiríní ann ar an taobh eile. Bhí cloigeann na gcapall fiosrach le feiceáil thar chomhla gach stábla agus a gcluasa bioraithe acu. Bhí fir gléasta i gcaicí le feiceáil agus iad ag siúl i ngach treo, agus bhí roinnt acu anois ag rith i mo threo, agus adhastar i láimh duine acu.

Ba dhoiligh mé féin a fháil amach as an chairt, cionn is gur beag an fuinneamh a bhí ionam agus go raibh codladh gliúragáin i mo chosa i ndiaidh an turais fhada. Ach chuir siad i mo sheasamh mé agus chuir ag siúl mé go cúramach ar gcúl síos an rampa.

Mhóthaigh mé go raibh mé i lár an aonaigh agus aird gach duine orm i lár an chlóis. Bhí scaifte saighdiúirí ann a scrúdaigh go mion gach ball de mo chorp, agus a mhóthaigh mo cholainn ar fad lena lámha.

‘Cad é faoi Dhia atá sibhse a dhéanamh ansin?’ arsa duine de ghlór búireach toll torannach a chualathas trasna an chlóis. ‘Is capall é. Is capall é dála na gcapall eile.’ Bhí fathach fir ag teacht inár dtreo de chéimeanna fada, trup a bhuataisí le cluinstitín go soiléir ar na clocha duirlinge. Bhí leathchuid dá aghaidh throm dhearg faoi cheilt ag scáth a chaipín speicigh a bhuail a shrón chóir a bheith agus croiméal rua a tháinig aníos óna liopaí chuig a chluasa. ‘Is féidir gur capall clúiteach é. Is féidir gurb é an t-aon chapall damanta amháin é sa chogadh damanta seo ar fad a tháinig slán as talamh eadrána. Ach mar sin, féin níl ann ach capall agus ceann salach chomh maith leis sin. Is iomaí ainmhí gioblach a tugadh isteach anseo le mo linn, ach is é seo an ceann is scrábaí, is salaí agus is mó atá clúdaithe le clábar dá bhfaca mé riamh. Cúis náire atá ann agus sibhse uilig i bhur seasamh ag amharc air.’ Bhí trí straidhp leathana le feiceáil ar mhuinchille a chóta agus bhí na filltíní ina éide chaicí chomh géar le rásúr. ‘Tá breis agus céad capall

san ospidéal seo atá tinn agus níl ach dáréag againne ann le haire a thabhairt dóibh. Iarradh ar an fhalsóir óg seo aire a thabhairt don cheann seo nuair a bhain sé an áit amach, mar sin de, thig leis an chuid eile agaibhse filleadh ar bhur gcuid dualgas, a smuilcíní. Bogaigí libh a fhalsóirí, bogaigí libh!’ Agus scaip na fir soir siar, agus fágadh i gcuideachta an tsaighdiúra óig mé a thosaigh mo sheoladh ar shiúl i dtreo stábla. ‘Agus maidir leat féin,’ arsa an glór búireach arís. ‘Tiocfaidh an Maorsháirsint Martin anuas ón teach i gceann deich mbomaite le scrúdú a dhéanamh ar an chapall sin. Bí cinnte de go mbeidh an capall sin chomh glan lonrach sin go dtiocfadh leat é a úsáid mar a bheadh scáthán ann agus tú do do bhearradh féin, an dtuigeann tú?’

‘Tuigim, a Mhaorsháirsint,’ an freagra a thug seisean air. Freagra a thóg cian díom cionn is gur shíl mé gur aithin mé an guth sin. Ní raibh mé cinnte de go díreach cén áit ar chuala mé an guth sin roimhe. Ní raibh a fhios agam ach gur chuir focail an fhreagra sin lúcháir mhór orm agus gur líon siad mo chroí le dóchas mór agus taitneamh agus gur chuir siad beocht úr ionam. Sheol sé mé go mall trasna na gclloch duirlinge, agus rinne mé iarracht i rith

an ama spléachadh níos fearr a fháil ar a aghaidh. Ach choinnigh sé fad áirithe chun tosaigh orm ionas nach dtiocfadh liom a dhath ar bith a fheiceáil ach a mhúineál beartha go néata agus a chluasa bándearga.

‘Cad é mar a tharla tú in abar amuigh i dtalamh eadrána, a amadáin?’ ar seisean. ‘Sin an t-aon cheist atá ag achan duine anseo ó tháinig an teachtaireacht ar ais go mbeadh siad do do thabhairt anseo. Agus cad é mar a tharla an drochbhail seo ort? Bhéarfainn mionn nach bhfuil orlach díot nach bhfuil clúdaithe le clábar nó le fuil. Is doiligh a rá cén chuma atá ort faoin salachar sin uilig. Mar sin féin, is gairid go bhfaighidh muid amach. Ceanglóidh mé thú anseo agus bainfidh mé an chuid is measa díot amuigh faoin aer. Ina dhiaidh sin scuabfaidh mé mar is ceart thú sula dtiocfaidh an t-oifigeach anseo. Goitse, a amadáin. A luaithe a bheas tú glanta agam thig leis an oifigeach tú a fheiceáil agus cuirfidh sé cóir leighis ar an chneá ghránna sin. Ní féidir liom bia ná uisce a thabhairt duit, is oth liom a rá, go ndéarfaidh seisean liom. Sin an méid a dúirt an maorsháirsint liomsa. Is é sin ar eagla go mbeadh ortsa dul faoi scian.’ Agus an dóigh a raibh sé ag feadaíl agus é ag glanadh na scuab, ba é an fheadaíl chéanna é a

chuaigh leis an ghuth a d'aithin mé. Chinntigh sé an dóchas a bhí ag bolgadh aníos ionam agus bhí a fhios agam anois nach raibh dul amú orm. Tháinig tocht orm le teann lúcháire agus sheas mé ar mo chosa deiridh agus lig mé scread asam le go n-aithneodh sé mé. Bhí mé ag iarraidh air amharc ormsa go n-aithneodh sé mé. ‘Hóigh, bí cúramach, a amadáin. Is beag nár bhain tú an hata díom,’ ar seisean go séimh, agus é ag coinneáil greim daingean ar an rópa agus ag slíocadh mo shróine mar a dhéanadh sé i gcónaí nuair a bhíodh buaireamh orm. ‘Níl call ar bith leis sin. Beidh tú ceart go leor. Glór mór ar bheagán cúise. Bhí aithne agam ar chapall óg díreach cosúil leatsa tráth dá raibh, bhí seisean iontach míshocair go dtí gur chuir mé aithne air agus gur chuir seisean aithne orm.’

‘An bhfuil tusa ag caint leis na capaill sin arís, a Albert?’ arsa glór duine ón stábla béal dorais. ‘A Dhia mo shábháil! Cad chuige faoi Dhia a síleann tú go dtuigeann siad focal ar bith a ndeir tú?’

‘Is féidir nach dtuigeann cuid acu, a David,’ arsa Albert. ‘Ach lá éigin, lá éigin tuigfidh ceann acu mé. Tiocfaidh sé isteach anseo agus aithneoidh sé mo ghuth. Is cinnte go dtiocfaidh sé isteach. Agus ansin feicfidh tusa capall a thuigeann gach focal dá bhfuil mé a rá.’

‘Níl tú ag trácht ar Joey s’agatsa arís?’ Chrom an ceann ar leis an guth thar chomhla an stábla. ‘Nach ndéanfaidh tú dearmad de sin choíche, a Berty? D’inis mé duit roimhe agus tá mé tinn tuirseach ag insint duit. Deir siad go bhfuil ag tarraingt ar leathmhilliún capall damanta amuigh anseo agus chuaigh tusa isteach sa Chór Tréidliachta agus tú ag dul i muinín an chaolseans go dtiocfá air arís.’ Chrúbáil mé an talamh le mo chos ghortaithe agus mé ag déanamh iarrachta aird Albert a fháil go n-amharcfadh sé níos géire orm, ní dhearna sé ach mo mhúineál a shlíocadh, áfach, agus lean sé leis do mo ghlanadh. ‘Tá seans amháin as leathmhilliún go siúlfaidh Joey s’agatsa isteach anseo. Caithfidh tú a bheith níos ciallmhaire. Tá seans ann go bhfuil sé marbh – tá cuid mhaith acu marbh. Seans go bhfuil sé imithe chun na Palaistíne leis an Cheithearn. Thiocfadh leis a bheith in áit ar bith ar na céadta míle de thrinsí. Dá mba rud é nach mbeifeá chomh maith sin leis na capaill, agus dá mba rud é nár tusa an cara ab fhearr dá bhfuil agam, bheinn ag déanamh gur as do chrann cumhachta a bhí tú an dóigh a mbíonn tú ag síorchaint ar Joey s’agatsa.’

‘Tuigfidh tú nuair a fheicfidh tú é, a David,’ arsa

Albert a bhí ag cromadh síos anois leis an chlábar a scríobadh de mo thaobh íochtair. ‘Tuigfidh tú. Níl a mhacasamhail de chapall ann ar chlár na cruinne. Is capall donnrua é a bhfuil moing dhubh agus eireaball dubh air. Tá cros bhán ar chlár a éadain agus ceithre stoca bhána atá uilig ar comh-mhéid chuig an orlach dheireanach ar a chosa. Tá sé os cionn sé lámha déag ar airde agus tá sé foirfe ó bhun go barr. Tá mé a rá leat. Deirim leat go mbeidh a fhios agat é nuair a fheicfidh tú é. Thiocfadh liom é a phiocadh amach as slua de mhíle capall. Tá rud éigin faoi. Tá a fhios agat an Captaen Nicholls, an fear atá marbh anois, an duine ar inis mé duit faoi, a cheannaigh Joey ó m’athair, an duine a chuir pictiúr Joey chugam; bhí a fhios aige go raibh rud éigin speisialta faoi. Chonaic sé é an chéad uair a leag sé a shúile air. Tiocfaidh mé air, a David. Is é sin an fáth ar tháinig mé an bealach ar fad anseo sa chéad dul síos agus tá mé ag dul a theacht air. Is é rud go dtiocfaidh mise air nó go dtiocfaidh seisean ormsa. Dúirt mé leat gur thug mé gealltanais dó agus tá mé ag dul a chomhlíonadh.’

‘Tá tú glan as do mheabhair, a Berty,’ arsa a chara leis agus é ag oscailt doras an stábla agus ag teacht chugam le mo chos a scrúdú. ‘As do mheabhair ar

fad, sin a dtig liomsa a rá.’ Thóg sé mo chrúb agus láimhseáil go cúramach í. ‘Tá stoca bán ag an cheann seo ar a chosa tosaigh cibé – sin a dtig liom a fheiceáil faoin chlábar agus faoin fhuil seo uilig. Cuimleoidh mé an chneá giota le spúinse, glanfaidh mé duit é agus mé anseo. Ní ghlanfaidh tú an ceann seo in am choíche. Agus tá mise réidh ag glanadh amach na stáblaí salacha. Níl mórán eile le déanamh agam agus tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil lámh chuidithe de dhíth ort. Is cuma leis an tSeansáirsint Ó Tóirní, is cuma a fhad is a bheas gach rud a d’iarr sé ormsa a dhéanamh déanta agam, agus tá.’

Bhí an bheirt fhear ag obair orm go díograiseach gan stad gan staonadh, mo scríobadh, mo scuabadh agus mo ghlanadh. Sheas mé gan corraí asam, ach amháin go ndearna mé iarracht gualainn Albert a bhrú go séimh le mo shrón ionas go dtiontódh sé thart go n-amharcfadh sé orm. Ach bhí sé gnóthach ar m’eireaball agus ar mo cheathrúna deiridh anois.

‘Trí cinn,’ arsa an cara leis, agus é ag glanadh crúibe eile de mo chuid. ‘Sin trí cinn de stocaí bána.’

‘Ná bí ag dul dom, a David,’ arsa Albert. ‘Tá a fhios agam cad é air a bhfuil tú ag smaoineamh. Tá a fhios agam go síleann gach duine nach dtiocfaidh

mé air choíche. Tá na mílte capall de chuid an airm ann a bhfuil ceithre stoca bhána orthu – tá a fhios agam an méid sin, níl ach ceann amháin ann, áfach, a bhfuil marc ar chruth croise ar chlár a éadain. Agus cá mhéad capall atá ann a mbíonn loinnir dhearg orthu mar a bheadh grian an tráthnóna ann? Tá mé ag insint duit nach bhfuil a mhacasamhail ann, níl ar chlár na cruinne.’

‘Ceithre cinn,’ arsa David. ‘Sin ceithre chos agus ceithre stoca bhána. Níl de dhíth ach an chros ar chlár a éadain anois, agus splais péinte deirge ar an chapall seo a bhfuil praiseach déanta de ag an chlábar agus beidh Joey s’agatsa ina sheasamh os do chomhair amach.’

‘Ná bí ag spochadh asam,’ arsa Albert go ciúin. ‘Ná bí ag spochadh asam, a David. Tá a fhios agat cé chomh dáiríre agus atá mé faoi Joey. Thabharfainn a bhfuil agam le Joey a aimsiú arís. Ba eisean an t-aon chara a bhí agam sular ghlac mé páirt sa chogadh. D’inis mé duit. D’fhás mé aníos leis, d’fhás. Ba é an t-aon chréatúr ar domhan a raibh cion agam air.’

Bhí David ina sheasamh anois ag mo cheann. D’ardaigh sé mo mhoing agus scuab sé clár m’éadain go réidh ar dtús agus ansin le tuilleadh fuinnimh

ina dhiaidh sin, ag séideadh an dusta ar shiúl ó mo shúile. D’amharc sé go géar orm agus ansin chuaigh sé i mbun na hoibre arís ag scuabadh síos go deireadh mo shróine agus suas arís idir an dá chluais go dtí gur chroith mé mo chloigeann go mífhoighneach.

‘A Berty, ar seisean go ciúin. ‘Níl mé ag magadh, le fírinne, níl mé. Níl mé ag spochadh asat an iarraidh seo. Dúirt tú go raibh ceithre stoca bhána ar Joey s’agatsa, agus iad uilig ar comh-mhéid chuig an orlach dheireanach? Nach ndúirt?’

‘Dúirt,’ arsa Albert agus é go fóill ag scuabadh mo eireabail. ‘Agus dúirt tú fosta go raibh cros bhán ar Joey ar chlár a éadain?’

‘Dúirt,’ gan suim dá laghad ag Albert go fóill sa méid a bhí sé a rá.

‘Anois ní fhaca mé riamh capall mar sin, a Berty,’ arsa David, agus é ag baint úsáid as a lámh leis an ghruaig ar chlár m’éadain a chuimilt síos. ‘Níor shíl mé riamh go dtiocfadh leis tarlú.’

‘Bhuel, sin mar atá sé,’ arsa Albert go giorraisc. ‘Agus bhí sé donnrua, mar a bheadh dearg na mbladhairí ann faoi sholas na gréine, mar a dúirt mé.’

‘Níor shíl mé riamh go dtiocfadh leis tarlú,’ arsa an cara leis, ag coinneáil srian ar a ghuth. ‘Níor shíl

go dtí an bomaite seo.’

‘Ó, ná déan, a David,’ arsa Albert, ba léir go raibh fearg le sonrú ina ghuth anois. ‘D’inis mé duit, nár inis? D’inis mé duit go bhfuil mé dáiríre faoi Joey.’

‘Tá agus mise, a Berty. Iomlán dáiríre. Níl mé ag baint asat, tá mé i ndáiríre. Tá ceithre stoca bhána ar an chapall seo – agus iad uilig ar comh-mhéid, mar a dúirt tú. Tá crois bhán shoiléir ar chlár éadain an chapail seo. Tá moing dhubh agus eireaball dubh ar an chapall seo, mar is féidir leat féin a fheiceáil. Tá an capall seo os cionn sé lámha déag ar airde agus nuair atá sé glan is álainn an radharc é. Agus is capall donnua é seo faoin chlábar sin uilig, go díreach mar a dúirt tú, a Berty.’

Go tobann agus David ag labhairt, scaoil Albert an greim a bhí aige ar m’eireaball agus shiúil sé thart orm go mall agus é ag cuimilt a láimhe ar mo dhroim. Sa deireadh bhí muid inár seasamh ag amharc idir an dá shúil ar a chéile. Bhí dealramh níos gairbhe ar a aghaidh, níos mó línte timpeall a shúl agus fear níos leithne agus níos mó a bhí ann ina éide airm ná mar a bhí cuimhne agam air. Ach ba é Albert s’agamsa é, agus ní raibh lá amhrais ann faoi dtaobh de, ba é Albert s’agamsa é.

‘A Joey?’ ar seisean go neirbhíseach, agus é ag amharc isteach i mo shúile. ‘A Joey?’ Chroith mé mo chloigeann agus scairt mé amach air le tréan lúcháire, ionas go ndearna mo ghlór macalla sa chlós a thug idir fhir agus chapail chuig doirse a stáblaí. ‘Thiocfadh leis tarlú gurb é Joey é,’ arsa Albert go ciúin. ‘Is fíor duit a David, thiocfadh leis tarlú gurb é féin atá ann. Déanann sé an fhuaim chéanna fiú. Ach tá dóigh amháin ann lena chinntiú,’ agus bhain sé an rópa díom agus tharraing an t-adhastar de mo chloigeann. Ansin thiontaigh sé gur shiúil sé chuig an gheata sular thiontaigh sé le hamharc orm arís, ag cúbadh a lámh chuig a liopaí agus ag déanamh fhead a ghlaice. Ba í a sheanfhead í, an fhead íseal stadach chéanna, ar nós scréach an ulcabháin, ar ghnách leis úsáid a bhaint aisti le glaoch a chur orm nuair a bhíodh muid amuigh ag siúl le chéile thiar sa bhaile ar an fheirm na blianta fada ó shin. Go tobann níor mhothaigh mé pian ar bith i mo chos, agus shiúil mé ar sodar anonn chuige gan stró gur chuimil mé mo shrón ar a ghualainn. ‘Is eisean atá ann, a David,’ arsa Albert agus é ag gur a lámh thar mo mhúineál agus greim aige ar mo mhoing. ‘Is é mo Joey é. Tháinig mé air. Tháinig sé ar ais chugam faoi mar a dúirt mé

go dtiocfadh.’

‘An gcreideann tú anois mé?’ arsa David go leathmhagúil. ‘Cad é a d’inis mé duit? An gcreideann tú mé? Ní minic a bhíonn dul amú ormsa, an minic?’

‘Ní minic,’ arsa Albert. ‘Ní minic ar chor ar bith agus ní an iarraidh seo ach oiread.’

CAIBIDIL 18

BHÍ ÁTHAS AN DOMHAIN ORM SNA laethanta sin i ndiaidh dúinn bualadh le chéile arís, agus an tromluí ar mhair mé tríd, bhí sé amhail is nár tharla sé riamh, agus bhí an cogadh féin milliún míle uaim gan tábhacht ar bith ann domsa. Sa deireadh thiar thall níor chualathas pléascadh na ngunnaí, agus ba iad cairteanna na dtréidlianna a tháinig ar ais go rialta ó na línte tosaigh an t-aon rud a chuir i gcuimhne dom go soiléir go raibh an fhulaingt agus an choinbhleacht ag dul ar aghaidh.

Ghlan Maorsháirsint Martin mo chneá agus chuir greamanna inti; agus cé nach raibh mé ábalta ach meáchan éadrom a chur uirthi ag an tús, mhothaigh

mé ionam féin go raibh mé ag éirí níos láidre le gach lá dá ndeachaigh thart. Bhí mé i gcuideachta Albert arís, agus ba leigheas ann féin an méid sin; agus ba ghairid go mbeinn ar ais ar mo bhonnaí agus mé á chothú ar mhaistreán te gach maidin agus ar fhéar milis nach raibh deireadh leis. Dála na ngiollaí tréidliachta eile, bhí neart capall eile faoi chúram Albert, ach chaitheadh sé gach bomaite breise a thiocthadh leis a fháil ag peataireacht ormsa sa stábla. Shíl na saighdiúirí eile gur capall cáiliúil a bhí ionam agus b’annamh a fágadh liom féin sa stábla mé. Ba chosúil go mbíodh aghaidh nó dhó ag stánadh thar chomhla mo stábla orm le meas mór. Fiú an Seansáirsint Ó Tóirní, mar a thugtaí air, scrúdaíodh seisean go díograiseach mé, agus nuair nach mbíodh na daoine eile thart chuimlíodh sé mo chluasa agus chuireadh sé cigilt i mo mhúineál a rá, ‘nach breá an capall thú, nach breá?’ ‘Capall damanta breá, an ceann is breátha dá bhfaca mé riamh. Bí cinnte go dtiocfaidh biseach ort, an gcluineann tú mé?’

Ach chuaigh an t-am thart agus níor tháinig biseach orm. Maidin dá raibh mhóthaigh mé nach dtiocfadh liom mo chuid mhaistreáin a chríochnú agus ba chosúil gur bhain gach fuaim ghéar, ar nós

ciceáil buicéid nó gliogar bolta ar dhoras an stábla cliseadh asam agus mhothaigh mé teann go tobann ó bhun go barr mo cholainne. Ní thiocfadh liom mo chosa tosaigh go háirithe a bhogadh mar ba cheart. Bhí siad righin tuirseach, agus mhothaigh mé pian mhór i mo chnámh droma, a tháinig isteach de réir a chéile i mo mhuineál agus i m'aghaidh fiú.

Mhothaigh Albert go raibh rud éigin cearr nuair a chonaic sé an maistreán a bhí fágtha agam ar thóin an bhuicéid. ‘Cad é atá cearr leat a Joey?’ ar seisean go himníoch, agus shín sé amach a lámh gur shlióc sé mé ar an dóigh a ndéanadh sé de ghnáth é nuair a bhíodh inní air. Chuir radharc a láimhe ag teacht i mo threo, comhartha ceana de ghnáth ar chuir mé fáilte roimhe, chuir sé sin eagla orm fiú, agus chúlaigh mé uaidh agus isteach i gcoirnéal an stábla. Agus mé á dhéanamh seo mhothaigh mé go raibh mo chosa chomh righin sin gur ar éigean a thiocfadh liom bogadh. Baineadh tuisle asam agus mé ag cúlú, agus thit mé i gcoinne an bhalla brící ar chúl an stábla, agus chuir mé iomlán mo mheáchain in éadan an bhalla. ‘Shíl mé go raibh rud éigin cearr inné,’ arsa Albert, agus é ina sheasamh i lár an stábla anois gan corraí as. ‘Shíl mé go raibh droch-chuma ort. Tá

do dhroim chomh righin le clár agus tá tú ag bárcadh allais. Cad é faoi Dhia a bhí ar bun agat, a amadain?’ Bhog sé go mall anois i mo threo agus cé gur chuir a shlíocadh creatha fuachta ionam nach raibh ciall ar bith leo, sheas mé áit a raibh mé agus lig mé dó mé a shlíocadh. B’fhéidir gur rud é a tholg tú agus tú ag taisteal thart. B’fhéidir gur ith tú rud éigin nimhiúil, an é sin é? Ach ansin, shílfeá go mbeadh na comharthaí le feiceáil roimhe seo? Beidh tú i gceart, a Joey, ach rachaidh mé go bhfaighidh mé an Maorsháirsint Martin ar eagla na heagla. Scrúdóidh seisean thú agus má bhíonn rud ar bith cearr cuirfidh seisean ina cheart é “ar luas lasrach”, mar a deireadh m’athair. Dia féin atá a fhios cad é a déarfadh sé anois dá bhfeicfeadh sé muid beirt le chéile? Níor shíl seisean ach oiread go dtiocfainn ort, dúirt sé gurbh amadán mise le dul ar do lorg. Dúirt sé gur obair in aisce a bhí ann agus gurbh é an toradh a bheadh air go marófaí mise. Ach fear iomlán difriúil a bhí ann, a Joey, i ndiaidh duitse imeacht. Bhí a fhios aige go ndearna sé an rud mícheart, agus bhí an chuma ar an scéal gur bhain sé sin an mhioscáis uilig as. Dhealraigh sé go raibh sé ag iarraidh cúiteamh a dhéanamh ar an rud a rinne sé agus gurbh é sin tús agus deireadh a shaoil.

Chuir sé deireadh leis an drabhlás a bhíodh aige gach Máirt, thug sé aire do Mháthair mar a dhéanadh sé nuair a bhí mise óg, agus thosaigh sé a chaitheamh mar ba cheart liomsa fiú – níor chaith sé liom anois mar a bheadh sclábhaí ionam.’

Bhí a fhios agam ó shéimhe a ghutha go raibh sé ag iarraidh mise a chur ar mo shuaimhneas, an dóigh a gcuireadh sé ar mo shuaimhneas mé na blianta fada ó shin agus mé i mo bhromach fiáin scanraithe. Chuir a chuid focal ar mo shuaimhneas mé an t-am sin, anois áfach, bhí mé ar crith agus ní raibh neart agam air. Ba chosúil go raibh gach néaróg i mo chorp teann agus bhí m’anáil i mbarr mo ghoib agam. Bhí eagla an domhain orm nach dtiocfadh liom a mhíniú roimh an tsaol a bhí i ndán dom. ‘Beidh mé ar ais i gceann bomaite, a Joey,’ ar seisean. ‘Ná bíodh buaireamh ar bith ort. Beidh tú go breá. Cuirfidh an Maorsháirsint Martin cóir leighis ort – thig leis an fhear sin na míorúiltí a dhéanamh ar chapail.’ Agus chúlaigh sé uaim agus d’imigh sé leis.

Níorbh fhada gur fhill sé agus a chara David, an Maorsháirsint Martin agus an Sáirsint Ó Tóirní leis; níor tháinig ach an Maorsháirsint Martin isteach sa stábla le scrúdú a dhéanamh orm. Chrom an chuid

eile thar chomhla an stábla agus bhreathnaigh siad. Shiúil sé chugam go faichilleach, ag cromadh ag mo chos tosaigh leis an chneá a scrúdú. Ansin chuimil sé a lámh ar mo cholainn uilig ó mo chluasa, síos ar mo dhroim a fhad le m'eireaball, sular sheas sé siar le breathnú orm ón taobh eile den stábla. Bhí sé ag croitheadh a chloiginn go dólásach nuair a thiontaigh sé a labhairt leis an chuid eile.

‘Cad é a mheasann tú, a Sháirsint?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Tá mé ag teacht leatsa, ón chuma atá air a dhuine uasail,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Tá sé ina sheasamh ansin mar a bheadh bloc adhmaid ann; a eireaball sínte amach, is ar éigean a thig leis a cheann a bhogadh. Níl amhras ar bith ann faoi, an bhfuil a dhuine uasail?’

‘Níl,’ arsa an Maorsháirsint. ‘Amhras ar bith. Tharla sé cuid mhaith amuigh anseo. Murab í an tsreang dheilgneach dhamanta mheirgeach a dhéanann níos measa é, is é an srapnal a dhéanann é. Ní ghlacann sé ach píosa beag amháin a bheith istigh faoin chraiceann, nó gearradh beag amháin – sin a nglacann sé. Chonaic mé arís agus arís eile é. Tá mé buartha a stócaigh,’ arsa an maorsháirsint, ag leagan

a láimhe ar ghualainn Albert le sólas a thabhairt dó. ‘Tá a fhios agam cé chomh tábhachtach agus atá an capall seo duitse. Ach is beag a thig liom a dhéanamh ar a shon, is beag agus an bhail atá air.’

‘Cad é atá tú a mhaíomh, a dhuine uasail?’ a d’fhiafraigh Albert, agus tocht ina ghlór. ‘Cad é atá tú a rá, a dhuine uasail? Cad é atá cearr leis, a dhuine uasail? Ní thiocfadh le rud mór a bheith i gceist, an dtiocfadh? Bhí sé ar bharr na sláinte inné, ach amháin nár chríochnaigh sé a chuid. Is féidir go bhfuil sé píosa beag righin ach seachas sin bhí sé ar bharr na dtonn.’

‘Teiteanas atá ann, a mhic’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Glas fiacla a thugann siad air. Tá sé le sonrú go soiléir go bhfuil sé sin air. Caithfidh sé go raibh an chneá ag déanamh angaidh sular tháinig sé anseo. Agus an uair amháin a bhíonn teiteanas ar chapall is beag a thig a dhéanamh, is beag, maise.’

‘Is fearr deireadh gasta a chur leis,’ arsa an Maorsháirsint Martin. ‘Ní fiú ligean don ainmhí bhocht a bheith ag fulaingt. Beidh sé níos fearr as, agus beidh tú féin fosta.’

‘Ní bheidh, a dhuine uasail,’ arsa Albert ag cur ina aghaidh, agus an dubhiontas air go fóill. ‘Ní thig

leat deireadh a chur leis, a dhuine uasail, ní le Joey. Caithfidh muid rud éigin a thriail. Caithfidh sé go bhfuil rud éigin a thig leat a dhéanamh. Ní thig leat tabhairt isteach, a dhuine uasail. Ní thig leat. Ní le Joey.’

Labhair David anois fosta ag tacú leis. ‘Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail,’ ar seisean. ‘Ach is cuimhin liom gur inis tú dúinn nuair a tháinig muid anseo a chéadair gurbh fhéidir gur thábhachtaí beatha capaill ná beatha fir, de bhrí nach bhfuil olc ar bith sna capaill ach amháin an t-olc a chuireann fir iontu. Is cuimhin liom go ndúirt tú gurbh é an post a bhí againn sa chór tréidliachta a bheith ag obair ó dhubh go dubh, sé huaire is fiche an chloig sa lá dá mba ghá leis, le cuidiú le gach capall agus le gach capall a shábháil dá dtiocfadh linn, go raibh gach capall luachmhar ann féin agus luachmhar maidir leis an chogadh fosta. Gan chapail, ní bheidh gunnaí ann. Gan chapail, ní bheidh armlón ann. Gan chapail, ní bheidh marcshlua ann. Gan chapail, ní bheidh otharcharranna ann. Gan chapail, ní bheidh uisce ann do na trúipéirí ag an líne thosaigh. Tá an t-arm ar fad ag brath orthu, sin an rud a dúirt tú féin, a dhuine uasail. Níor chóir dúinn misneach a

chailleadh choíche, a dúirt tú, mar níl tobar ar bith gan a chosán. Is é sin an rud a dúirt tusa, a dhuine uasail, gabh mo leithscéal, a dhuine uasail.’

‘Coinnigh srian ar do theanga, a mhic,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní go giorraisc. ‘Níor chóir duit labhairt le hoifigeach ar an dóigh sin. Dá sílfeadh an Maorsháirsint anseo go raibh dóigh ar bith – seans as milliún go dtiocfadh leis rud éigin a dhéanamh le leigheas a chur ar an ainmhí bocht seo, dhéanfaidh sé a dhícheall, nach ndéanfá a dhuine uasail? Nach fíor sin, a dhuine uasail?’

D’amharc an Maorsháirsint Martin go géar ar an tSáirsint Ó Tóirní, ag éisteacht leis an méid a dúirt sé, agus ansin chlaon sé a cheann go malltriallach. ‘Maith go leor, a Sháirsint. Tá do chás déanta agat. Ar ndóigh tá seans ann,’ ar seisean go faichilleach. ‘I gcás teiteanais, a luaithe a thosóidh muid, beidh obair lánaimseartha d’fhear amháin go ceann míosa nó níos mó, agus fiú ansin níl ach seans amháin as míle go dtiocfaidh sé slán as, más é sin an seans a bheas ann fiú.’

‘Le do thoil,’ arsa Albert agus é ag impí air. ‘A dhuine uasail déanfaidh mise an obair uilig agus tabharfaidh mise aire do na capaill eile uilig atá faoi

mo chúram fosta. Le fírinne, tabharfaidh.’

‘Agus tabharfaidh mise cuidiú dó, a dhuine uasail,’ arsa David. ‘Cuideoidh na fir uilig linne. Tá mé cinnte go gcuideoidh siad. An bhfuil a fhios agat, a dhuine uasail, tá rud éigin speisialta ag baint leis an Joey sin do gach duine anseo, de bhrí gur le Bertie an capall sin ó bhí sé óg sa bhaile.’

‘Sin an spiorad, a mhic,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Agus is fíor sin, a dhuine uasail, tá rud éigin speisialta ag baint leis an cheann seo, tá a fhios agat, i ndiaidh an méid uilig a ndeachaigh sé tríd. Má thugann tú an cead dúinn, a dhuine uasail, sílim gur chóir dúinn an seans sin a thabhairt dó. Ar m’fhocal a dhuine uasail, ní dhéanfar faillí sna capaill eile. Tabharfar togha na haire do na stáblaí agus cuirfear ord maith orthu, mar a chuirtear i gcónaí.’

Leag Maorsháirsint Martin a lámh ar dhoras an stábla. ‘Maith go leor, a Sháirsint,’ ar seisean. ‘Tugaim do dhúshlán. Is maith liom dúshlán chomh maith le duine ar bith eile. Tá mé ag iarraidh go gcuirfear croch thógála in airde anseo. Níor chóir go mbeadh an capall seo ábalta suí síos. An uair amháin a shuífidh sé ní éireoidh sé choíche. Ba mhaith liom go gcuirfí nóta leis na horduithe seasta, a Sháirsint, nach bhfuil

cead ag fear ar bith labhairt ach i gcogar sa chlós seo. Ní bheidh dúil aige i gcallán ar bith, ní bheidh agus teiteanas air. Tá mé ag iarraidh go ndéanfar leaba de thuí ghairid ghlan dó, agus go gcuirfear tuí úr air gach lá. Tá mé ag iarraidh go gcuirfear dallóga ar na fuinneoga ionas go mbeidh sé i gcónaí sa dorchadas. Níor chóir go dtabharfaí féar ar bith le hithe dó – thiocthadh leis a bheith tachtá – ná tábhair rud ar bith eile dó ach amháin bainne agus brachán coirce réidh. Agus is measa a éireoidh sé sula n-éireoidh sé níos fearr – má éiríonn choíche. Tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh a char teannta ar a chéile níos daingne le himeacht na laethanta, ach caithfidh sé a bheith ag ithe agus ag ól. Mura n-itheann sé agus mura n-ólann sé gheobhaidh sé bás. Tá mé ag iarraidh oraibh aire a thabhairt don chapall seo ceithre huairé is fiche in aghaidh an lae – ciallaíonn sé sin go mbeidh fear ar dualgas istigh anseo an lá ar fad gach lá. An bhfuil sé sin soiléir?’

‘Tá, a dhuine uasail,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní, agus aoibh mhór a gháire le sonrú ar a aghaidh faoina chroiméal. ‘Agus má tá cead cainte agam, a dhuine uasail, sílim go bhfuil cinneadh ceart críonna déanta agat. Tabharfaidh mise faoi sin, a dhuine uasail.

Anois, a fhágálacha, cuirígí cuma na hoibre oraibh féin. Chuala sibh an méid a dúirt an t-oifigeach.’

An lá céanna cuireadh croch thógála in airde agus cuireadh inti mé agus thug an bíoma os mo chionn agus an chroch thógála tacaíocht dom ó thaobh an mheáchain a bhí ar mo chosa de. D’oscail an Maorsháirsint Martin an chneá arís gur ghlan sé í. Tháinig sé ar ais gach cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin le mé a scrúdú. Ba é Albert ar ndóigh a d’fhan liom an chuid is mó den am, ag ardú an bhuicéid chuig mo bhéal go dtiocfadh liom an bainne te agus an brachán réidh a shú isteach. San oíche, chodail é féin agus David taobh le taobh i gcoirnéal an stábla, ag déanamh sealáochta le súil a choinneáil orm.

Labhair Albert liom chomh minic agus a thiocfadh leis le misneach a chur ionam, rud a raibh mé ag dúil leis, agus rud a bhí de dhíth orm, go dtí gur thiomáin an tuirse a bhí air siar isteach sa choirnéal é le haghaidh codlata. Is minic a labhair sé ar a athair agus ar a mháthair agus ar an fheirm. Labhair sé ar chailín as an tsráidbhaile a raibh sé ag súil amach léi ar feadh roinnt míonna sular thug sé aghaidh ar an Fhrainc. Ní raibh eolas ar bith aici ar na capaill, ar seisean, ach ba é sin an t-aon locht a bhí uirthi.

Chuaigh na laethanta thart ach má chuaigh féin is go mall agus go pianmhar a chuaigh siad. Chuaigh an righne a bhí le mothú i mo chosa tosaigh isteach i mo dhroim agus is i bpianmhaire a d'éirigh sí. Bhí mo ghoile ag éirí níos measa le gach lá a chuaigh thart agus is ar éigean a bhí mé in ann an fuinneamh a fháil leis an bhia a shú isteach a bhí de dhíth orm le coinneáil beo. Sna laethanta is dorcha den tinneas, nuair a mhothaigh mé go cinnte gurbh é sin an lá deireanach a bheadh agam, ba é cuideachta Albert a choinnigh an drithleog beo ionam agus an mhian le teacht slán as. Thug a dhílseacht agus a chreideamh daingean go dtiocfainn slán as go cinnte an spreagadh dom le dul ar aghaidh. Bhí cairde thart timpeall orm, David agus na giollaí tréidliachta uilig, an Sáirsint Ó Tóirní agus an Maorsháirsint Martin – chuir siadsan uilig misneach ionam. Bhí a fhios agam cé chomh mór agus ba mhaith leo go bhfanfainn beo, cé gur minic nach raibh mé cinnte de cé acu ar mhaithe le Albert nó ar mhaithe liom féin a bhí an scéal amhlaidh de bhrí go raibh a fhios agam go raibh ardmheas acu air. Ach ag amharc siar air sílim go raibh cion acu ar an bheirt againn amhail is gur deartháireacha muid.

Oíche gheimhridh amháin i ndiaidh seachtainí

fada d'annó an tsaoil sa chroch thógála, mhothaigh mé scaoilteacht thobann i mo scornach agus i mo mhúineál an oiread sin go dtiocfadh liom seitreach íseal a ligean asam, cé gur séimh a bhí sí a chéadair. Bhí Albert ina shuí i gcoirnéal an stábla mar ba ghnách agus a dhroim i gcoinne an bhalla, a ghlúine in airde aige agus a huillinneacha ina suí ar a ghlúine aige. Bhí a shúile druidte, mar sin de, lig mé seitreach íseal eile asam arís, ach bhí sé ard go leor le é a mhúscailt. ‘Arbh é sin tusa, a Joey?’ a d’fhiafraigh sé, a tharraingt féin ina sheasamh. ‘Arbh é sin tusa, a sheanamadáin? Lig seitreach eile, a Joey. B’fhéidir go raibh mé ag brionglóideach. Lig seitreach eile.’ Mar sin de, lig agus nuair a lig, thóg mé mo cheann den chéad uair le seachtainí gur chroith mé é. Chuala David fosta é agus bhí sé ina sheasamh agus é ag scairteadh thar chomhla an stábla ar gach duine le teacht isteach. Taobh istigh de bhomaití bhí an stábla lán de shaighdiúirí a bhí an-tógtha ar fad. Bhrúigh an Sáirsint Ó Tóirní a bhealach trí na fir gur sheas sé os mo chomhair. ‘Dúradh libh labhairt i gcogar de réir na n-orduithe seasta agus níor chogar ar bith é sin a chuala mé. Cad é atá ag dul ar aghaidh? Cad chuige an ruaille-buaille seo?’

‘Bhog sé, a Sháirsint,’ arsa Albert. ‘Bhog sé a cheann gan stró agus bhí sé ag seitreach.’

‘Is cinnte gur bhog, a mhic,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Is cinnte gur bhog. Tá sé ag dul a theacht slán as. Go díreach mar a dúirt mé go dtiocfadh. Dúirt mé libh riamh go dtiocfadh sé slán as, nár dhúirt? Agus ar tharla sé riamh, a liúdramáin, nach raibh an ceart agam? Bhuel, ar tharla?’

‘Riamh, a Sháirsint,’ arsa Albert, agus aoibh an gháire air. ‘Tá biseach air, nach bhfuil a Sháirsint? Nó an é go bhfuil mé á shamhlú?’

‘Ní hé, a mhic,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Beidh Joey s’agatsa i gceart a fhad agus a choinneoidh muid go socair é agus a fhad agus nach gcuirfidh muid deifir air. Tá súil as Dia agam má tharlaíonn sé in am ar bith nach mbím féin ar fónamh go mbeidh altraí thart orm a thabharfaidh aire dom ar an dóigh chéanna agus ar thug sibhse aire don chapall sin. Rud amháin, áfach, agus mé ag amharc oraibh, ba mhaith liom go mbeadh siad i bhfad níos dóighiúla!’

Tamall gairid ina dhiaidh sin bhí mé ar mo chosa arís agus d’imigh an righne as mo dhroim agus níor mhothaigh mé í arís ina dhiaidh sin. Bhain siad amach as an chroch thógála mé maidin amháin san earrach

agus shiúil siad liom amach faoin ghrian agus isteach ar an chlós duirlinge. Máirseáil chaithréimeach a bhí ann, agus Albert mo threorú go cúramach agus é ag siúl ar gcúl agus ag amharc ormsa an t-am ar fad agus é ag labhairt liom i rith an ama. ‘Tháinig tú slán as, a Joey. Tháinig tú slán as. Deir gach duine go dtiocfaidh deireadh leis an chogadh roimh i bhfad – tá a fhios agam go bhfuil muid á rá sin le fada, ach mothaím i mo chroí istigh é an iarraidh seo. Tíocfaidh deireadh leis roimh i bhfad agus rachaidh muid beirt abhaile, ar ais ar an fheirm. Is fada liom go bhfeice mé dreach m’athar agus mise agus tusa ag siúl suas an lána. Is fada liom sin.’

CAIBIDIL 19

ACH NÍOR THÁINIG DEIREADH LEIS AN chogadh. Ina ionad sin ba chosúil go raibh sé ag teacht níos cóngaraí dúinn, agus arís eile, chuala muid pléasthaí bagracha na ngunnaí. Bhí mé beagnach chugam féin arís faoin am seo, agus cé go raibh mé go fóill lag leis an tinneas, bhí siad ag baint úsáid asam cheana féin le hobair éadrom a dhéanamh thart ar an ospidéal tréidliachta. Ba bhall d'fhoireann beirte mé, ag tarraingt féir agus bia eile ón stáisiún is cóngaraí nó ag tarraingt cairt an aoiligh thart an clós. Mhottaigh mé gur cuireadh athbheocht ionam agus bhí mé díograiseach don obair. Bhí mo ghuailí agus mo chosa á líonadh le himeacht na seachtainí agus

mhothaigh mé go raibh mé ábalta uaireanta an chloig níos faide a dhéanamh san úim. Chuir an Sáirsint Ó Tóirní Albert i mo bhun le haire a thabhairt dom nuair a bhí mé ag obair agus b'annamh nach raibh muid le chéile dá thairbhe. Ach ó am go ham, chuir Albert, dála na ngiollaí tréidliachta eile, chuig an líne thosaigh leis an chairt tréidliachta leis na capaill ghortaithe is déanaí a thabhairt ar ais, agus bhínn mo chrá féin le buairt, mo chloigeann sínte amach thar chomhla an stábla, go dtí go gcluinn fuaim mhacallach na rothaí ar na clocha duirlinge agus go bhfeicinn é ag croitheadh láimhe orm agus aoibh an áthais air agus é ag teacht isteach faoin áirse agus isteach sa chlós.

Le himeacht ama d'fhill mé féin ar an chogadh, ar ais chuig an líne thosaigh, ar ais chuig crónán agus callán na sliogán, rud a shíl mé go dóchasach a bhí fágtha i mo dhiaidh gan filleadh air. Bhí mé go hiomlán ar ais ar mo sheanléim anois agus i mo pheata ag an Mhaorsháirsint Martin agus a aonad tréidliachta agus ba mhinic a bhaintí úsáid asam mar chapall tosaigh agus muid ag marcaíocht le chéile agus ag tarraingt chairt na tréidliachta soir siar chuig an líne thosaigh. Ach bhíodh Albert i gcónaí liom

agus ní raibh eagla orm roimh na gunnaí dá thairbhe sin. Dála Tophorn roimhe, bhí an chuma air gur mhothaigh sé go raibh air i gcónaí a chur i gcuimhne dom go raibh sé ann agus go raibh sé do mo chosaint. Chuir a ghlór bog séimh, a chuid amhrán agus a chuid feadaíola misneach ionam agus na sliogáin ag teacht anuas.

Bhíodh sé ag labhairt liom an bealach ar fad chuig an áit agus an bealach ar fad ar ais le mé a chur ar mo shuaimhneas. In amanna bhíodh sé ag caint ar an chogadh. ‘Deir David go bhfuil na Gearmánaigh i ndeireadh na péice, go bhfuil a bport seinnte,’ ar seisean lá breá samhraidh amháin agus muid ag dul thart le líne i ndiaidh líne de shaighdiúirí coise agus mharshlua agus i dtreo na líne tosaigh. Bhí láir liath a bhí go huile is go hiomlán spíonta á hiompar againn, láir a bhíodh ag iompar uisce agus a ndearna tarrtháil uirthi as an chlábar ag an líne thosaigh. ‘Rinne na Gearmánaigh ciolar chiot dinn, níos faide thuas an líne, a deirtear. Ach deir David gurbh é sin a mbuille deireanach, agus a luaithe a bhíonn na Poncánaigh réidh le dul i mbun cogaíochta agus má sheasann muid an fód, go dtiocfadh leis tarlú go mbeadh sé uilig thart faoin Nollaig. Tá súil as Dia agam go

bhfuil an ceart aige, a Joey. Is gnách go mbíonn – tá ardmheas agam ar an méid a deir David – tá ardmheas ag gach duine air.’

Agus in amanna bhíodh sé ag caint ar an bhaile agus ar a chailín thiar sa tsráidbhaile. ‘Tugtar Maisie Cobbledick uirthi, a Joey. Bíonn sí ag obair sa déirí ar fheirm Anstey. Agus bíonn sí ag bácáil aráin. Ó a Joey, bácálann sí arán nár bhlais tú a leithéid riamh agus deir Máthair féin go bhfuil a cuid pastaetha ar na cinn is blasta sa pharóiste. Deir Athair go bhfuil sí rómhaith domsa, ach níl sé ach ar son grinn. Deir sé é le mé a shásamh. Agus tá a súile chomh gorm le gormáin, a cuid gruaige chomh hóruga le harbhar aibí, agus tá cumhrán an fhéithlinn le mothú ar a craiceann – ach amháin nuair a thagann sí amach as an déirí a chéaduair. Fanaim amach uaithi ansin. D’inis mé di fútsa, a Joey. Agus ba ise an t-aon duine, an t-aon duine amháin, a dúirt go raibh an ceart agam teacht amach anseo ar do lorg. Ní raibh sí ag iarraidh orm imeacht. Ná smaoinigh air sin. Chaoin sí uisce a cinn ag an stáisiún agus mé ag imeacht, mar sin de caithfidh sé go bhfuil grá beag aici orm, nach gcaithfidh? Goitse a sheanamadáin, abair rud éigin. Is é sin an t-aon rud atá agam i d’éadan, a Joey, is

tusa an créatúr is fearr ag éisteacht le duine dá bhfuil aithne agam air, ach ní bhíonn barúil ar bith agam cad é an diabhal ruda a mbíonn tú ag smaoineamh air. Ní dhéanann tú ach do shúile a chaochadh agus do chluasa a luascadh ó thaobh go taobh agus suas síos. Ba mhian liom go mbeifeá ábalta labhairt, a Joey, ba mhian liom sin go mór.’

Tharla ina dhiaidh sin oíche amháin gur tháinig drochscéal amach is amach ón líne thosaigh, fógraíodh gur maraíodh David, an cara le Albert, agus an dá chapall a bhí ag tarraingt chairt na tréidliachta an lá sin. ‘Sliogán ar strae,’ a d’inis Albert dom agus é ag tabhairt na tuí isteach chuig mo stábla. ‘Sin an rud a tharla, dar leo – sliogán amháin ar strae a tháinig as lár na soininne agus tá David cailte. Cronóidh mé uaim é, a Joey. Nach gcronóidh an bheirt againn é, nach gcronóidh muid?’ Agus shuigh sé faoi ar an tuí i gcoirnéal an stábla. ‘An bhfuil a fhios agat cad é an obair a bhí aige roimh an chogadh? Bhí cairt torthaí aige i Londain, taobh amuigh de Covent Garden. Bhí cion mór aige ortsa, a Joey. Is minic a d’inis sé sin dom. Agus thug sé aire domsa, a Joey. Mar a bheadh deartháir ann. Fiche bliain d’aois. Bhí a shaol uilig roimhe. Tá sé uilig amú anois de dheasca sliogán

amháin a chuaigh ar strae. Is minic a deireadh sé liom, a Joey. Deireadh sé, “Ar a laghad má fhaighim bás ní bheidh duine ar bith i mo dhiaidh a chronóidh mé. Níl ann ach mo chairt – agus ní thig liom í sin a thabhairt liom, is mór an trua é.” Bhí sé an-bhródúil as a chairt torthaí. Thaispeáin sé grianghraf dom tráth de féin ina sheasamh in aice léi. Bhí sí péinteáilte agus í ag cur thar maoil le torthaí agus eisean ina sheasamh ansin agus aoibh an gháire go dtí an dá chluais air mar a bheadh banana ann.’ D’amharc sé suas orm agus chuimil sé na deora dá leicne. Labhair sé anois agus a char teannta ar a chéile. ‘Níl fágtha anois, a Joey, ach mé féin is tú féin, agus tá mé á rá leat go mbainfidh muid an baile amach, an bheirt againn. Buailfidh mé an clog teanóir san eaglais arís, tá mé ag dul a ithe aráin agus cístí a dhéanann Maisie s’agamsa arís agus tá mé ag dul a bheith ag marcaíocht ortsa arís thíos cois na habhann. Dúirt David go raibh sé i gcónaí cinnte go mbainfinn an baile amach ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, agus is fíor dó. Déanfaidh mé cinnte de gur fíor dó.’

Nuair a tháinig deireadh leis an chogadh, is go gasta a tháinig sé. Bhí an chuma ar an scéal gur beagnach gan choinne a tháinig an deireadh, de réir

na bhfear thart orm. Is beag an sonas a bhí ann, is beag ceiliúradh an bhua a rinneadh, ní raibh ann ach go raibh faoiseamh mór ar dhaoine go raibh deireadh leis ar deireadh thiar thall agus go raibh sé thart. D’fhág Albert an scaifte fear a bhí cruinnithe sa chlós agus iad breá sásta an mhaidin fhuar Shamhna sin agus shiúil go mall anonn le labhairt liom. ‘Beidh sé uilig thart i gceann cúig bhomaite, a Joey, beidh sé uilig thart. Fuair na Gearmánaigh a sáith, agus fuair muidne ár sáith fosta. Níl duine ar bith ar an dá thaobh ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis. Ar a haon déag a chlog tiocfaidh deireadh le scaoileadh na ngunnaí agus sin sin. Is é an t-aon mhian atá i mo chroí istigh go mbeadh David anseo le é a fheiceáil.’

Ní raibh Albert mar an gcéanna ó fuair David bás. Ní fhaca mé aoibh an gháire air nó níor chuala mé é ag insint scéalta grinn, agus ba mhinic a d’fhan sé ina thost nuair a bhí sé i mo chuideachta ar feadh tamall fada agus é ag machnamh go domhain air. Ní dúirt sé amhrán níos mó agus tháinig deireadh leis an fheadaíl. Rinne mé mo sheacht ndícheall sólás a thabhairt dó, ag leagan mo chloiginn ar a ghualainn agus á chuimilt go séimh, ach bhí an chuma air go raibh sé docheansaithe. Níor chuir fiú an scéal go

raibh deireadh ag teacht leis an chogadh loinnir ina shúile. Bhuail an cloigín ar an túr cloig os cionn an gheata buillí a haon déag, agus chroith na fir lámh lena chéile go sollúnta nó bhuail a mbosa ar dhroim a chéile sular fhill siad ar na stáblaí.

Bheadh toradh an bhua an-searbh go deo maidir liomsa, ach ag an tús is beag a d'athraigh mar gheall ar dheireadh an chogaidh. Bhí an t-ospidéal tréidliachta ag dul ar aghaidh mar ba ghnách leis agus bhí an chuma ar an scéal gur i méad a bhí líon na gcapall gortaithe ag dul agus ní i laghad. Ó gheata an chlóis chonaic muid na colúin de shaighdiúirí a raibh an chuma orthu nach raibh deireadh leo ag máirseáil go haigeanta ar ais chuig na stáisiúin traenach, agus d'amharc muid orthu agus na tancanna agus na gunnaí móra agus na cairteanna ag gluaiseacht ar aghaidh ar a mbealach abhaile. Ach fágadh muidne san áit a raibh muid. Dála na bhfear eile, bhí Albert ag éirí mífhoighneach. A ndála féin bhí sé ag iarraidh dul abhaile chomh luath agus ab fhéidir.

Tionóladh máirseáil na maidine mar ba ghnách gach maidin i lár an chlóis a raibh clocha duirlinge air, agus ina dhiaidh sin scrúdaigh an Maorsháirsint Martin na capaill agus na stáblaí. Ach maidin

ghruama cheobhránach amháin agus gile na maidine ag lonrú ar na clocha liatha duirlinge, níor scrúdaigh an Maorsháirsint Martin na capaill mar ba ghnách. D’ordaigh an Sáirsint Ó Tóirní do na fir seasamh ar áis agus d’fhógair an Maorsháirsint Martin na pleananna a bheadh ann don aonad le dul ar bord arís. Bhí sé ag cur deireadh lena óráid bheag ghairid; ‘Mar sin de, beidh muid ag Stáisiún Victoria ar a sé a chlog tráthnóna Dé Sathairn – má bhíonn an t-ádh orainn. Tá seans maith ann go mbeidh sibh sa bhaile don Nollaig.’

‘Ag iarraidh cead cainte, a dhuine uasail?’ agus an Sáirsint Ó Tóirní ag iarraidh a thuairim a nochtadh.

‘Cead agat, a Sháirsint.’

‘Maidir leis na capaill, a dhuine uasail,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Sílim gur mhaith leis na fir a fháil amach cad é atá ag dul a tharlú do na capaill. An mbeidh siad ag taisteal linn ar an long chéanna, a dhuine uasail? Nó an mbeidh siad ag teacht ina dhiaidh sin?’

Bhog an Maorsháirsint a chosa agus d’amharc sé síos ar a bhataisí. Labhair sé go séimh amhail is nár mhaith leis go gcluinfi é. ‘Ní bheidh, a Sháirsint,’ ar seisean. ‘Is eagal liom nach mbeidh na capaill ag

teacht linn ar chor ar bith.’ Bhí monabhar gearáin agus míshuaimhnis le cluinstitín ó na fir a bhí ag máirseáil.

‘An bhfuil tú ag rá, a dhuine uasail,’ arsa an Sáirsint go mbeidh siad ag teacht ar long eile inár ndiaidh?’

‘Níl, a Sháirsint,’ arsa an Maorsháirsint, á bhualadh féin ar a thaobh lena bhata siúil, ‘Níl mé á rá sin. Dúirt mé go díreach an rud a bhí mé ag iarraidh a rá. Tá mé á rá leat nach mbeidh siad ag teacht linn ar chor ar bith. Beidh na capaill ag fanacht sa Fhrainc.’

‘Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail?’ arsa an Sáirsint. ‘Ach cad é mar is féidir leo, a dhuine uasail? Cé a bheidh ag tabhairt aire dóibh? Tá capaill againn anseo a bhfuil cúram de dhíth orthu de lá is d’oíche.’

Chlaon an Maorsháirsint a cheann, a shúile go fóill ag amharc ar an talamh. ‘Ní bheidh dúil ar bith agaibh sa méid atá le rá agam,’ ar seisean. ‘Is eagal liom go ndearnadh cinneadh cuid mhaith de chapail de chuid an airm a dhíol le daoine anseo sa Fhrainc. Is é rud go bhfuil tinneas ar na capaill uilig atá againn anseo nó go raibh tinneas orthu. Ní shíltear gur fiú iad a iompar abhaile. Is iad na horduithe a tugadh domsa aonach capall a chur sa tsiúl anseo maidin

amárach. Cuireadh fógraí in airde sna bailte lámh linn á fhógairt sin. Díolfar ar ceant iad.’

‘Ar ceant, a dhuine uasail? Díolfar ár gcuid capall faoin chasúr i ndiaidh an méid ar tháinig siad tríd?’ Labhair an sáirsint go múinte, ach is ar éigean é. ‘Ach tá a fhios agat an toradh a bheas air sin, a dhuine uasail? Tá a fhios agat cad é a tharlóidh?’

‘Tá a fhios agam, a Sháirsint,’ arsa an Maorsháirsint. ‘Tá a fhios agam cad é a tharlóidh dóibh. Ach níl neart air. Tá muid san arm, a Sháirsint, agus ní gá dom a chur i gcuimhne duit nach bhfuil dul thar orduithe.’

‘Ach tá a fhios agat an úsáid a bhainfidh siad astu,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní, is ar éigean a bhí sé ábalta an déistin ina ghlór a chur faoi cheilt. ‘Tá na mílte dár gcuid capall amuigh anseo sa Fhrainc, a dhuine uasail. Is seansaighdiúirí cogaidh iad. An bhfuil tú ag iarraidh a rá, i ndiaidh an méid ar tháinig siad tríd, i ndiaidh an méid aire a thug muid dóibh, i ndiaidh an méid a rinne tú féin, a dhuine uasail – go dtiocfaidh deireadh leo ar an dóigh sin? Ní thig liom a chreidiúint go bhfuil siad i ndáiríre, a dhuine uasail.’

‘Bhuel, is eagal liom go bhfuil,’ arsa an

maorsháirsint go teann. ‘Tá seans ann go dtiocfaidh deireadh le cuid acu ar an dóigh a maíonn tú – ní thig liom é sin a shéanadh, a Sháirsint. Tá sé de cheart agat a bheith feargach, de cheart ar fad. Níl mé féin róshásta leis an tsocrú, mar a shílfeá féin. Ach faoin am seo amárach beidh an chuid is mó de na capaill seo díolta, agus beidh muid féin ag imeacht linn anóirthear. Agus tá a fhios agat, a Sháirsint, agus tá a fhios agam féin, nach bhfuil a dhath a thig liom a dhéanamh faoi dtaobh de.’

Chualathas glór Albert ag teacht trasna an chlóis agus é ag scairteadh in ard a chinn. ‘Cad é, iad uilig, a dhuine uasail? Gach capall acu? Fiú Joey ar thug muid ar ais ón mharbh é? Fiú eisean?’

Níor labhair an Maorsháirsint Martin, ach thiontaigh ar a sháil agus d’imigh sé leis.

CAIBIDIL 20

BHÍ ATMAISFÉAR DAINGEAN NA comhcheilge le mothú sa chlós an lá sin. Bhí fir ag labhairt i gcogar le chéile, an fhearhainn ag rith anuas ar a gcótaí móra liatha agus iad fliuch báite, cábaí a gcótaí fillte suas lena muineál a chosaint ar an fhearhainn, iad teannta le chéile go dlúth, a nglórtha íseal agus dáiríre. Bhí an chuma ar an scéal nár thug Albert faoi deara mé an lá ar fad. Ní labhródh sé liom agus ní amharcfadh sé orm ach é ag deifriú lena dhualgais lae a chur i gcrích, an t-aoileach a ghlanadh amach, ag bailiú an fhéir agus ag cur cóir orm, agus é faoi ghruaim gan focal as. Bhí a fhios agam, mar a bhí a fhios ag gach capall sa chlós go raibh muid faoi

bhagairt. Bhí mo chroí i mo bhéal le heagla.

Thit scamall dubh tuarúil ar an chlós an mhaidin sin agus ní thiocfadh le capall ar bith againn a bheith ar ár suaimhneas inár stáblaí. Nuair a seoladh amach muid faoi choinne aclaíochta, bhí muid neirbhíseach sceiteach, agus dála na saighdiúirí eile bhí Albert mífhoighneach linn, ag tabhairt tarraingt thobann do m'adhashtar, rud nach ndearna sé riamh roimhe.

Nuair a tháinig an tráthnóna sin bhí na fir go fóill ag labhairt lena chéile ach faoin am seo bhí an Sáirsint Ó Tóirní ina gcuideachta agus sheas siad uilig le chéile sa chlós le coim na hoíche. Is ar éigean a bhí mé ábalta loinnir an airgid a fheiceáil ina lámha. D'iompair an Sáirsint Ó Tóirní bosca beag stáin a chuir sé thart ar na fir, ó dhuine go duine agus chuala mé gliogar an airgid agus na boinn ag titim isteach sa bhosca. Tháinig deireadh leis an fheartainn agus bhí an oíche chomh ciúin sin go dtiocfadh liom go díreach guth garbh Sháirsint Uí Thóirní a dhéanamh amach. 'Rinne muid ár seacht ndícheall, a fheara,' ar seisean. 'Ní mórán é, níl mórán againn ar ndóigh, an bhfuil? Ní éiríonn duine ar bith saibhir san arm seo. Déanfaidh mise an tairiscint air faoi mar a dúirt mé – tá sé in éadan orduithe, ach mar sin féin

déanfaidh mé é. Níl mé ag tabhairt gealltanais ar bith bíodh a fhios agaibh.’ Stad sé agus d’amharc sé thar a ghualainn sular lean sé leis. ‘Ní cóir dom é seo a insint daoibh – d’iarr an Maorsháirsint orm gan é a rá libh – agus ná bíodh aon dul amú oraibh, níl sé de nós agam orduithe ó na hoifigigh a shárú. Ach tá an cogadh thart, agus cibé ar bith bhí an t-ordú seo mar a bheadh comhairle ann, mar a déarfá. Mar sin de, tá mé á insint seo daoibh ar an ábhar nár mhaith liom go mbeadh drochmheas agaibh ar an Mhaorsháirsint. Tá a fhios aige go maith cad é atá ag dul ar aghaidh. Leis an fhírinne a dhéanamh, smaoiniamh s’aige a bhí ann ó thus go deireadh. Eisean a d’inis domsa é a mholadh daoibhse sa chéad dul síos. Agus ar a bharr sin, a fheara, thug sé gach pingin dá chuid pá a bhí curtha i dtaisce aige dúinn – an phingin dheireanach. Ní mórán é, ach beidh sé ina chuidiú. Ar ndóigh ní gá dom a insint daoibh nach labhraíonn duine ar bith againn focal maidir leis seo, focal ar bith. Dá mbeadh an scéal seo amuigh bheadh sé san fhaopach, ár ndála féin uilig. Mar sin de, is binn béal ina thost, an bhfuil sé sin soiléir?’

‘An bhfuil go leor agat, a Sháirsint?’ D’aithin mé gurbh é Albert a labhair.

‘Tá súil as agam, a mhic,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní, agus é ag croitheadh an bhosca stáin. ‘Tá súil as agam. Anois ba chóir dúinne uilig néal codlata a fháil. Tá mé ag iarraidh go mbeidh sibhse, a fhágálacha, in bhur suí breá luath ar maidin ionas go mbeidh cuma iontach ar na capaill sin. Is é an rud deireanach a dhéanfaidh muid ar a son, a laghad a thig linn a dhéanamh dóibh, dar liom.’

Agus mar sin de, scaip an slua, na fir ag imeacht leo ina mbeirteanna nó ina dtriúir, cruit curtha acu ar a nguailí agus a lámha go domhain i bpócaí a gcótaí móra liatha mar chosaint ar an fhuacht. Ní raibh ach fear amháin fágtha ina sheasamh leis féin i lár an chlóis. Sheas sé ar feadh bomaite ag amharc suas ar an spéir sular shiúil sé anonn i dtreo mo stábla. D’aithin mé ar a shiúl gurbh é Albert é – siúl longadánach an fheirmeora, gan an nós aige na glúine a dhíriú agus é ag siúl. Bhrúigh sé siar a chaipín speiceach agus é ag cromadh thar chomhla an stábla. ‘Rinne mé mo sheacht ndícheall, a Joey,’ ar seisean. ‘Rinne muid uilig. Ní thig liom rud ar bith eile a insint duit cionn is go bhfuil a fhios agam go dtuigfeá gach focal a déarfainn, agus bheifeá do do chrá féin. Ní thig liom fiú gealltanais a thabhairt duit an iarraidh seo, a Joey,

an dóigh ar thug mé ceann duit nuair a dhíol Athair leis an arm thú. Ní thig liom gealltanais a thabhairt duit de bhrí nach bhfuil a fhios agam cé acu a thig liom é a chomhlíonadh nó nach dtig. D’iarr mé cuidiú ar Sháirsint Ó Tóirní agus chuidigh sé. D’iarr mé cuidiú ar an Mhaorsháirsint agus chuidigh sé. Agus anois díreach d’iarr mé cuidiú ar Dhia, mar, i ndeireadh na dála, is Airsean atá sé uilig ag brath. Rinne muidne ár seacht ndícheall, níl dabht ar bith ann faoi sin. Is cuimhin liom gur inis Iníon Wirtle dom tráth dá raibh thiar i Scoil an Domhnaigh: “Cuidíonn Dia leo siúd a chuidíonn leo féin”. Seanchailleach a bhí inti, ach i gcead di bhí an scríoptúr ar eolas aici. Go mbeannaí Dia thú, a Joey. Codladh sámh.’ Agus shín sé amach a dhorn druidte gur chuimil sé mo shoc, agus ansin shlíoc sé mo chluasa ceann i ndiaidh a chéile sular fhág sé liom féin mé i ndorchadas an stábla. Ba é sin an chéad uair a labhair sé liom ar an dóigh sin ón lá a tuairiscíodh gur maraíodh David, agus théigh sé cochall mo chroí le bheith ag éisteacht leis.

Tháinig bánú an lae agus gathanna gréine a chaith scáth na gcrann poibleoige fada tanaí ar na clocha duirlinge a bhí ag lonrú agus an sioc orthu.

Bhí Albert ina shuí leis an chuid eile sular fógraíodh

am dúiseachta. Agus faoin am ar tháinig na chéad cheannaithe isteach sa chlós ina gcairteacha agus ina gcarranna, bhí mé cothaithe agus tugadh deoch dom agus cuireadh cóir orm chomh díograiseach sin go raibh mo chóta geimhridh a raibh dath donnrua air ag lonrú agus mé á sheoladh amach faoi ghrian na maidine.

Bhí na ceannaithe cruinnithe i lár an chlóis, agus muid á seoladh amach, an chuid againn a bhí ábalta siúl, agus seoladh muid ar imlíne an chlóis i máirseáil mhór, sular tugadh amach muid, capall i ndiaidh an chapail le seasamh os comhair an cheantálaí agus na gceannaithe. Bhí mé féin ag fanacht i mo stábla arís ag amharc ar gach capall sa chlós a díoladh romham. Is cosúil gur mise, an capall deireanach a bhí le tabhairt amach. Bhris allas fiabhrasach amach orm nuair a chuimhnigh mé ar cheant eile a tharla blianta roimhe sin, ach chuir mé brú orm féin smaoineamh ar fhocail Albert a bhí ina údar misnigh dom an oíche roimhe, agus i gceann tamaill tháinig suaimeanas orm. Agus mar sin de, nuair a sheol Albert mé isteach sa chlós bhí mé socair agus is go réidh a shiúil mé. Bhí muinín mhór agam as, d'aithin mé a dhílseacht agus é ag slíocadh mo mhuiníl go cineálta agus ag

labhairt liom i gcogar go rúnda isteach i mo chluas. Rinne na ceannaithe comhartha a bhí inchluite agus infheicthe go raibh siad sásta agus é ag siúl liom thart i gciorcal cúng, mo stopadh sa deireadh os comhair líne d’aghaidheanna dearga roicneacha a raibh súile santacha amplacha orthu. Ansin i measc an tslua de cheannaithe a raibh cótaí agus hataí smolchaite orthu, thug mé faoi deara corp ard socair an tSáirsint Uí Thóirní ina sheasamh agus é le feiceáil os cionn gach duine, agus ar thaobh amháin sheas gach ball den aonad tréidliachta i líne i gcoinne an bhalla ag amharc ar an méid a bhí ag dul ar aghaidh agus an-ímní orthu. Thosaigh daoine a dhéanamh tairiscintí orm.

Ba léir go raibh an-ráchairt orm mar bhí na tairiscintí á ndéanamh orm go gasta ón tús, ach de réir mar a tháinig ardú ar an phraghas thiocthadh liom tuilleadh fear a fheiceáil ag croitheadh a gcloiginn agus ba ghairid go raibh an chosúlacht ar a scéal nach raibh fágtha ach beirt tairgeoirí. Bhí an Seansáirsint Ó Tóirní ina dhuine acu, a leagfadh a mhaide ar imeall a chaipín, beagnach mar a bheadh cúirtéis ann, lena thairiscint a dhéanamh orm; agus reanglamán a bhí san fhear eile a raibh súile aige mar a bheadh ag

easóg agus a raibh aoibh an gháire air a raibh cuma oile agus sainte uirthi gur ar éigean a thioctadh liom amharc air. Bhí an praghas ag ardú i rith an ama. ‘Tá tairiscint agam anseo, fiche a cúig, fiche a sé. Ag fiche a seacht. Fiche a seacht atá á thairiscint. Ar thaobh na láimhe deise anseo. Tá tairiscint agam anseo, fiche a seacht. Tairiscintí ar bith eile le bhur dtoil? Tá an tairiscint in éadan an tSáirsint anseo, fiche a seacht. Tairiscintí ar bith eile le bhur dtoil? Is ainmhi breá óg é, mar a fheiceann sibh. Is cinnte gur fiú níos mó ná sin é. Tairiscintí ar bith eile le bhur dtoil?’ Ach bhí an Sáirsint ag croitheadh a chinn anois, a shúile ag amharc síos ar an talamh agus fios aige go raibh sé ag dul a chailleadh.

‘Ó a Dhia, ná lig dó a tharla,’ chuala mé Albert a rá de chogar in aice liom. ‘Ó a Dhia, ná lig dósan é a cheannach. Is duine acu é, a Joey. Tá sé ag ceannach leis ó bhí an mhaidin ann. Deir Seansáirsint Ó Tóirní gurb é an búistéir é as Cambrai. Ó a Dhia, ná lig dó.’

‘Bhuel, mura bhfuil tairiscintí ar bith eile ann, tá mé ag dul a dhíol le Monsieur Cirac as Cambrai ar sheacht bpunt Shasanacha is fiche. An é sin an tairiscint dheireanach? Á dhíol mar sin ar sheacht bpunt is fiche. Uair amháin, dhá uair ...’

‘Fiche a hocht,’ arsa duine as measc na gceannaithe, agus chonaic mé seandúine geal liath a bhí ag baint taca mór as a bhata á chur féin chun tosaigh, ag tarraingt na gcos go mall chun tosaigh síos trí na ceannaithe go dtí go raibh sé ina sheasamh os a gcomhair. ‘Tá mise ag déanamh tairiscint air, ocht bpunt Shasanacha is fiche,’ arsa an seandúine, ag labhairt i mBéarla briste. ‘Agus coinneoidh mé ag déanamh tairiscintí air is cuma cé chomh fada agus a ghlacann sé nó cé chomh hard agus a bhíonn sé, tá mé ag cur comhairle do leasa ort, a dhuine uasail,’ ar seisean agus é ag tiontú le labhairt leis an bhúistéir as Cambrai. ‘Cuirim comhairle ort gan iarracht a dhéanamh tairiscint níos airde ná mise a dhéanamh. Íocfaidh mé céad punt ar an chapall seo más gá dom. Ní bheidh an capall seo ag duine ar bith eile, ach amháin agam féin. Is é seo capall Emilie s’agamsa. Is léi de cheart é.’ Sular luaigh sé a hainm ní raibh mé iomlán cinnte de nár chuir mo shúile agus mo chluasa an dallamullóg orm, cionn is go raibh an seandúine anonn go maith in aois ón uair dheireanach a leag mise súil air, agus labhair sé níos ísle agus bhí a ghuth níos laige ná an chuimhne a bhí agam air. Anois, áfach, bhí mé cinnte de. Seanathair Emilie

a bhí ann go cinnte ina sheasamh os mo chomhair, agus a chár teannta ar a chéile le díograis, a shúile ag stánadh thart air, ag tabhairt dúshláin do dhuine ar bith tairiscint níos airde a dhéanamh orm ná eisean. Níor labhair duine focal. Chroith an búistéir as Cambrai a chloigeann agus thiontaigh sé thart. Cuireadh fiú an ceantálaí féin ina thost, agus bhí moill ann sular bhuail sé a chasúr ar an tábla agus bhí mise díolta.

CAIBIDIL 21

BHÍ CUMA BHRÓNACH AR AGHAIDH AN tSáirsint Uí Thóirní, cé gur thuig sé nach raibh rogha ar bith ann, agus eisean agus an Maorsháirsint ag labhairt le seanathair Emilie i ndiaidh an aonaigh. Ní raibh capall ar bith sa chlós anois agus bhí na ceannaithe uilig ag tiomáint ar shiúl. Sheas Albert agus a chairde thart orm agus iad uilig ag déanamh comhbhróin le chéile, iad uilig ag iarraidh misneach a chur in Albert. ‘Ná bí buartha, a Albert,’ arsa duine acu. ‘I ndeireadh na dála, thiocfadh leis a bheith níos measa, nach dtiocfadh? Tá mé á rá go bhfuil níos mó ná leathchuid dár gcuid capall ar shiúl chuig na búistéirí agus is cinnte an méid sin. Ar a laghad tá

a fhios againn go bhfuil Joey slán sábháilte leis an tseanfheirmeoir sin.’

‘Cad é mar atá a fhios agat sin?’ a d’fhiafraigh Albert. ‘Cad é mar atá a fhios agat gur feirmeoir é?’

‘Chuala mé é á rá sin leis an tSeansáirsint Ó Tóirní, nár chuala? Chuala mé é á rá go bhfuil feirm thíos sa ghleann aige. D’inis sé don tSeansáirsint Ó Tóirní nach mbeadh ar Joey lá oibre a dhéanamh choíche arís slán a bheas sé. Bhí sé ag rámhailigh leis faoi chailín ar tugadh Emilie nó ainm éigin mar sin uirthi. Níor thuig mé a leath den méid á bhí sé á rá.’

‘Níl a fhios agam cad é an bharúil atá agam air,’ arsa Albert. ‘Tá an chuma air go bhfuil sé ina ghealtghlan, an dóigh a dtéann sé ar aghaidh. “Is le Emilie an capall seo de cheart” – cibé duine ise – nárbh é sin an rud a dúirt an seandúine? Cad é faoi Dhia a bhí i gceist aige ansin? Más le duine ar bith é a Joey, de cheart, is leis an arm é, agus mura leis an arm é, is liomsa é.’

‘B’fherr duitse an cheist a chur air, a Albert,’ arsa duine éigin eile. ‘Seo do sheans. Tá sé ag teacht an bealach seo leis an Mhaorsháirsint agus leis an tSeansáirsint Ó Tóirní.’

Agus bhí Albert ina sheasamh ansin a lámh faoi

mo smíg aige, agus an lámh eile á síneadh amach aige le mé a chuimilt ar chúl mo chluaise, go díreach agus fios maith aige ar an áit is mó a thaitin liom. Agus an Maorsháirsint ag teacht níos cóngaraí, áfach, bhain sé a lámh ar shiúl uaim, sheas go díreach agus rinne cúirtéis go pointeáilte. ‘Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail,’ ar seisean. ‘Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leat as an méid a rinne tú, a dhuine uasail. Tá a fhios agam an méid a rinne tú, a dhuine uasail, agus tá mé fíorbhuíoch díot. Níl an locht ortsa nár éirigh linn é a fháil, ach go raibh míle maith agat, a dhuine uasail, mar sin féin.’

‘Níl a fhios agam cad é air a bhfuil seisean ag caint,’ arsa an Maorsháirsint Martin. ‘An bhfuil a fhios agatsa, a Sháirsint?’

‘Níl barúil agam, a dhuine uasail,’ arsa an Sáirsint Ó Tóirní. ‘Is é sin an dóigh a dtéann siad ar aghaidh a dhuine uasail, na buachaillí feirme seo. Ar an ábhar gur tógadh ar an leann úll iad in áit an bhainne. Is fíor sin, a dhuine uasail, cuireann sé ar strae iad, a dhuine uasail. Caithfidh sé go gcuireann, nach gcaithfidh?’

‘Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail,’ arsa Albert ag leanúint leis, agus iontas air lena mbaois. ‘Ba mhaith liom ceist a chur ar an Fhrancach, a dhuine

uasail, ó tharla gurbh eisean a cheannaigh Joey s'agamsa. Ba mhaith liom ceist a chur air faoin méid a dúirt sé, a dhuine, faoin Emilie seo, nó cibé ainm atá uirthi.'

'Is scéal fada é,' arsa an Maorsháirsint Martin, agus thiontaigh sé gur labhair sé leis an tseandúine féin. 'B'fhéidir gur mhaith leat féin an scéal a insint dó, Monsieur? Is é seo an fear óg a raibh muid ag caint air, Monsieur, an duine a d'fhás aníos leis an chapall agus a tháinig an bealach ar fad chun na Fraince ar a lorg.'

Sheas seanathair Emilie ag stánadh go géar suas ar Albert faoina mhaláí bána scothánacha, agus ansin tháinig athrú ar a aghaidh agus shín sé amach a lámh agus tháinig aoibh an gháire air. Cé go raibh iontas ar Albert, shín sé a lámh amach agus chroith sé a lámh. 'Mar sin de, a fhir óig. Tá cosúlachtaí againn lena chéile, mise agus tusa. Is Francach mise agus is Sasanach tusa. Is fíor go bhfuil mise sean agus go bhfuil tusa óg. Ach tá grá againn beirt ar an chapall seo, nach bhfuil? Agus d'inis an t-oifigeach seo dom gur feirmeoir sa bhaile i Sasana tú, mo dhála féin anseo. Is í an tslí bheatha is fearr í, agus deirimse sin agus taithí na mblianta agam uirthi. Cad é a

choinníonn tú ar d'fheirm?’

‘Caoirigh, a dhuine uasail, den chuid is mó. Roinnt mart agus roinnt muc,’ arsa Albert. ‘Treabhaim roinnt gort eorna fosta.’

‘Mar sin de, tusa a bhí ann a chuir oiliúint feirme ar an chapall seo?’ arsa an seanduíne. ‘Is maith a chuir tú air í a mhic, an-mhaith. Feictear dom ó do shúile go bhfuil ceist agat agus inseoidh mé cad é mar atá a fhios agam sula gcuirfidh tú an cheist. Is seanchairde muidne, mise agus do chapall. Tháinig sé a chónaí linne – tamall fada ó shin a bhí ann anois, tamall gairid i ndiaidh don chogadh tosú. Tháinig na Gearmánaigh air agus bhain siadsan úsáid as lena gcairteacha othar a tharraingt ón otharlann chuig an líne thosaigh agus ar ais arís. Bhí capall breá eile ina chuideachta, capall mór dubh lonrach, agus tháinig an bheirt acu a chónaí ar ár bhfeirm a bhí cóngarach d’otharlann mhachaire na nGearmánach. Thug mo ghariníon bheag, Emilie, aire dóibh agus bhí grá aici dóibh mar an grá a bheadh aici dá teaghlach féin. Ba mise an t-aon bhall teaghlaigh a bhí fágtha aici – sciob an cogadh an chuid eile leis. Bhí na capaill ina gcónaí linn ar feadh bliana, b’fhéidir, b’fhéidir níos lú – is cuma. Bhí na Gearmánaigh cineálta agus

thug siad na capaill dúinn nuair a d'imigh siad, agus mar sin de, ba linne iad, ba le Emilie agus liom féin iad. 'Ansin tamall ina dhiaidh sin tháinig siad ar ais, Gearmánaigh dhifriúla, ní raibh siadsan cineálta, murab ionann agus na Gearmánaigh eile; bhí capaill de dhíth orthu lena ngunnaí móra a tharraingt agus mar sin de, thug siad ár gcuid capall leo nuair a d'imigh siad. Ní raibh neart agam air. Ina dhiaidh sin ní raibh fonn ar Emilie s'agamsa fanacht ina beatha. Girseach bheag thinn a bhí inti ar scor ar bith, ach anois agus a teaghlach marbh agus a teaghlach nua sciobtha uaithi, ní raibh fáth ar bith aici lena seal a thabhairt ar an tsaol seo. Is é an rud a tharla ná gur éirigh sí an-lag agus meata agus go bhfuair sí bás an bhliain seo a chuaigh thart. Ní raibh ach cúig bliana déag d'aois slánaithe aici. Ach sula bhfuair sí bás chuir sí fiachadh orm gealltanais a thabhairt go dtiocfainn ar na capaill ar dhóigh éigin agus go dtabharfainn aire dóibh. D'fhreastail mé ar an oiread sin aontaí capall, ach níor tháinig mé ar an cheann eile riamh, an ceann dubh. Anois, áfach, faoi dheireadh tháinig mé ar cheann acu a thig liom a thabhairt abhaile le haire a thabhairt dó faoi mar a gheall mé d'Emilie.'

Chrom sé chun tosaigh agus bhain sé tuilleadh

taca as a bhata lena dhá lámh. Labhair sé go mall, ag roghnú a chuid focal go cúramach. ‘A Shasanaigh,’ ar seisean. ‘Is feirmeoir tusa, feirmeoir de chuid na Breataine agus tuigfidh tú nach dtugann feirmeoir rud ar bith uaidh, bíodh sé ina fheirmeoir de chuid na Breataine nó de chuid na Fraince – nó fiú ina fheirmeoir de chuid na Beilge. Níl sé ar a acmhainn. Caithfidh muid a bheith beo, nach gcaithfidh? D’inis an Maorsháirsint agus an Sáirsint dom cé chomh ceanúil agus atá tú ar an chapall seo. D’inis siad dom faoin dóigh a ndearna gach duine de na fir seo a ndícheall an capall a cheannach. Sílimse gurb uasal an gníomh é. Sílim go mbeadh Emilie s’agamsa sásta leis sin. Sílim go dtuigfeadh sí, gur mhaith léi an rud atá mé ag dul a dhéanamh anois. Is seandúine anois mé. Cad é a dhéanfainn le capall Emilie? Ní thig leis an chuid eile dá shaol a chaitheamh ag éirí ramhar, agus roimh i bhfad beidh mise ró-aosta le haire a thabhairt dó cibé ar bith. Agus más buan an chuimhne atá agam air, agus is buan, tá an-dúil san obair aige, nach bhfuil? Tá – cad é mar a deir tú é – tá tairiscint agam duit. Díolfaidh mé capall Emilie leat.’

‘Díolfaidh?’ arsa Albert. ‘Ach níl mo sháith airgid agam le tabhairt duit. Caithfidh sé go bhfuil a fhios

agat sin. Níor bhailigh muid ach sé phunt is fiche eadrainn uilig agus dhíol tusa ocht bpunt is fiche. Cad é mar is féidir liom é a cheannach uait?’

‘Ní thuigeann tú, a chara,’ arsa an seandúine ag coinneáil cluain ar a ghéire. ‘Ní thuigeann tú ar chor ar bith. Díolfaidh mé an capall seo leat ar phingin Shasanach amháin, má gheallann tú – go mbeidh an oiread céanna grá i gcónaí agat ar an chapall seo agus a bhí ag Emilie air agus go dtabharfaidh tú aire dó go deireadh a shaoil; agus ar a bharr sin, tá mé ag iarraidh ort a insint do gach duine faoi Emilie agus faoin dóigh ar thug sise aire do Joey agus don chapall mhór dhubh nuair a tháinig siad a chónaí linn. An dtuigeann tú, a chara, ba mhaith liom go bhfanfadh Emilie s’agamsa beo i gcroíthe na ndaoine. Ní fada go bhfaighidh mise bás, i gceann roinnt blianta, ní níos mó ná sin; agus ina dhiaidh sin ní bheidh cuimhne ag aon duine ar Emilie ná ar an dóigh a raibh sí. Níl ball ar bith eile den teaghlach go fóill beo lena cuimhne a choinneáil beo. Ní bheidh inti ach ainm ar leac uaigne nach léifidh duine ar bith. Mar sin de, tá mé ag iarraidh ort a insint do do chuid cairde uilig sa bhaile faoi Emilie s’agamsa. Sin nó beidh sé amhail is nár mhair sí ar chor ar bith. An inseoidh tú dóibh fúithi?’

Ar an dóigh sin beidh sí beo go deo agus is é sin an rud ba mhaith liom. An bhfuil margadh againn?’

Ní dúirt Albert rud ar bith faoi cionn is go raibh tocht ar a chroí nár lig dó labhairt. Ní dhearna sé ach a lámh a shíneadh amach mar chomhartha go raibh sé ag glacadh leis an mhargadh; ach rinne an seandúine neamhaird uirthi, chuir seisean a lámha ar ghuailí Albert agus phóg sé ar an dá leiceann é. ‘Go raibh maith agat,’ ar seisean. Agus ansin thiontaigh sé agus chroith sé lámh le gach saighdiúir san aonad. Sa deireadh shiúil sé ar ais go bacach chugam agus sheas os mo chomhair amach. ‘Slán leat, a chara,’ ar seisean, agus thug sé póg bheag dom go cineálta ar mo shrón. ‘Sin ó Emilie,’ ar seisean agus ansin shiúil sé uaim. Níor shiúil sé ach roinnt coiscéimeanna sular stad sé gur thiontaigh sé thart. Ansin agus é ag luascadh a bhata, agus meangadh ar a aghaidh amhail is go raibh sé ag cur rud éigin ina leith, ar seisean. ‘Is fíor an méid a deir muidne, nach bhfuil ach rud amháin ann a bhfuil na Sasanaigh níos fearr aige ná na Francaigh. Tá siad níos suaraí. Níor thug tú an phingin Shasanach dom, a chara.’ Bhain an Sáirsint Ó Tóirní pingin amach as an bhosca stáin agus thug do Albert é, a rith anonn chuig seanathair Emilie.

‘Is luachmhar liom í,’ arsa an seandúine. ‘Is luachmhar liom go deo í.’

Agus mar sin de, tháinig mé abhaile ón chogadh ag an Nollaig agus Albert ag marcaíocht orm suas isteach sa tsráidbhaile, agus bhí an banna ceoil airgid as Hatherleigh ann agus bualadh caithréimeach chloigíní na heaglaise le cluinstitín le fáilte mhór a chur romhainn. Cuireadh fearadh na fáilte romhainn beirt amhail is gur laochra caithréimeacha a bhí ionainn, ach bhí a fhios againn beirt nár fhíll na fíorlaochra, go raibh siad ina luí amuigh sa Fhrainc in aice leis an Chaptaen Nicholls, Tophorn, Friedrich, David agus Emilie bheag.

Phós Albert Maisie Cobbledick faoi mar a gheall sé. Ach ní dóigh liom gur éirigh sí riamh tugtha domsa, ná mise di, i dtaca leis sin de. B’fhéidir go raibh éad orainn araon lena chéile. D’fhíll mé ar mo chuid oibre ag saothrú an talaimh le sean Zoey dhil a raibh an chuma uirthi nach ndeachaigh sí anonn in aois ná nár tháinig tuirse uirthi in am ar bith; agus bhí Albert i mbun na feirme arís agus thosaigh sé a bhualadh a chloigíní teanóir arís. Labhair sé liom ar chuid mhaith rudaí ina dhiaidh sin, ar a athair a bhí

ag dul anonn in aois, duine a bhí an-cheanúil orm anois beagnach chomh mór céanna agus a bhí sé ar a gharpháistí féin, agus ar athruithe na haimsire agus na margáí, agus ar ndóigh ar Maisie, a raibh a cuid arán crústúil chomh blasta agus a dúirt sé. Agus cé gur minic go ndearna mé iarracht, níor bhlais mé riamh ceann ar bith dá cuid cístí agus an bhfuil a fhios agat, níor thairg sí ceann ar bith riamh dom fiú.



Capall Cogaidh

Chonaic mé na saighdiúirí liatha a bhí chun tosaigh orainn ag ardú a gcuid raidhfilí agus chuala mé pléascadh an mheaisínghunna ag fógairt an bháis ...'

Is scéal cumhachtach é seo faoin dlúthchairdeas is dílse le linn an chogaidh is measa, le Michael Morpurgo, údar a bhfuil a lán duaiseanna buaite aige agus Iar-Chraobh-Údar na bPáistí.

Is mórscannán é anois, stiúrtha ag Steven Spielberg, a bhfuil roinnt *Oscar* buaite aige.

MICHAEL MORPURGO
An Scothscéalaí

Pictiúr an Chlúdaigh © National Theatre

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234

Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

